

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/2554 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2022

maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa ré dhigiteach, leis an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) tacaítear le córais chasta a úsáidtear le haghaidh ghnáthghníomhaíochtaí laethúla. Coinnítear léi ár ngeilleagair ag imeacht i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear an earnáil airgeadais, agus cuirtear léi le feidmiú an mhargaidh inmheánaigh. Le digiteáil bhreise agus idircheangailteacht bhreise cuirtear leis an riosca TFC freisin, rud a fhágann go mbíonn an tsochaí ina hiomláine, agus an córas airgeadais go háirithe, níos leochail i leith cibearbhagairtí nó bristeacha TFC. Cé gur bunghnéithe sa lá atá inniu ann de ghníomhaíochtaí de chuid eintitis airgeadais an Aontais an úsáid uileláithreach a bhaintear as córais TFC agus ardleibhéal digiteála agus nascachta, ní mór aird níos mó a thabhairt ar a n-athléimneacht dhigiteach agus iad a chomhtháthú ina gcreataí oibríochtúla níos leithne a thuilleadh.
- (2) Tá ról ríthábhachtach bainte amach ag an úsáid a bhaintear as TFC maidir le soláthar seirbhísí airgeadais le cúpla scór bliain anuas – chomh tábhachtach sin go bhfuil tábhacht chriticiúil ag TFC sa lá atá inniu ann anois in oibriú gnáthfheidhmeanna laethúla gach eintitis airgeadais. Cuimsítear leis an digiteáil sa lá atá inniu ann, mar shampla, íocaíochtaí, atá ag aistriú níos mó ó mhodhanna airgid thirim agus páipéarbhunaithe go húsáid réiteach digiteach, chomh maith le himréiteach agus socraíocht urrús, trádáil leictreonach agus algartamach, oibríochtaí iasachtaithe agus cistiúcháin, airgeadas idir piaraí, rátáil chreidmheasa, bainistíocht éileamh agus oibríochtaí cúloifige. Athraíodh

⁽¹⁾ IO C 343, 26.8.2021, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 155, 30.4.2021, lch. 38.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa 10 Samhain 2022 (nár foilsíodh san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 28 Samhain 2022.

earnáil an árachais ó bhonn freisin trí úsáid a bhaint as TFC, ó idirghabhálaithe árachais a bheith ag teacht chun cinn chun a seirbhísí a chur ar fáil ar líne agus iad ag baint úsáid as InsurTech, go dtí árachas a bheith á fhrithealladh go digiteach. Ní hamháin go bhfuil cúrsaí airgeadais tar éis éirí digiteach den chuid is mó ar fud na hearnála go léir ach, ina theannta sin, chuir an digiteáil le hidirnáis agus spleáchais laistigh den earnáil airgeadais agus le bonneagar agus soláthraithe seirbhísí tríú páirtí.

- (3) I dtuarascáil in 2020 inar tugadh aghaidh ar an gcibir-riosca sistéamach, d'athdhearbhaigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go bhféadfadh an leibhéal ard idircheangailteachta atá ann cheana idir eintitis airgeadais, margaí airgeadais agus bonneagair an mhargaidh airgeadais, agus go háirithe idirspleáchas a gcóras TFC, a bheith ina leochaileacht shistéamach toisc go bhféadfadh cibirtheagmhais logánta scaipeadh go tapa ó cheann ar bith den tuairim agus 22 000 eintiteas airgeadais san Aontas go dtí an córas airgeadais ina iomláine, gan teorainneacha tíreolaíoch a bheith ina mbac orthu. Ní ar eintitis airgeadais amháin a théann sárúithe tromchúiseacha TFC in earnáil an airgeadais i bhfeidhm. Réitíonn siad an bealach freisin do scaipeadh na leochaileachtaí logánta ar fud na gcainéal tarchurtha airgeadais, agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le hiarmhairtí díobhálacha do chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais, amhail fuadar leachtachta agus cailteanas foriomlán muiníne agus iontaobhais sna margaí airgeadais a ghiniúint.
- (4) Le blianta beaga anuas, tharraing riosca TFC aird lucht ceaptha beartas, rialtóirí agus comhlachtaí socraithe caighdeán ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta mar iarracht chun an athléimneacht dhigiteach a fheabhsú, caighdeán a leagan síos agus obair rialála nó mhaoirseachta a chomhordú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá sé d'aidhm ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, an Coiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, an Institiúid um Chobhsaíocht Airgeadais, mar aon le G7 agus G20 uirlisí a chur ar fáil d'údarás inniúla agus oibreoirí margaidh i ndlínsí éagsúla chun cur le hathléimneacht a gcuid córas airgeadais. Bhí an obair sin bunaithe freisin ar an ngá atá le breithniú cuí a dhéanamh ar riosca TFC i gcomhthéacs an chórais dhomhanda airgeadais atá an-idirnasctha agus chun níos mó comhsheasmhachta a lorg maidir leis na dea-chleachtais ábhartha.
- (5) D'ainneoin tionscnaimh spriocdhírithé bheartais agus reachtaíochta de chuid an Aontais agus go náisiúnta, cuireann riosca TFC dúshlán i gcónaí roimh athléimneacht oibríochtúil, feidhmíocht agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais. Leis na hathchóirithe a d'eascair as géarchéim airgeadais 2008, neartaíodh athléimneacht airgeadais earnáil airgeadais an Aontais go príomha, agus ba é ab aidhm dóibh iomaíochas agus cobhsaíocht an Aontais a chosaint ó thaobh gnéithe eacnamaíoch, stuamachta agus iompraíochta sa mhargadh de. Cé gur cuid den riosca oibríochtúil iad slándáil TFC agus an athléimneacht dhigiteach, ba lú a díriodh orthu i gclár oibre rialála iar-ghéarchéime airgeadais, agus níor forbraíodh iad ach amháin i réimsí áirithe de bheartas seirbhísí airgeadais agus de thórdhreach rialála an Aontais, nó i líon beag Ballstát amháin.
- (6) I dTeachtaireacht uaidh an 8 Márta 2018 dar teideal *FinTech Action Plan: For a more competitive and innovative European financial sector* [Plean Gníomhaíochta FinTech: Le haghaidh earnáil airgeadais Eorpach níos iomaíche agus níos nuálaíche], chuir an Coimisiún béim mhór ar a thábhachtaí atá sé earnáil airgeadais an Aontais a dhéanamh níos athléimní, lena n-áirítear ón taobh oibríochtúil de, chun a sábháilteacht teicneolaíochta agus a dea-fheidhmiú, agus a hathshlánú tapa ó shárúithe agus ó theagmhais TFC, a áirithiú, rud a fhágann gur deireadh gur féidir seirbhísí airgeadais a sholáthar go héifeachtach agus go rianúil ar fud an Aontais go léir, lena n-áirítear i staideanna struis, agus iontaobh agus muinín na dtomhaltóirí agus an mhargaidh á gcaomhnú freisin.
- (7) I mí Aibreáin 2019, chomheisigh an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), (ÚBE) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, an tÚdarás Maoirseachta Eorpach, (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), (ÚEÁPC)⁽⁵⁾ arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾ agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), (ÚEUM)⁽⁷⁾ arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ (a dtugtar ‘Údarás Mhaoirseachta Eorpacha’ nó ‘ÚMenna’ orthu i dteannta a chéile) comhairle theicniúil inar éilíodh cur chuige comhleánach i leith riosca TFC maidir le cúrsaí airgeadais agus inar moladh, ar bhealach comhréireach, athléimneacht dhigiteach oibríochtúil thionscal na seirbhísí airgeadais a neartú trí thionscnamh den Aontas a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin.

- (8) Déantar earnáil airgeadais an Aontais a rialáil le Leabhar Rialacha Aonair agus is faoi réir córas Eorpach maoirseachta airgeadais atá an earnáil. Mar sin féin, níl comhchuíbhiú iomlán ná comhsheasmhach déanta fós ar fhorálacha lena dtéitear i ngleic leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus le slándáil TFC, d’ainneoin go bhfuil an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil rithábhachtach le cobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh a áirithiú sa ré dhigiteach, agus í chomh tábhachtach céanna, mar shampla, le caighdeáin choiteanna maidir le stuamacht nó iompraíocht sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart an Leabhar Rialacha Aonair agus an córas maoirseachta a fhorbairt chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a chuimsiú freisin, trí shainorduithe na n-údarás inniúil a neartú ionas go gcuirfead ar a gcumas maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca TFC san earnáil airgeadais chun sláine agus éifeachtúlacht an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus a fheidhmiú ordúil a éascú.
- (9) Éagothromaíochtaí reachtacha agus cuir chuige mhíchothroma rialála nó mhaoirseachta náisiúnta i leith riosca TFC, is rudaí iad a spreagann bacainní ar fheidhmiú an mhargadh inmheánaigh i seirbhísí airgeadais, rud a chuireann bac ar fheidhmiú rianúil an chirt bunaióchta agus an chirt seirbhísí a sholáthar d’eintitis airgeadais a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann. D’fhéadfaí an iomaíocht idir an cineál céanna eintiteas airgeadais a bhíonn ag feidhmiú i mBallstáit éagsúla a shaobhadh freisin. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás réimsí ina bhfuil comhchuíbhiú an Aontais an-teoranta, amhail an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla, nó nach ann don chomhchuíbhiú sin, amhail faireachán ar riosca TFC tríú páirtí. D’fhéadfadh éagothromaíochtaí a eascraíonn as forbairtí a bheartaítear ar an leibhéal náisiúnta bacainní breise a chur roimh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a rachadh chun dochair do rannpháirtithe sa mhargadh agus don chobhsaíocht airgeadais.
- (10) Toisc nár tugadh aghaidh ar na forálacha a bhaineann le riosca TFC ar leibhéal an Aontais ach i bpáirt go dtí seo, tá bearnaí nó forluití ann i réimsí tábhachtacha amhail tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC agus tástáil athléimneachta digití oibríochtúla, agus tá neamhréireachtaí ann i ngeall ar rialacha náisiúnta éagsúla ag teacht chun cinn nó cur i bhfeidhm rialacha forluiteacha ar bhealach nach bhfuil éifeachtúil ó thaobh costais de. Is mór an díobháil sin go háirithe do dhian-úsáideoirí TFC amhail an earnáil airgeadais toisc nach mbíonn aon teorainn le rioscaí TFC agus bíonn a cuid seirbhísí á soláthar ag an earnáil airgeadais ar bhonn fairsing trasteorann laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Bíonn dúshlán oibríochta roimh eintitis airgeadais aonair a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann nó ag a bhfuil roinnt údaruithe (e.g. féadfaidh eintiteas airgeadais amháin ceadúnas baincfeireachta, ceadúnas gnólachta infheistíochta, agus ceadúnas institiúide íocaíochta a bheith aige, agus gach ceadúnas díobh eisithe ag údarás inniúil éagsúil in aon Bhallstát amháin nó níos mó) maidir le dul i ngleic le riosca TFC agus drochthionchair teagmhas TFC a mhaolú astu féin agus ar bhealach comhleánach costéifeachtach.
- (11) Ós rud é nach bhfuil creat cuimsitheach riosca TFC ná riosca oibríochtúil ag gabháil leis an Leabhar Rialacha Aonair, is gá comhchuíbhiú breise a dhéanamh ar na príomhcheanglais athléimneachta digití oibríochtúla le haghaidh gach eintitis airgeadais. Dá bhforbródh na heintitis airgeadais cumais TFC agus athléimneacht fhoriomlán, bunaithe ar na príomhcheanglais sin, d’fhonn éaradh oibríochta a sheasamh, chuideoidís sin le cobhsaíocht agus sláine mhargaí airgeadais an Aontais a chaomhnú agus, ar an gcaoi sin, rannchuideoidís le hardleibhéal cosanta a áirithiú d’infheisteoirí agus tomhaltóirí san Aontas. Ós rud é go bhfuil sé d’aidhm ag an Rialachán seo cur le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, is ar fhorálacha Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU) ba cheart é a bhunú, faoi mar a léirítear i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais).
- (12) Is é is aidhm don Rialachán seo na ceanglais maidir leis an riosca TFC a chomhdhlúthú agus a uasghrádú mar chuid de na ceanglais riosca oibríochtúil a dtugtar aghaidh orthu ar leithligh i ngníomhartha éagsúla dlí de chuid an Aontais go dtí seo. Cé gur cuimsíodh leis na gníomhartha sin na príomhchatagóirí riosca airgeadais (e.g. riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta an chontrapháirtí, riosca maidir le hiompraíocht sa mhargadh), ní dheachaigh siad i ngleic go cuimsitheach, an tráth a glacadh iad, le gach gné den athléimneacht oibríochtúil. Nuair a rinneadh forbairt bhreise ar na rialacha maidir le rioscaí oibríochtúla sna gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais, ba mhínic tús áite iontu do chur chuige cainníochtúil traidisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar riosca (eadhon ceanglas caipitil a leagan síos chun an riosca TFC a chumhdach) seachas

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

rialacha cáilíochtúla spriocdhírthe ar na cumais chosanta, bhraite, srianta, athshlánaithe agus deisithe in aghaidh teagmhais a bhaineann le TFC, nó ar na cumais tuairiscithe agus tástála digití. Ba é a bhí i gceist leis na gníomhartha sin go príomha rialacha bunriachtanacha maidir le maoirseacht stuamachta, sláine an mhargaidh nó iompraíocht sa mhargadh a chumhdach agus a thabhairt cothrom le dáta. Trí na rialacha éagsúla maidir le riosca TFC a chomhdhlúthú agus a uasghrádú, ba cheart a thabhairt le chéile den chéad uair ar bhealach comhsheasmhach in aon ghníomh reachtach amháin gach foráil lena dtugtar aghaidh ar an riosca digiteach san earnáil airgeadais. Dá réir sin, leis an Rialachán seo, líontar na bearnaí nó réitítear na neamhréireachtaí i gcuid de na gníomhartha dlí a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear i ndáil leis an téarmaíocht a úsáidtear iontu, agus déantar tagairt go sainráite do riosca TFC trí rialacha spriocdhírthe maidir le cumais bainistíochta riosca TFC, tuairisciú teagmhas, tástáil athléimneachta oibríochtúla agus faireachán a dhéanamh ar riosca TFC tríú páirtí. Dá réir sin, ba cheart don Rialachán seo freisin feasacht ar riosca TFC a mhúscailt agus a aithint go bhféadfadh teagmhais TFC agus easpa athléimneachta oibríochtúla dochar a dhéanamh d'fhóntacht na n-eintiteas airgeadais.

- (13) Ba cheart do na heintitis airgeadais an cur chuige céanna agus na rialacha céanna atá bunaithe ar phrionsabail a leanúint agus iad ag tabhairt aghaidh ar riosca TFC agus aird á tabhairt ar mhéid agus próifíl riosca fhoriomlán na n-eintiteas, agus ar chineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Cuirtear feabhas ar an muinín sa chóras airgeadais agus caomhnaítear a chobhsaíocht mar thoradh ar chomhsheasmhacht go háirithe nuair a bhítear ag brath go mór ar chórais, ardáin agus bonneagair TFC, lena ngabhann riosca digiteach méadaithe. Agus bun-chibearshláinteachas á chloí, ba cheart go bhféadfaí costais mhóra ar an ngeilleagar a sheachaint trí thionchar agus costais na mbristeacha TFC a laghdú freisin.
- (14) Le Rialachán, cuidítear leis an gcastacht rialála a laghdú, cothaítear leis an gcóineasú maoirseachta agus cuirtear leis an deimhneacht dhlíthiúil, agus rannchuidítear le teorainn a chur le costais chomhlíonta freisin, go háirithe i gcás eintitis airgeadais a fheidhmíonn thar teorainneacha, agus leis an saobhadh iomaíoch a laghdú. Dá bhri sin, is é Rialachán a roghnú chun creat coiteann a bhunú maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais an bealach is iomchuí chun cur i bhfeidhm aonchinealach comhleánúnach gach comhpháirte de bhainistíocht riosca TFC a ráthú in earnáil airgeadais an Aontais.
- (15) Ba í Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ an chéad chreat cibearshlándála cothrománach a achtaíodh ar leibhéal an Aontais, a bhfuil feidhm aici freisin maidir le trí chineál eintiteas airgeadais, eadhon institiúidí creidmheasa, ionaid trádála agus contrapháirtithe lárnacha. Mar sin féin, ós rud é gur leagadh amach i dTreoir (AE) 2016/1148 sásra ar an leibhéal náisiúnta chun oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha a shainathint, níor shainathin na Ballstáit ach institiúidí creidmheasa, ionaid trádála agus contrapháirtithe lárnacha áirithe agus, mar sin, tugadh faoina raon feidhme sa chleachtas féin iad agus, dá bhri sin, ceanglaítear orthu cloí leis na ceanglais a leagtar síos ann maidir le slándáil TFC agus fógra a thabhairt faoi theagmhais. Le Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, leagtar síos critéar aonfhoirmeach chun na heintitis a thagann faoina raon feidhme a chinneadh (riail maidir le caidhp mhéide) agus na trí chineál eintiteas airgeadais á gcoinneáil faoina raon feidhme ag an am céanna.
- (16) Mar sin féin, ós rud é go n-ardaítear an leibhéal comhchuibhithe ar na gnéithe athléimneachta digití éagsúla leis an Rialachán seo, trí cheanglais a thabhairt isteach maidir le bainistíocht riosca TFC agus tuairisciú teagmhais a bhaineann le TFC atá níos déine i gcomparáid leo siúd a leagtar síos i ndlí seirbhísí airgeadais an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, is comhchuibhiú níos mó é an leibhéal níos airde seo freisin i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555. Dá réir sin, tá an Rialachán seo ina *lex specialis* i ndáil le Treoir (AE) 2022/2555. Ag an am céanna, tá sé rithábachtach caidreamh láidir a choinneáil ar bun idir an earnáil airgeadais agus creat cibearshlándála cothrománach an Aontais mar a leagtar amach faoi láthair i dTreoir (AE) 2022/2555 é chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na straitéisí cibearshlándála arna nglacadh ag na Ballstáit agus chun gur féidir maoirseoirí airgeadais a chur ar an eolas faoi chibirtheamhais a théann i bhfeidhm ar earnálacha eile a chuimsítear leis an Treoir sin.

⁽⁷⁾ Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard comhchoiteann slándála na gcóras gréasán agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

⁽⁸⁾ Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (Féach leathanach 80 den Iris Oifigiúil seo).

- (17) I gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus gan dochar d'athbhreithniú breithiúnach na Cúirte Breithiúnais, níor cheart leis an Rialachán seo difear a dhéanamh do fhreagracht na mBallstát i ndáil le feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a bhaineann leis an tslándáil phoiblí, le cosaint agus coimirciú na slándála náisiúnta, mar shampla maidir le soláthar faisnéise a bheadh contrártha le coimirciú na slándála náisiúnta.
- (18) Chun an fhoghlaim thrasearnála a chumasú agus chun leas éifeachtach a bhaint as eispéiris earnálacha eile maidir le déileáil le cibearbhagairtí, ba cheart na heintitis airgeadais dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2022/2555 a fhágáil mar chuid de 'éiceachóras' na Treorach sin (mar shampla, Grúpa Comhair agus foirne freagartha náisiúnta do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna)). Ba cheart go bhféadfadh ÚMEnna agus údaráis náisiúnta inniúla a bheith rannpháirteach i bplé beartais straitéiseach agus in obair theicniúil an Ghrúpa Comhair faoin Treoir sin, agus faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar leis na pointí teagmhála aonair a ainmnítear nó a bhunaítear i gcomhréir leis an Treoir sin. Ba cheart do na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar le CSIRTanna. Ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann comhairle theicniúil a iarraidh ar na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 agus socruithe comhair a bhunú arb é is aidhm dóibh sásraí comhordaithe éifeachtacha mearfhreagartha a áirithiú.
- (19) I bhfianaise na n-idirnascaid láidir idir an athléimneacht dhigiteach agus athléimneacht fhisiciúil na n-eintiteas airgeadais, tá gá le cur chuige comhleanúnach i ndáil le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil sa Rialachán seo agus i dTreoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁹⁾. Ós rud é go dtugtar aghaidh ar athléimneacht fhisiciúil na n-eintiteas airgeadais ar bhealach cuimsitheach leis na hoibleagáidí maidir le bainistíocht riosca TFC agus tuairisciú a chumhdaítear leis an Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil III agus Caibidil IV de Threoir (AE) 2022/2557 maidir le heintitis airgeadais a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin.
- (20) Catagóir amháin de bhonneagar dhigiteacha a chumhdaítear le Treoir (AE) 2022/2555 is ea soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta. Tá feidhm ag Creat Formhaoirseachta an Aontais (Creat Formhaoirseachta) a bhunaítear leis an Rialachán seo maidir le gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta a chuireann seirbhísí TFC ar fáil d'eintitis airgeadais, agus ba cheart a mheas é a bheith comhlántach leis an maoirseacht arna déanamh de bhun Treoir (AE) 2022/2555. Thairis sin, ba cheart a chuimsiú le Creat Formhaoirseachta a bhunaítear leis an Rialachán seo soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta ceal creat cothrománach de chuid an Aontais lena mbunaítear údarás formhaoirseachta digítí.
- (21) Chun smacht iomlán a choinneáil ar riosca TFC, ní mór d'eintitis airgeadais cumais chuimsitheacha a bheith acu lena gcumasaítear bainistíocht riosca TFC láidir agus éifeachtach, chomh maith le sásraí agus beartais shonracha le haghaidh teagmhais uile a bhaineann le TFC a láimhseáil agus na teagmhais mhóra a bhaineann le TFC a thuairisciú. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart beartais a bheith i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun córais, rialuithe agus próisis a bhaineann le TFC a thástáil, agus chun riosca TFC tríú páirtí a bhainistiú. Ba cheart bonnlíne na hathléimneachta digítí oibríochtúla d'eintitis airgeadais a mhéadú agus, ag an am céanna, ceanglais a chur i bhfeidhm go comhréireach le haghaidh eintitis airgeadais áirithe, go háirithe micrifhiontair, chomh maith le heintitis airgeadais atá faoi réir creat bainistíochta riosca TFC simplithe. Chun maoirseacht éifeachtúil a éascú ar institiúidí um sholáthar pinsean ceirde atá comhréireach agus lena dtugtar aghaidh ar an ngá atá le hualaí riaracháin ar na húdaráis inniúla a laghdú, ba cheart a chur san áireamh sna socruithe maoirseachta náisiúnta ábhartha i ndáil le heintitis airgeadais den sórt sin méid agus próifíl riosca fhoriomlán na n-eintiteas sin, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí fiú nuair a sháraítear na tairseacha ábhartha a bhunaítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾. Go háirithe, ba cheart gníomhaíochtaí maoirseachta a bheith dírithe go príomha ar an ngá atá le dul i ngleic le rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le bainistiú riosca TFC eintitis ar leith.

⁽⁹⁾ Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le maidir le hathléimneacht na n-eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (Féach leathanach 164 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁰⁾ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

Ba cheart do na húdaráis inniúla cur chuige airdeallach ach comhréireach a choinneáil freisin maidir le maoirseacht ar institiúidí um sholáthar pinsean ceirde a dhéanann, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Threoir (AE) 2016/2341, cuid shuntasach dá bpríomhghnó a sheachfhoinsiú, amhail bainistiú sócmhainní, ríomhanna achtúireacha, cuntasáíocht agus bainistiú sonraí, chuig soláthraithe seirbhísí.

- (22) Tá éagsúlacht mhór idir tairseacha tuairiscithe teagmhas agus tacsanomaíochtaí a bhaineann le TFC ar an leibhéal náisiúnta. Cé go bhféadfai bonn coiteann a bhaint amach tríd an obair ábhartha a bhíonn ar siúl ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) arna bunú le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾ agus an Grúpa Comhair faoi Threoir (AE) 2022/2555, is ann i gcónaí do chuir chuige éagsúla maidir leis na tairseacha a shocrú agus úsáid na dtacsanomaíochtaí, nó d'fhéadfaidís teacht chun cinn, don chuid eile de na heintitis airgeadais. Mar gheall ar na héagsúlachtaí sin, tá ceanglais iolracha ann nach mór d'eintitis airgeadais cloí leo, go háirithe agus iad ag feidhmiú i roinnt Ballstát agus nuair is cuid de ghrúpa airgeadais iad. Thairis sin, d'fhéadfadh éagsúlachtaí den sórt sin bac a chur ar chruthú sásraí aonfhoirmeacha nó láraithe breise de chuid an Aontais lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas tuairiscithe agus lena dtacaítear le malartú tapa rianúil faisnéise idir údaráis inniúla, rud atá ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an riosca TFC i gcás ionsaithe ar scála mór lena mbaineann iarmhairtí sistéamacha féideartha.
- (23) Chun an t-ualach riaracháin agus oibleagáidí tuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith dúblach le haghaidh eintitis airgeadais áirithe a laghdú, ba cheart don cheanglas maidir le tuairisciú teagmhas de bhun Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ scor d'fheidhm a bheith aige maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Dá bharr sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa, institiúidí ríomh-airgid, institiúidí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais, dá dtagraítear in Airteagal 33(1) den Treoir sin, gach teagmhas a bhaineann le híocaíochtaí oibríochtúil nó slándála a thuairisciú, ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, de bhun an Rialacháin seo, ar teagmhais iad a tuairiscíodh cheana de bhun na Treorach sin, gan beann ar cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann teagmhais den sórt sin le TFC.
- (24) Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil ról mhaoirseachta a chomhlíonadh trí fhorbhreathnú cuimsitheach a fháil ar chineál, minicíocht, suntas agus tionchar teagmhas a bhaineann le TFC agus chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir údaráis phoiblí ábhartha, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis réitigh, ba cheart don Rialachán seo córas láidir tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a leagan síos ina dtabharfadh na ceanglais ábhartha aghaidh ar na bearnaí reatha i ndlí seirbhísí airgeadais, agus ina ndéanfaí aon fhorluí agus dúbláil atá ann cheana a bhaint chun costais a laghdú. Tá sé bunriachtanach an córas tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a chomhchuíbhiú trí cheangal a chur ar gach eintiteas airgeadais tuairisciú dá n-údaráis inniúla féin trí chreat cuíchóirithe aonair mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht do ÚMEnna gnéithe ábhartha don chreat maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a shonrú, amhail tacsanomaíocht, creataí ama, tacair sonraí, teimpléid agus tairseacha infheidhme. Chun comhsheasmhacht iomlán a áirithiú le Treoir (AE) 2022/2555, ba cheart cead a bheith ag eintitis airgeadais, ar bhonn deonach, cibearbhagairtí suntasacha a chur in iúl don údarás inniúil ábhartha nuair a mheasann siad go bhfuil an chibearbhagairt ábhartha don chóras airgeadais, d'úsáideoirí seirbhíse nó do chliaint.
- (25) Rinneadh forbairt ar cheanglais tástála athléimneachta digití oibríochtúla i bhfo-earnálacha airgeadais áirithe lena leagtar amach creataí nach bhfuil ailínithe ina n-iomláine i gcónaí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh dúbláil costas a bheith ann d'eintitis airgeadais trasteorann agus fágann sé go mbíonn sé casta torthaí na tástála ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a aithint go frithpháirteach, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, an margadh inmheánaigh a ilroinnt.

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándaíl theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándaíl) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

⁽¹²⁾ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

- (26) Ina theannta sin, i gcás nach bhfuil gá le tástáil TFC, ní bhraitear leochaileachtaí, rud a fhágann go mbíonn an t-eintiteas airgeadais neamhchosanta ar riosca TFC agus ar deireadh, cruthaítear riosca níos mó maidir le cobhsaíocht agus sláine na hearnála airgeadais. Gan idirghníomhú an Aontais, leanfadh tástáil athléimneachta digití oibríochtúla de bheith neamh-chomhsheasmhach agus ní bheadh aon chóras ann maidir le haitheantas frithpháirteach do thorthaí tástála TFC thar dhlínsí éagsúla. Thairis sin, ós rud é nach dócha go nglacadh fo-earnálacha airgeadais eile scéimeanna tástála ar scála fóinteach, chaillfidís na tairbhí féideartha a bhaineann le creat tástála, i dtéarmaí leochaileachtaí agus rioscaí TFC a nochtadh, agus cumais chosanta agus leanúnachas gnó a thástáil, rud a chuireann le muinín custaiméirí, soláthróirí agus comhpháirtithe gnó a ardú. Chun na forluití, éagsúlachtaí agus bearnaí sin a réiteach, is gá rialacha a leagan síos maidir le córas tástála comhordaithe agus, ar an gcaoi sin, aitheantas frithpháirteach ardtástála a éascú d'eintitis airgeadais a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (27) Tá spleáchas eintiteas airgeadais ar úsáid sheirbhísí TFC bunaithe i bpáirt ar a ngá dul in oiriúint do gheilleagar domhanda digiteach iomaíoch atá ag teacht chun cinn, chun borradh a chur faoina n-éifeachtúlacht ghnó agus chun freastal ar éileamh na dtomhaltóirí. Tá forbairt leanúnach tagtha ar chineál agus fairsinge an spleáchais sin le blianta beaga anuas, lenar spreagadh laghdú costais i ngníomhaíocht idirghabhála, lenar cumasaíodh leathnú gnó agus inscálaitheacht in úsáid gníomhaíochtaí idirghabhála agus lenar soláthraíodh réimse leathan uirlisí TFC an tráth céanna chun próisis inmheánacha chasta a bhainistiú.
- (28) Is léiriú ar an úsáid fhairsing a bhaintear as seirbhísí TFC é socruithe conarthacha casta trína mbíonn deacrachtaí ag eintitis airgeadais go minic maidir le téarmaí conarthacha a chaibidil atá curtha in oiriúint do na caighdeáin stuamachta nó do na ceanglais rialála eile a bhfuil siad faoina réir, nó ar bhealach eile chun cearta sonracha a fhorfheidhmiú, amhail cearta rochtana nó iniúchóireachta, fiú i gcás ina gcumhdaítear na nithe deiridh sin ina socruithe conarthacha. Thairis sin, ní fhoráiltear i líon mór de na socruithe conarthacha sin do choimircí leordhóthanacha lena bhféadfaí faireachán iomlán a dhéanamh ar phróisis fochonraitheoireachta, rud a bhaineann den eintiteas airgeadais a chumas chun na rioscaí bainteacha a mheasúnú. Ina theannta sin, ós rud é gur minic a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí seirbhísí caighdeánaithe do chineálacha éagsúla cliant, ní fhreastalaíonn socruithe conarthacha den sórt sin go leordhóthanach i gcónaí ar riachtanais aonair nó shonracha na ngníomhaithe sa tionscal airgeadais.
- (29) Cé go bhfuil rialacha ginearálta áirithe maidir le seachfhoinsí i ndlí seirbhísí airgeadais an Aontais, níl an faireachán ar an ngné chonarthach fréamhaithe go hiomlán i ndlí an Aontais. In éagmais caighdeáin shoiléire shaincheaptha de chuid an Aontais maidir leis na socruithe conarthacha a dhéantar le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, ní thugtar aghaidh ar fhoinsé sheachtrach an riosca TFC ar bhealach cuimsitheach. Dá réir sin, is gá príomhphrionsabail áirithe a leagan amach chun bainistíocht riosca TFC tríú páirtí ag eintitis airgeadais a threorú, a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo nuair a théann eintitis airgeadais i muinín soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí chun tacú lena bhfeidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha. Ba cheart sraith buncheart conarthach a bheith ag gabháil leis na prionsabail sin i ndáil le roinnt gnéithe d'fheidhmiú agus foirceannadh socruithe conarthacha d'fhonn coimircí íosta a sholáthar chun cumas eintiteas airgeadais a neartú chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar gach riosca TFC a thagann chun cinn ar leibhéal na soláthraithe seirbhísí tríú páirtí. Tá na prionsabail sin comhlántach leis an dlí earnálach is infheidhme maidir le seachfhoinsí.
- (30) Is léir sa lá atá inniu ann go bhfuil easpa aonchineálachta agus cóineasaithe áirithe ann maidir le faireachán a dhéanamh ar riosca TFC tríú páirtí agus ar spleáchais TFC tríú páirtí. D'ainneoin na n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar sheachfhoinsí, amhail Treoirlínte ÚBE maidir le seachfhoinsí 2019 agus Treoirlínte ÚEUM maidir le seachfhoinsí chuig soláthraithe néalseirbhíse 2021, ní théann dlí an Aontais i ngleic go leordhóthanach leis an bhfadhb níos leithne atá ann maidir le gníomhú in aghaidh an riosca shistéamaigh, a bhféadfaí é a spreagadh mar thoradh ar neamhchosaint na hearnála airgeadais ar líon teoranta soláthraithe seirbhísí criticiúla TFC tríú páirtí. Is measa an easpa rialacha ar leibhéal an Aontais toisc nach bhfuil aon rialacha náisiúnta ann maidir le sainorduithe agus uirlisí a chuireann ar chumas maoirseoirí airgeadais tuiscint mhaith a fháil ar spleáchais TFC tríú páirtí agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as comhchruinniú spleáchas TFC tríú páirtí.

- (31) Agus an riosca sistéamach féideartha a bhaineann leis an méadú ar chleachtais seachfhoinsithe agus le comhchruinniú TFC tríú páirtí á chur san áireamh, agus aird á tabhairt ar easnamh na sásraí náisiúnta maidir le huirlisí leordhóthanacha a sholáthar do mhaoirseoirí airgeadais chun iarmhairtí riosca TFC a tharlaíonn i soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a chainníochtú, a cháiliú agus a cheartú, is gá Creat Formhaoirseachta iomchuí a bhunú lena bhféadfaí faireachán leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí ar soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla d'eintitis airgeadais iad, agus é á áirithiú ag an am céanna go gcaomhnófar rúndacht agus slándáil custaiméirí nach eintitis airgeadais iad. Cé go mbaineann rioscaí agus tairbhí sonracha le soláthar seirbhísí TFC inghrúpa, níor cheart a mheas go huathoibríoch gur lú an riosca a bhaineann leis ná soláthar seirbhísí TFC ag soláthraithe lasmuigh de ghrúpa airgeadais, agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bheith faoi réir an chreata rialála céanna. Mar sin féin, nuair a sholáthraítear seirbhísí TFC ó laistigh den ghrúpa airgeadais céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh leibhéal níos airde rialaithe ag eintitis airgeadais ar sholáthraithe inghrúpa, ar cheart a chur san áireamh sa mheasúnú riosca foriomlán.
- (32) Ós rud é go bhfuil rioscaí TFC ag éirí níos casta agus níos sofaisticiúla i gcónaí, bíonn bearta maithe braite agus coiscthe maidir le riosca TFC ag brath cuid mhór ar chomhroinnt rialta faisnéise i ndáil le bagairtí agus leochaileacht idir eintitis airgeadais. Cuireann an chomhroinnt faisnéise le cothú feasachta ardaithé ar chibearbhagairtí. Dá réir sin, feabhsaítear leis sin acmhainneacht na n-eintiteas airgeadais cosc a chur ar chibearbhagairtí a bheith ina bhfíortheagmhais a bhaineann le TFC agus cuirtear ar chumas eintiteas airgeadais tionchar teagmhas a bhaineann le TFC a shrianadh ar bhealach níos éifeachtaí agus téarnamh níos tapúla. In éagmais teorach ar leibhéal an Aontais, dealraíonn sé gur chuir roinnt tosca bac ar chomhroinnt faisnéise den sórt sin, go háirithe neamhchinnteacht maidir leis an gcomhoiriúnacht leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, in aghaidh trustaí, agus maidir le dliteanas.
- (33) Ina theannta sin, coinnítear siar faisnéis úsáideach mar thoradh ar an amhras faoin gcineál faisnéise is féidir a chomhroinnt le rannpháirtithe eile sa mhargadh, nó le húdaráis neamh-mhaoirseachta (amhail ENISA, i gcás ionchur anailíseach, nó Europol, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí). Dá bhrí sin, tá méid agus cáilíocht na comhroinnte faisnéise teoranta agus ilroinnte faoi láthair, agus is ar bhonn áitiúil a dhéantar malartuithe ábhartha go príomha (trí thionscnaimh náisiúnta) gan aon socruithe comhsheasmhacha comhroinnte faisnéise uile-Aontais a bheith ann atá curtha in oiriúint do riachtanais córais airgeadais comhtháite. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, na bealaí cumarsáide sin a neartú.
- (34) Ba cheart eintitis airgeadais a spreagadh chun eolas maidir le cibearbhagairtí agus cibearfhaisnéis a mhalartú eatarthu féin, agus a n-eolas aonair agus a dtaithí phraiticiúil a threisiú ar bhonn comhchoiteann ar leibhéal straitéiseach, oirbheartaíochta agus oibríochtuil d'fhonn cur lena gcumais measúnú agus faireachán a dhéanamh ar chibearbhagairtí, cosaint ina n-aghaidh agus freagairt orthu, trí bheith rannpháirteach i socruithe comhroinnte faisnéise. Is gá, dá bhrí sin, teacht chun cinn sásraí ar leibhéal an Aontais a chumasú le haghaidh socruithe deonacha comhroinnte faisnéise, rud a chuideodh, dá ndéanfaí é i dtimpeallachtaí iontaoifa, le pobal an tionscail airgeadais cosc a chur ar chibearbhagairtí agus freagairt orthu ar bhonn comhchoiteann trí theorainn a chur go tapa le scaipeadh riosca TFC agus trí bhac a chur ar an tógáil féideartha ar fud na gcainéal airgeadais. Ba cheart do na sásraí sin na rialacha is infheidhme maidir le dlí iomaíochta an Aontais arna leagan amach i dTeachtairacht ón gCoimisiún an 14 Éanáir 2011 dar teideal *Guidelines on the applicability of Article 101 of the Treaty on the Functioning of the European Union to horizontal co-operation agreements* [Treoirlínte maidir le hinfeidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe comhair cothrománacha] a chomhlíonadh, chomh maith le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾. Ba cheart dóibh oibriú bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na bunúis dlí a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán sin a úsáid, amhail i gcomhthéacs na próiseála is gá a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha an leasa dhliteanaigh arna shaothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (f), den Rialachán sin, agus i gcomhthéacs na próiseála is gá a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil an rialaitheoir faoina réir, ar oibleagáid í atá riachtanach chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílisithe don rialaitheoir, dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (c) agus (e), faoi seach, den Rialachán sin.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (35) Chun ardleibhéal athléimneachta digítí oibríochtúla a choinneáil ar bun don earnáil airgeadais ina hiomláine agus, ag an am céanna, chun coinneáil suas le forbairtí teicneolaíocha, ba cheart don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar an riosca a eascraíonn as gach cineál seirbhísí TFC. Chuige sin, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhísí TFC i gcomhthéacs an Rialacháin seo a thuiscint ar bhealach leathan, lena gcuimsítear seirbhísí digiteacha agus sonraí a sholáthraítear trí chórais TFC d'úsáideoir inmheánach nó seachtrach amháin nó níos mó ar bhonn leanúnach. Ba cheart a áireamh sa sainmhíniú sin, mar shampla, seirbhísí 'OTT', a thagann faoi chatagóir na seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Níor cheart a eisiáim leis ach amháin an chatagóir theoranta de sheirbhísí teileafóin analógacha traidisiúnta a cháilíonn mar sheirbhísí líonra poiblí lasctheileafóin (PSTN), seirbhísí líne talún, Sean-bhunseirbhís Teileafóin, nó seirbhísí teileafóin líne fosaithe.
- (36) D'ainneoin an chumhdaigh leathain atá beartaithe sa Rialachán seo, ba cheart a chur san áireamh le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil na héagsúlachtaí móra idir eintitis airgeadais i dtéarmaí a méide agus a bpróifíl riosca fhoriomlán. Mar phrionsabal ginearálta, agus acmhainní agus cumais á ndáileadh ar chur chun feidhme an chreata bainistíochta riosca TFC, ba cheart d'eintitis airgeadais cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir a riachtanais ó thaobh TFC de agus a méid agus a bpróifíl riosca fhoriomlán, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí, agus ba cheart do na húdaráis inniúla leanúint de mheasúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith an dáilte sin.
- (37) Cuirtear soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais, dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2015/2366, san áireamh go sainráite i raon feidhme an Rialacháin seo, agus cineál sonracha a ngníomhaíochtaí agus na rioscaí a eascraíonn astu á gcur san áireamh. Ina theannta sin, áirítear institiúidí ríomh-airgid agus institiúidí íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Airteagal 9(1) de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ agus Airteagal 32(1) de Threoir (AE) 2015/2366 i raon feidhme an Rialacháin seo cé nár tugadh údarú dóibh i gcomhréir le Treoir 2009/110/CE chun ríomh-airgead a eisiúint, nó murar tugadh údarú dóibh i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366 chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus a fhorghníomhú. Mar sin féin, tá institiúidí gioró postoiúige, dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointe (3), de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾, eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart gurb é an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2015/2366 an t-údarás inniúil le haghaidh institiúidí íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Threoir (AE) 2015/2366, institiúidí ríomh-airgid atá díolmhaithe de bhun Threoir 2009/110/CE agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2015/2366.
- (38) Ós rud é go bhféadfadh acmhainní níos mó a bheith ag eintitis airgeadais níos mó agus toisc gur féidir leo cistí a chur ar fáil go tapa chun struchtúir rialachais a fhorbairt agus straitéisí corparáideacha éagsúla a bhunú, níor cheart a cheangal ach ar eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad de réir bhrí an Rialacháin seo socrúithe rialachais níos casta a bhunú. Tá acmhainní níos fearr ag na heintitis sin go háirithe chun feidhmeanna bainistíochta tiomnaithe a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar shocrúithe le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nó chun déileáil le bainistiú géarchéime, chun a mbainistíocht riosca TFC a eagrú de réir na samhla 'trí phríomhchosaint', nó chun samhail inmheánach bainistíochta riosca agus rialaithe a bhunú, agus chun a gcreat bainistíochta riosca TFC a chur faoi bhráid iniúchtaí inmheánacha.
- (39) Baineann roinnt eintiteas airgeadais tairbhe as díolúintí nó tá siad faoi réir creat rialála an-éadrom faoi dhlí ábhartha earnáilsonrach an Aontais. Áirítear leis na heintitis airgeadais sin bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾, gnóthais árachais agus athárachais dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, agus institiúidí um sholáthar pinsean ceirde a oibríonn scéimeanna pinsin nach bhfuil níos mó ná

⁽¹⁴⁾ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁽¹⁵⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁽¹⁶⁾ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

⁽¹⁷⁾ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Dócmainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

15 chomhalta san iomlán iontu le chéile. I bhfianaise na ndíolúintí sin, ní bheadh sé comhréireach na heintitis airgeadais sin a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ina theannta sin, aithnítear sa Rialachán seo sainiúlachtaí struchtúr an mhargaidh idirghabhála árachais, agus is é an toradh atá air sin nár cheart go mbeadh idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe atharachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fiontair bheaga nó mar fhiontair mheánmhéide faoi réir an Rialacháin seo.

- (40) Ós rud é go ndéantar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointí (4) go (23), de Threoir 2013/36/AE a eisiáimh ó raon feidhme na Treorach sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, dá bharr sin, eintitis den sórt sin atá lonnaithe laistigh dá gcríocha faoi seach a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (41) Ar an gcaoi chéanna, chun an Rialachán seo a ailíniú le raon feidhme Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾, is iomchuí freisin daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 3 den Treoir sin a eisiáimh ó raon feidhme an Rialacháin seo, ar daoine iad a bhfuil cead acu seirbhísí infheistíochta a sholáthar gan údarú a fháil faoi Threoir 2014/65/AE. Le hAirteagal 2 de Threoir 2014/65/AE, áfach, eisiatar freisin ó raon feidhme na Treorach sin eintitis a cháilíonn mar eintitis airgeadais chun críocha an Rialacháin seo amhail taisclanna lárnacha urrús, gnóthais chomhinfeistíochta nó gnóthais árachais agus atharachais. Níor cheart go gcuimseodh an t-eisiáimh ó raon feidhme an Rialacháin seo na daoine agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 agus 3 den Treoir sin na taisclanna lárnacha urrús, na gnóthais chomhinfeistíochta ná na gnóthais árachais agus atharachais sin.
- (42) Faoi dhlí earnáilsonrach an Aontais, tá roinnt eintiteas airgeadais faoi réir ceanglais nó díolúintí níos éadroime ar chúiseanna a bhaineann lena méid nó leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Áirítear le catagóir na n-eintiteas airgeadais sin gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha, institiúidí beaga um sholáthar pinsean ceirde a d'fhéadfaí a eisiáimh ó raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 faoi na coinníollacha a leagann an Ballstát lena mbaineann síos in Airteagal 5 den Treoir sin agus a oibríonn scéimeanna pinsin nach bhfuil níos mó ná 100 comhalta san iomlán iontu le chéile, chomh maith le hinstitiúidí a dhíolmhaítear de bhun Threoir 2013/36/AE. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus chun spiorad dhlí earnáilsonrach an Aontais a chaomhnú, is iomchuí freisin na heintitis airgeadais sin a chur faoi réir chreat simplithe bainistíochta riosca TFC faoin Rialachán seo. Níor cheart go n-athrófaí cineál comhréireach an chreata bainistíochta riosca TFC lena gcumhdaítear na heintitis airgeadais sin leis na caighdeáin theicniúla rialála atá le forbairt ag na ÚMEnna. Thairis sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is iomchuí freisin na hinstitiúidí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 32(1) de Threoir (AE) 2015/2366 agus na hinstitiúidí ríomh-airgid dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2009/110/CE a dhíolmhaítear i gcomhréir leis an ndlí náisiúnta lena dtrasúitear na ngníomhartha dlí sin de chuid an Aontais a chur faoi réir creat simplithe bainistíochta riosca TFC faoin Rialachán seo agus, ag an am céanna, ba cheart d'institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid nár díolmhaíodh i gcomhréir lena dlí náisiúnta faoi seach lena dtrasúitear an dlí earnálach de chuid an Aontais faoi seach an creat ginearálta a leagtar síos leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (43) Ar an gcaoi chéanna, eintitis airgeadais a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó atá faoi réir an chreata shimplithe bainistíochta riosca TFC faoin Rialachán, níor cheart a cheangal orthu ról a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar a socruithe a thugtar i gcrích le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí maidir le húsáid seirbhísí TFC; ná comhalta den lucht bainistíochta sinsearaí a ainmniú le bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an neamhchosaint riosca ghaolmhar agus ar an doiciméadacht ábhartha; an fhreagracht as bainistiú agus maoirseacht riosca TFC a shannadh d'fheidhm rialaithe agus leibhéal iomchuí neamhspleáchais a áirithiú maidir leis an bhfeidhm rialaithe sin chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint; an creat bainistíochta riosca TFC a dhoiciméadú agus a athbhreithniú uair sa bhliain ar a laghad; an creat bainistíochta riosca TFC a chur faoi réir iniúchadh inmheánach ar bhonn tráthrialta; grinn-mheasúnuithe a dhéanamh tar éis athruithe móra ar bhonneagair agus próisis a gcóras gréasán agus faisnéise; anailís riosca a dhéanamh go tráthrialta ar chórais TFC leagáide; cur chun feidhme na bpleananna Freagartha agus Athshlánaithe TFC a chur faoi réir athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánacha neamhspleácha; feidhm bainistithe géarchéime a bheith acu, an tástáil ar phleananna leanúnachais gnó agus pleananna freagartha agus athshlánaithe a leathnú chun cásanna lascaistrithe idir príomhbhonneagair TFC agus saoráidí iomarcacha a ghabháil; meastachán a thuairisciú d'údarais inniúla, arna iarraidh dóibh, ar chostais agus cailteanais bhliantúla chomhiomlánaithe a tharla

⁽¹⁸⁾ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 2002/92/CE agus 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

de bharr mórtheagmhais a bhaineann le TFC, acmhainneachtaí TFC iomarcacha a chothabháil; athruithe a chur in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta arna gcur chun feidhme tar éis athbhreithnithe iarthearmhais a bhaineann le TFC; faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha, clár cuimsitheach tástála athléimneachta digití oibríochtúla a bhunú mar chuid lárnach den chreat bainistíochta riosca TFC dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó straitéis maidir le riosca TFC tríú páirtí a ghlacadh agus a athbhreithniú go tráthrialta. Ina theannta sin, níor cheart a cheangal ar mhicrifhiontair ach measúnú a dhéanamh ar a riachtanaí atá sé acmhainneachtaí iomarcacha TFC den chineál sin a chothabháil bunaithe ar a bpróifíl riosca. Ba cheart do mhicrifhiontair tairbhe a bhaint as córas níos solúbtha a mhéid a bhaineann le clár tástála athléimneachta digití oibríochtúla. Agus cineál agus minicíocht na tástála atá le déanamh á mbreithniú, ba cheart dóibh cothromaíocht chúil a bhaint amach idir an cuspóir maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil ard a choinneáil, na hacmhainní atá ar fáil agus a bpróifíl riosca fhoriomlán. Ba cheart micrifhiontair agus eintitis airgeadais atá faoi réir an chreata shimplithe bainistíochta riosca TFC faoin Rialachán seo a dhíolmhú ón gceanglas ardtástáil a dhéanamh ar uirlisí, córais agus próisis TFC bunaithe ar thástáil treáite bunaithe ar bhagairtí (TLPT), ós rud é nár cheart a cheangal ach ar eintitis airgeadais a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo tástáil den sórt sin a dhéanamh. I bhfianaise a gcumas teoranta, ba cheart do mhicrifhiontair a bheith in ann teacht ar chomhaontú leis an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí cearta rochtana, cigireachta agus iniúcháireachta an eintitis airgeadais a tharmhligean chuig tríú páirtí neamhspleách, a bheidh le ceapadh ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, ar choinníoll go mbeidh an t-eintiteas airgeadais in ann gach faisnéis agus dearbhú ábhartha maidir le feidhmíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a iarraidh ón tríú páirtí neamhspleách faoi seach, tráth ar bith.

- (44) Ós rud é nár cheart a cheangal ach amháin ar na heintitis airgeadais a shaináithnítear chun críoch ardtástálacha athléimneachta digití tástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, ba cheart na próisis riaracháin agus na costais airgeadais a bhaineann le feidhmiú na dtástálacha sin a chur ar chéatadán beag eintiteas airgeadais.
- (45) Chun ailíniú iomlán agus comhsheasmhacht fhoriomlán a áirithiú idir straitéisí gnó eintiteas airgeadais, ar thaobh amháin, agus an bhainistíocht riosca TFC a dhéantar, ar an taobh eile, ba cheart a cheangal ar chomhlachtaí bainistíochta na n-eintiteas airgeadais ról lárnach gníomhach a chothabháil i stiúradh agus glacadh an chreata bainistíochta riosca TFC agus na straitéise foriomláine maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil. Níor cheart go ndíreofaí sa chur chuige a ghlacfaidh comhlachtaí bainistíochta ach ar na modhanna chun athléimneacht córas TFC a áirithiú, ach ba cheart daoine agus próisis a chuimsiú leis freisin trí shraith beartas lena gcothaítear, ar gach leibhéal corparáideach, agus do na baill foirne go léir, feasacht láidir ar chibir-rioscaí agus tiomantas chun cloí le cibearshláinteachas docht ar gach leibhéal. Ba cheart prionsabal uileghabhálach an chur chuige chuimsithigh sin a bheith mar fhreagracht deiridh an chomhlachta bainistíochta maidir le riosca TFC eintitis airgeadais a bhainistiú, cur chuige a léirítear ina dhiaidh sin le rannpháirtíocht an chomhlachta bainistíochta sa rialáil ar an bhfaireachán ar an mbainistíocht riosca TFC.
- (46) Thairis sin, tá dlúthbhaint idir an prionsabal maidir le freagracht iomlán agus deiridh an chomhlachta bainistíochta as bainistiú riosca TFC an eintitis airgeadais agus an gá le leibhéal infheistíochtaí a bhaineann le TFC agus buiséad foriomlán don eintiteas airgeadais a chinntiú lena gcuirfí ar chumas an eintitis airgeadais leibhéal ard athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach.
- (47) Faoi spreagadh dea-chleachtas, treoirlínte, moltaí agus cur chuige ábhartha idirnáisiúnta, náisiúnta agus tionscail i ndáil le bainistíocht cibearbhagairtí, cuirtear chun cinn leis an Rialachán seo sraith prionsabal lena n-éascaítear struchtúrú foriomlán na bainistíochta riosca TFC. Dá thoradh sin, a fhad a thugann na príomhchumais a chuireann eintitis airgeadais i bhfeidhm aghaidh ar fheidhmeanna éagsúla na bainistíochta riosca TFC (sainithint, cosaint agus cosc, brath, freagairt agus athshlánaithe, foghlaim agus éabhlóid agus cumarsáid) a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart é a bheith de shaoirse i gcónaí ag eintitis airgeadais úsáid a bhaint as samhlacha bainistíochta riosca TFC a leagtar amach nó a aicmítear ar bhealach eile.
- (48) Chun coimeád cothrom le dáta le réimse cibearshlándála atá ag forbairt i gcónaí, ba cheart d'eintitis airgeadais córais TFC nuashonraithe a chothabháil atá iontaofa agus atá in ann, ní hamháin próiseáil sonraí atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú a seirbhísí a ráthú ach, ina theannta sin, le hathléimneacht theicneolaíoch a áirithiú lena gcuirtear ar a gcumas d'eintitis airgeadais déileáil go leordhóthanach le riachtanais phróiseála bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar dhálaí anáis sa mhargadh nó staideanna díobhálacha eile.

- (49) Bíonn gá le pleananna éifeachtúla leanúnachais agus athshlánaithe gnó le cur ar a gcumas d'eintitis airgeadais teagmhais a bhaineann le TFC a réiteach go pras agus go tapa, go háirithe cibirionsaithe, trí theorainn a chur leis an damáiste agus tús áite a thabhairt d'atosú gníomhaíochtaí agus bearta athshlánaithe i gcomhréir lena mbeartais chúlta. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh atosú den sórt sin sláine agus slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise ná infhaighteacht, barántúlacht, sláine ná rúndacht na sonraí i mbaol.
- (50) Bíodh is go gcuireann an Rialachán seo ar a gcumas d'eintitis airgeadais a gcuspóirí aga athshlánaithe agus a gcuspóirí pointí athshlánaithe a chinneadh ar bhealach solúbtha agus, ar an gcaoi sin, cuspóirí den sórt sin a leagan síos trí chineál agus criticiúlacht na bhfeidhmeanna ábhartha agus aon riachtanais ghnó shonracha a chur san áireamh, ba cheart é a bheith riachtanach measúnú ar an tionchar foriomlán féideartha ar éifeachtúlacht an mhargaidh a dhéanamh agus cuspóirí den sórt sin á gcinneadh.
- (51) Bíonn claonadh ag forleatóirí cibirionsaithe gnóthachain airgeadais a shaothrú go díreach ag an bhfoinse, rud a chuireann eintitis airgeadais i mbaol a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith mar thoradh orthu. Chun cosc a chur ar chórais TFC sláine a chailliúint nó gan a bheith ar fáil, agus, dá bhrí sin, sárúithe sonraí agus damáiste do bhonneagar fisiciúil TFC a sheachaint, ba cheart feabhas mór a chur ar thuirisciú mórtheagmhais a bhaineann le TFC ag eintitis airgeadais agus an tuairisciú sin a chuíchóiriú go suntasach. Ba cheart tuairisciú teagmhais a bhaineann le TFC a chomhchuíbhiú trí cheanglas a thabhairt isteach do gach eintiteas airgeadais tuairisciú go díreach dá n-údarás inniúla ábhartha. I gcás ina mbeidh eintiteas airgeadais faoi réir maoirseachta ag níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil aonair a ainmniú mar sheolaí an tuairiscithe sin. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa a aicmítear a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ an tuairisciú sin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta agus ba cheart dóibh an tuarascáil a tharchur chuig an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ina dhiaidh sin.
- (52) Ba cheart go gcuirfí leis an tuairisciú díreach ar a gcumas do mhaoirseoirí airgeadais rochtain láithreach a bheith acu ar fhaisnéis faoi mhórtheagmhais a bhaineann le TFC. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais, ar a n-uain, mionsonraí mórtheagmhais a bhaineann le TFC a chur ar aghaidh chuig údarás inniúla neamhairgeadais phoiblí (amhail na húdarás inniúla agus pointí teagmhála aonair faoi Threoir (AE) 2022/2555 údarás náisiúnta cosanta sonraí agus údarás forfheidhmithe dlí i gcás mórtheagmhais a bhaineann le TFC de chineál coiriúil chun feacht na n-údarás sin ar theagmhais den sórt sin a fheabhsú agus, i gcás CSIRTanna, chun cúnaimh pras a d'fhéadfaí a thabhairt d'eintitis airgeadais a éascú, de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh gur cheart d'eintitis airgeadais astu féin an fhaisnéis sin a sholáthar d'údarás phoiblí lasmuigh de réimse na seirbhísí airgeadais. Leis na sreafaí faisnéise sin, ba cheart go mbeadh eintitis airgeadais in ann tairbhe a bhaint go tapa as aon ionchur teicniúil ábhartha, as comhairle faoi leigheasanna, agus as aon obair leantach ó na húdarás sin ina dhiaidh sin. Ba cheart an fhaisnéis maidir le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a sheoladh ar bhonn frithpháirteach: ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais an t-aiseolas nó an treoir riachtanach go léir a chur ar fáil don eintiteas airgeadais, agus ba cheart do ÚMEnna sonraí anaithnidithe ar chibearbhagairtí agus leochaileachtaí a bhaineann le teagmhais a chomhroinnt, chun cuidiú le cosaint chomhchoiteann níos fairsinge.
- (53) Bíodh gur cheart a cheangal ar gach eintiteas airgeadais tuairisciú ar theagmhais a dhéanamh, níltear ag súil go mbeadh an tionchar céanna ag an gceanglas sin orthu go léir. Go deimhin, ba cheart tairseacha ábharthachta ábhartha, chomh maith le hamlínte tuairiscithe, a choigeartú go hiomchuí, i gcomhthéacs gníomhartha tarmlichte bunaithe ar na caighdeáin theicniúla rialála atá le forbairt ag na ÚMEanna, d'fhonn mórtheagmhais a bhaineann le TFC a chumhdach. Ina theannta sin, ba cheart sainiúlachtaí eintiteas airgeadais a chur san áireamh agus amlínte á socrú le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe.
- (54) Leis an Rialachán seo, ba cheart a cheangal ar institiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta, soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais agus institiúidí ríomh-airgid gach teagmhais a bhaineann le híocaíochtaí oibríochtuil nó slándála – a tuairiscíodh roimhe sin faoi Threoir (AE) 2015/2366 – a thuirisciú gan beann ar chineál TFC an teagmhais.

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Banc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

- (55) Ba cheart é a chur de chúram ar ÚMenna measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus coinníollacha i ndáil le lárú féideartha tuairiscí maidir le teagmhais a bhaineann le TFC ar leibhéal an Aontais. Ba cheart an lárú sin a bheith mar Mhol AE aonair le haghaidh tuairiscí ar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC a gheobhaidh na tuarascálacha ábhartha go díreach agus a thabharfaidh fógra do na húdaráis inniúla náisiúnta go huathoibríoch, nó tuarascálacha ábhartha a gcuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta ar aghaidh a lárú agus ról comhordaithe a chomhlíonadh ar an gcaoi sin. Ba cheart a chur de chúram ar ÚMenna tuarascáil chomhpháirteach a ullmhú, i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach agus ENISA, ina ndéanfaí iniúchadh ar a indéanta a bheadh sé Mol AE aonair den sórt sin a bhunú.
- (56) Chun ardleibhéal athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach, agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha (e.g. Gnéithe Bunúsacha G7 le haghaidh Tástáil Treáite bunaithe ar Bhagairtí) agus na creataí a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, amhail TIBER–EU, araon, ba cheart d'eintitis airgeadais a gcórais TFC agus a mbaill foirne, a bhfuil freagrachtaí a bhaineann le TFC orthu, a thástáil go rialta i ndáil le héifeachtacht a gcumas coiscthe, braite, freagartha agus athshlánaithe, chun leochaileachtaí féideartha TFC a nochtadh agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Chun éagsúlachtaí atá ar fud na bhfo-earnálacha airgeadais éagsúla agus laistigh díobh i ndáil le leibhéal ullmhachta na n-eintiteas airgeadais a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándaíl a léiriú, ba cheart réimse leathan uirlisí agus gníomhaíochtaí a chuimsiú sa tástáil, idir an measúnú ar cheanglais bhunúsacha (e.g. measúnuithe agus scanadh leochaileachta, anailísí foinse oscailte, measúnuithe ar shlándáil gréasáin, anailísí ar bhearnaí, athbhreithnithe ar shlándáil fhisiciúil, ceistneoirí agus réitigh scanta bogearraí, athbhreithnithe ar chód foinseach i gcás inarb indéanta, tástáil bunaithe ar chásanna, tástálacha comhoiriúnachta, tástáil feidhmíochta, nó tástáil ó cheann go ceann) agus ardtástáil trí bhíthin TLPT. Níor cheart ardtástáil den sórt sin a éileamh ach amháin ar eintitis airgeadais atá aibí go leor ó thaobh TFC chun é a dhéanamh go réasúnta. Dá bhrí sin, ba cheart don tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a éilítear leis an Rialachán seo a bheith níos déine ar na heintitis airgeadais sin a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo (mar shampla, institiúidí creidmheasa móra, sistéamacha atá aibí ó thaobh TFC de, stocmhallartáin, taisclanna lárnacha urrús agus contrapháirtithe lárnacha) ná mar atá ar eintitis airgeadais eile. An tráth céanna, ba cheart don tástáil athléimneachta digití oibríochtúla trí bhíthin TLPT a bheith níos ábhartha d'eintitis airgeadais a oibríonn i bhfo-earnálacha de chroísheirbhísí airgeadais agus a bhfuil ról sistéamach acu (mar shampla, íocaíochtaí, baincéireacht agus imréiteach agus glanadh), agus gan a bheith chomh hábhartha céanna d'fho-earnálacha eile (mar shampla, bainisteoirí sócmhainní agus gníomhaireachtaí rátála creidmheasa).
- (57) Ba cheart d'eintitis airgeadais a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí trasteorann agus a fheidhmíonn na cearta bunaíochta, nó cearta seirbhísí a sholáthar san Aontas cloí le sraith aonair ceanglas ardtástála (i.e. TLPT) ina mBallstát baile, agus ba cheart don tástáil sin na bonneagair TFC i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn an grúpa airgeadais trasteorann san Aontas a chuimsiú, rud a chuirfidh ar a gcumas do ghrúpaí trasteorann gan costais tástála a bhaineann le TFC a thabhu ach in aon dlínse amháin.
- (58) Chun leas a bhaint as an saineolas atá faighte cheana féin ag údaráis inniúla áirithe, go háirithe maidir le creat TIBER–EU a chur chun feidhme, ba cheart a cheadú leis an Rialachán seo do na Ballstáit údarás poiblí aonair a ainmniú a bheidh freagrach san earnáil airgeadais, ar an leibhéal náisiúnta, as gach ábhar TLPT, nó údaráis inniúla, chun feidhmiú cúraimí a bhaineann le TLPT a tharmligeán chuig údarás inniúil airgeadais náisiúnta eile, in éagmais ainmniú den sórt sin.
- (59) Ós rud é nach gceanglaítear leis an Rialachán seo ar eintitis airgeadais na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha uile in aon tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí amháin a chumhdach, ba cheart é a bheith de shaoirse ag eintitis airgeadais a chinneadh cé acu agus cé mhéad feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha ba cheart a áireamh i raon feidhme tástála den sórt sin.
- (60) Níor cheart tástáil chomhthiomsaithe de réir bhrí an Rialacháin seo – i gcás ina mbeidh roinnt eintiteas airgeadais rannpháirteach in TLPT agus ar féidir le soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí dul i mbun socruithe conarthacha ina leith go díreach le tástálaí seachtrach – a cheadú ach amháin i gcás ina mbeifear ag súil go réasúnta leis go mbeidh drochthionchar ag rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí in TLPT ar cháilíocht nó slándáil na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí do chustaiméirí, ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, nó rúndacht na sonraí a bhaineann le seirbhísí den sórt sin. Ba cheart tástáil chomhthiomsaithe a bheith faoi réir coimircí freisin (faoi stiúir eintitis airgeadais ainmnithe amháin, calabrú ar líon na n-eintiteas airgeadais rannpháirteach) chun cleachtadh dian tástála a áirithiú do na heintitis airgeadais lena mbaineann a chomhlíonann cuspóirí TLPT de bhun an Rialacháin seo.

- (61) Chun leas a bhaint as na hacmhainní inmheánacha atá ar fáil ar an leibhéal corparáideach, ba cheart a cheadú leis an Rialachán seo tástálaithe inmheánacha a úsáid chun TLPT a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuil formheas maoirseachta ann, nach ann d'aon choinbhleachtaí leasa, agus go ndéanfar uainíocht thréimhsiúil ar úsáid tástálaithe inmheánacha agus seachtracha (gach tríú tástáil) agus, ag an am céanna, go gcuirfí de cheangal ar sholáthraí na faisnéise faoi bhagairtí sa TLPT a bheith seachtrach i gcónaí don eintiteas airgeadais. Ba cheart an fhreagracht iomlán as TLPT a dhéanamh a bheith ar an eintiteas airgeadais i gcónaí. Níor cheart aon chuspóir eile a bheith le fianuithe arna soláthar ag na húdaráis ach chun críche aitheantais fhrithpháirtigh agus níor cheart go gcuirfí bac leo ar aon ghníomhaíocht leantach ar leibhéal riosca TFC a bhfuil an t-eintiteas airgeadais neamhchosanta air, ná níor cheart iad a mheas mar fhorghníú maoirseachta ar chumais bhainistíochta riosca agus maolaithe TFC eintitis airgeadais.
- (62) Chun faireachán iontaofa ar riosca TFC tríú páirtí a áirithiú san earnáil airgeadais is gá sraith rialacha bunaithe ar phrionsabail a leagan síos chun bheith mar threoir ag eintitis airgeadais nuair atá faireachán á dhéanamh ar riosca a eascraíonn i gcomhthéacs feidhmeanna seachfhoinisithe do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, go háirithe le haghaidh seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, agus, ar bhonn níos ginearálta, i gcomhthéacs gach spleáchais TFC tríú páirtí.
- (63) Chun aghaidh a thabhairt ar chastacht na bhfoinsí éagsúla riosca TFC, agus an iliomad soláthraithe réiteach teicneolaíochta lena gcumasaítear soláthar rianúil seirbhísí airgeadais á gcur san áireamh ag an am céanna, ba cheart raon leathan soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a chumhdach leis an Rialachán seo, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, bogearraí, seirbhísí anailísíochta sonraí agus soláthraithe seirbhísí lárionaid sonraí. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é gur cheart d'eintitis airgeadais gach cineál riosca a shainaithe agus a bhainistiú go héifeachtach agus go comhleanúnach, lena n-áirítear i gcomhthéacs seirbhísí TFC arna soláthar laistigh de ghrúpa airgeadais, ba cheart a shoiléiriú gur cheart gnóthais atá mar chuid de ghrúpa airgeadais agus a sholáthraíonn seirbhísí TFC dá máthairghnóthas den chuid is mó, nó d'fhochuideachtaí nó brainsí a máthairghnóthais, chomh maith le heintitis airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais eile, a mheas freisin mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí faoin Rialachán seo. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil margadh na seirbhísí íocaíochta ag teacht chun bheith ag brath níos mó ar réitigh theicniúla chasta, agus i bhfianaise na gcineálacha seirbhísí íocaíochta agus réitigh a bhaineann le híocaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ba cheart rannpháirtithe in éiceachóras na seirbhísí íocaíochta, a sholáthraíonn gníomhaíochtaí próiseála íocaíochta, nó a oibríonn bonneagair íocaíochta, a mheas freisin mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí faoin Rialachán seo, cé is moite de bhainc cheannais nuair a bhíonn córais íocaíochta nó socraíochta urrús á n-oibriú acu, agus d'údaráis phoiblí nuair a bhíonn seirbhísí a bhaineann le TFC á soláthar acu i gcomhthéacs feidhmeanna Stáit a chomhlíonadh.
- (64) Ba cheart d'eintiteas airgeadais fanacht go hiomlán freagrach i gcónaí as comhlíonadh a oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart d'eintitis airgeadais cur chuige comhréireach i leith faireachán ar rioscaí a thagann chun cinn ar leibhéal na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a chur i bhfeidhm trí chineál, scála, castacht agus tábhacht a spleáchas a bhaineann le TFC, trí chriticiúlacht nó tábhacht na seirbhísí, próiseas nó feidhmeanna atá faoi réir na socruithe conarthacha a bhreithniú go hiomchuí agus, ar deireadh, ar bhonn measúnú cúramach ar aon tionchar féideartha ar leanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí airgeadais ar an leibhéal aonair agus grúpa, de réir mar is iomchuí.
- (65) Ba cheart an faireachán sin a dhéanamh de réir cur chuige straitéiseach i leith riosca TFC tríú páirtí arna chur ar bhonn foirmiúil trí ghlacadh straitéis riosca TFC tríú páirtí tiomnaithe ag comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais, straitéis atá fréamhaithe i scagadh leanúnach ar gach spleáchas TFC tríú páirtí den sórt sin. Chun feabhas a chur ar fheasacht maoirseachta ar spleáchais TFC tríú páirtí, agus d'fhonn tacaíocht níos mó a thabhairt don obair i gcomhthéacs an Chreata Formhaoirseachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart a cheangal ar gach eintiteas airgeadais clár faisnéise a choinneáil le gach sócrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais a bheith in ann an clár iomlán a iarraidh, nó ranna sonracha de a iarraidh, agus, ar an gcaoi sin, faisnéis bhunriachtanach a fháil chun tuiscint níos leithne a fháil ar spleáchais TFC eintiteas airgeadais.
- (66) Ba cheart anailís réamhchonarthach chuimsitheach a dhéanamh roimh shocruithe conarthacha a thabhairt chun críche go foirmiúil agus a bheith mar bhonn taca fúthu, go háirithe trí dhíríú ar ghnéithe amháil criticiúlacht nó tábhacht na seirbhísí lena dtacaítear leis an gconradh TFC atá beartaithe, ar na formheasanna maoirseachta riachtanacha nó coinníollacha eile, ar an riosca comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist, chomh maith le dícheall cuí a chur i bhfeidhm sa phróiseas chun soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a roghnú agus a mheasúnú agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéasúnú. Maidir le socruithe conarthacha a bhaineann le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart d'eintitis airgeadais a chur san áireamh an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí as na caighdeán slándála faisnéise is cothroime le dáta agus is airde. D'fhéadfá

foirceannadh socrúithe conarthacha a spreagadh ar a laghad trí shraith imthosca lena léirítear easnaimh ar leibhéal an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, go háirithe sárúithe suntasacha ar dhlíthe nó téarmaí conarthacha, imthosca a nochtann athrú féideartha ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna dá bhforáiltear sna socrúithe conarthacha, fianaise ar laigí sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ina bhainistíocht riosca TFC fhoriomlán, nó imthosca a léiríonn neamhábaltacht an údaráis inniúil ábhartha maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais.

- (67) Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar sistéamach riosca comhchruinnithe TFC tríú páirtí, cuirtear chun cinn leis an Rialachán seo réiteach cothrom trí bhíthin cur chuige solúbtha céimnithe a ghlacadh i leith riosca comhchruinnithe den sórt sin ós rud é go bhféadfadh forchur srianta dochta nó dianteorainneacha bac a chur ar iompar gnó agus srian a chur ar shaoirse chonarthaigh. Ba cheart d'eintitis airgeadais measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na socrúithe conarthacha atá beartaithe acu chun an dóchúlacht go dtiocfadh riosca den sórt sin chun cinn a shainaithint, lena n-áirítear trí bhíthin anailísí doimhne ar shocrúithe fochonraitheoireachta, go háirithe i gcás ina ndéanfar iad le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír. Ag an gcéim seo, agus d'fhonn cothromaíocht chóir a aimsiú idir an riachtanas chun saoirse chonarthaigh a chaomhnú agus an riachtanas chun cobhsaíocht airgeadais a ráthú, ní mheastar gurb iomchuí rialacha a leagan amach maidir le srianta agus teorainneacha dochta ar neamhchosaintí TFC tríú páirtí. I gcomhthéacs an Chreat Formhaoirseachta, ba cheart do Phríomh-Fhormhaoirseoir arna ainmniú de bhun an Rialacháin seo, maidir le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla aird ar leith a thabhairt chun méid na n-idirspéachas a thuiscint go hiomlán, agus teacht ar chásanna sonracha inar dhócha go gcuirfeadh dlús ard soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla san Aontas brú ar chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais agus ba cheart idirphlé a choimeád ar siúl le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla i gcás ina sainaitnítear an riosca sonracha sin.
- (68) Chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chumas soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí seirbhísí a sholáthar go slán d'eintiteas airgeadais gan éifeachtaí díobhálacha ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil an eintitis airgeadais sin, ba cheart roinnt príomhghnéithe conarthacha le soláthraithe TFC tríú páirtí a chomhchuihbhiú. Ba cheart don chomhchuihbhiú sin réimsí íosta atá ríthábhachtach chun é a chur ar a chumas don eintiteas airgeadais faireachán iomlán a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh teacht as soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, ó thaobh riachtanas eintitis airgeadais a athléimneacht dhigiteach a chinntiútoisc go bhfuil sé ag brath go mór ar chobhsaíocht, feidhmiúlacht, infhaighteacht agus slándáil na seirbhísí TFC a fhaightear.
- (69) Agus socrúithe conarthacha á n-athchaibidil chun ailíniú a lorg le ceanglais an Rialacháin seo, ba cheart d'eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí cumhdach na bpríomhfhóralacha conarthacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú.
- (70) Leis an sainmhíniú ar 'feidhm chriticiúil nó thábhachtach' dá bhforáiltear sa Rialachán seo cuimsítear na 'feidhmeanna criticiúla' de réir mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(1), pointe (35), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾. Dá réir sin, áirítear feidhmeanna a mheastar a bheith criticiúil de bhun Threoir 2014/59/AE leis an sainmhíniú ar fheidhmeanna criticiúla de réir bhrí an Rialacháin seo.
- (71) Gan beann ar chriticiúlacht nó tábhacht na feidhme dá dtacaítear leis na seirbhísí TFC, ba cheart foráil a dhéanamh i socrúithe conarthacha, go háirithe, do shonrú ar na tuairiscí iomlána ar fheidhmeanna agus seirbhísí, ar shuíomhanna ina soláthraítear na feidhmeanna sin agus ina bhfuil na sonraí le próiseáil, mar aon le léiriú ar thuairiscí iomlána ar leibhéal na seirbhíse. Is eilimintí riachtanacha eile iad na nithe seo a leanas lena gcuirtear ar chumas eintiteas airgeadais faireachán a dhéanamh ar riosca TFC tríú páirtí: fóralacha conarthacha lena sonraítear conas a áirithiú soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí inrochtaineacht, infhaighteacht, sláine, slándáil agus cosaint sonraí pearsanta: fóralacha lena leagtar síos na ráthaíochtaí ábhartha maidir le rochtain, athshlánú agus tabhairt ar ais sonraí a chumasú i gcás dhócmhainneacht, réiteach nó scor oibríochtaí gnó an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, chomh maith le fóralacha lena gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí cúnaimh a sholáthar i gcás teagmhais TFC i dtaca leis na seirbhísí a sholáthraítear, gan aon chostas breise nó ar chostas arna chinneadh ex-ante;

⁽²⁰⁾ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

forálacha maidir le hoibleagáid an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí comhoibriú go hiomlán le húdarás inniúla agus údarás réitigh an eintitis airgeadais; agus forálacha maidir le cearta foirceanta agus íostréimhsí fógra ghaolmhara chun na socruithe conarthacha a fhoirceannadh, i gcomhréir le hionchais na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh.

- (72) De bhreis ar na forálacha conarthacha sin, agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh smacht iomlán ag eintitis airgeadais ar gach forbairt a tharlaíonn ar leibhéal tríú páirtí a d'fhéadfadh cur isteach ar a slándáil TFC, ba cheart foráil a dhéanamh freisin sna conarthaí le haghaidh soláthar seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha maidir leis an méid seo a leanas: na tuairiscí ar leibhéal iomlán na seirbhíse a shonrú, maille le spriocanna feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla beachta, ionas go mbeifear in ann bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh gan moill mhíchuí i gcás nach gcomhlíonfar na leibhéil seirbhíse a comhaontaíodh; tréimhsí fógra agus oibleagáidí tuairiscithe ábhartha an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí i gcás forbairtí a bhféadfadh tionchar ábharach a bheith acu ar chumas an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí na seirbhísí TFC faoi seach a sholáthar go héifeachtach; ceanglas ar an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí pleananna teagmhasacha gnó a chur chun feidhme agus a thástáil agus bearta, uirlisí agus bearta slándála TFC a bheith acu lena féidir seirbhísí a sholáthar go slán, agus páirt a ghlacadh agus comhoibriú go hiomlán in TLPT arna déanamh ag an eintiteas airgeadais.
- (73) Ba cheart forálacha a bheith sna conarthaí le haghaidh soláthar seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha lena gcumasaítear cearta rochtana, cigireachta agus iniúchta ag an eintiteas airgeadais, nó ag tríú páirtí ceaptha, agus an ceart cóipeanna a dhéanamh, mar ionstraimí rithábhachtacha i bhfaireachán leanúnach na n-eintiteas airgeadais ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, i dteannta chomhar iomlán an tsoláthraí seirbhísí sin le linn cigireachtaí. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart na cearta sin a bheith ag údarás inniúil an eintitis airgeadais, bunaithe ar fhógraí, chun cigireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.
- (74) Ba cheart foráil a dhéanamh sna socruithe conarthacha sin freisin do straitéisí tiomnaithe scoir a chumasú, go háirithe, chun idirthréimhsí sainordaitheacha ar cheart do na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí leanúint de na feidhmeanna ábhartha a sholáthar lena linn, d'fhonn an riosca bristeacha ar leibhéal an eintitis airgeadais a laghdú, nó lena chur ar a chumas don eintiteas sin aistriú go héifeachtach go soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí eile, nó de mhálairt air sin, athrú chuig réitigh inmheánacha, atá comhsheasmhach le castacht na seirbhíse TFC arna soláthar. Thairis sin, ba cheart d'eintitis airgeadais a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE a áirithiú go mbeidh na conarthaí ábhartha le haghaidh seirbhísí TFC láidir agus infhorfheidhmithe go hiomlán i gcás réiteach na n-eintiteas airgeadais sin. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hionchais na n-údarás réitigh, ba cheart d'eintitis airgeadais a áirithiú go bhfuil na conarthaí ábhartha le haghaidh sheirbhísí TFC athléimneach ó thaobh réitigh de. Fad a leanfaidh siad de bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí íocaíochta, ba cheart do na heintitis airgeadais sin a áirithiú, i measc ceanglais eile, go bhfuil clásail sna conarthaí ábhartha le haghaidh seirbhísí TFC maidir le neamhfhoirceannadh, neamhfhionraí agus neamh-mhodhnú ar fhorais athstruchtúraithe nó réitigh.
- (75) Thairis sin, d'fhéadfadh úsáid dheonach na gclásal conarthach caighdeánach arna bhforbairt ag údarás phoiblí nó institiúidí an Aontais, go háirithe úsáid clásal conarthach a d'fhorbair an Coimisiún le haghaidh néalseirbhísí, compord breise a thabhairt do na heintitis airgeadais agus soláthraithe TFC tríú páirtí, trí fheabhas a chur ar an leibhéal deimhneachta dlíthiúla maidir le húsáid néalseirbhísí san earnáil airgeadais, i gcomhréir iomlán le ceanglais agus ionchais a leagtar amach i ndlí um sheirbhísí airgeadais an Aontais. Le forbairt clásal conarthach caighdeánach, cuirtear le bearta a beartaíodh cheana féin i bPlean Gníomhaíochta FinTech in 2018 inar fógraíodh an rún a bhí ag an gCoimisiún forbairt clásal conarthach caighdeánach a spreagadh agus a éascú maidir le seachfhoinsí néalseirbhísí ag eintitis airgeadais, ag baint leas as iarrachtaí geallsealbhóirí néalseirbhísí trasearnála, atá éascaithe ag an gCoimisiún le cuidiú ó rannpháirtíocht na hearnála airgeadais.
- (76) D'fhonn cóineasú agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i ndáil le cuir chuige mhaoirseachta agus aghaidh á tabhairt ar riosca TFC tríú páirtí san earnáil airgeadais, agus chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais a bhraitheann ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a neartú le haghaidh na seirbhísí TFC lena dtacaítear le soláthar seirbhísí agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais a chaomhnú agus le sláine an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí airgeadais. Cé go bhfuil údar le bunú an Chreata Formhaoirseachta mar gheall ar an mbreisluach a bhaineann le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus de bhua an ról agus na sainiúlachtaí bunúsacha a bhaineann le húsáid seirbhísí TFC i soláthar seirbhísí airgeadais, ba cheart a mheabhrú ag an am céanna nach ndearraíonn sé go bhfuil an réiteach sin oiriúnach ach

amháin i gcomhthéacs an Rialacháin seo a dhéileáilann go sonrach le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil san earnáil airgeadais. Mar sin féin, níor cheart breathnú ar an gCreat Formhaoirseachta sin mar shamhail nua do mhaoirseacht an Aontais i réimsí na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí airgeadais.

- (77) Níor cheart feidhm a bheith ag an gCreat Formhaoirseachta ach amháin maidir le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla. Dá bhrí sin, ba cheart sásra ainmniúcháin a bheith ann chun gné agus cineál spleáchais na hearnála airgeadais ar na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí sin a chur san áireamh. Ba cheart sraith critéar cainníochtúil agus cáilíochtúil a bheith i gceist leis an sásra sin chun na paraiméadair chriticiúlachta a shocrú mar bhonn le cur san áireamh sa Chreat Formhaoirseachta. Chun cruinneas an mheasúnaithe sin a áirithiú, agus gan beann ar struchtúr corparáideach an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, ba cheart struchtúr grúpa iomlán an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a chur san áireamh sna critéir sin, i gcás soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá mar chuid de ghrúpa níos leithne. Ar thaobh amháin, soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla nach n-ainmnítear go huathoibríoch iad de bhua chur i bhfeidhm na gcritéir sin, ba cheart go bhféadfaidís roghnú ar bhonn deonach a bheith páirteach sa Chreat Formhaoirseachta; ar an taobh eile, na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí sin atá faoi réir creatáí sásraí formhaoirseachta cheana féin lena dtacaítear le tascanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 127(2) CFAE, ba cheart na soláthraithe sin a dhíolmhú dá réir sin.
- (78) Ar an gcaoi chéanna, eintitis airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais eile, cé go mbaineann siad le catagóir na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí faoin Rialachán seo, ba cheart iad a dhíolmhú freisin ón gCreat Formhaoirseachta ós rud é go bhfuil siad cheana féin faoi réir sásraí maoirseachta arna mbunú le dlí ábhartha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais. I gcás inarb infheidhme, ba cheart d'údarais inniúla, i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí maoirseachta, an riosca TFC atá ag eintitis airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais a chur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar na sásraí faireacháin riosca atá ann cheana ar leibhéal an ghrúpa, ba cheart an díolúine chéanna a thabhairt isteach do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhísí go príomha d'eintitis a ngrúpa féin. Soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nach soláthraíonn seirbhísí TFC ach amháin i mBallstát amháin d'eintitis airgeadais nach bhfuil gníomhach ach amháin sa Bhallstát sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón sásra ainmniúcháin mar gheall ar a ngníomhaíochtaí teoranta agus easpa tionchair trasteorann.
- (79) Mar thoradh ar an gclaoclú digiteach a tharla i seirbhísí airgeadais, tá leibhéal úsáide agus spleáchais ar sheirbhísí TFC nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Ós rud é nach féidir a shamhlú anois seirbhísí airgeadais a sholáthar gan seirbhísí néalríomhaireachta, réitigh bogearraí agus seirbhísí a bhaineann le sonraí a úsáid, tá éiceachóras airgeadais an Aontais anois ag brath go hiomlán ar sheirbhísí TFC áirithe arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC. Tá ról suntasach ag roinnt de na soláthraithe sin, nuálaithe i bhforbairt agus cur i bhfeidhm theicneolaíochtaí TFC-bhunaithe, i seachadadh seirbhísí airgeadais, nó tá siad comhtháite i slabhra luacha na seirbhísí airgeadais. Dá bhrí sin, tá siad ríthábhachtach do chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais. Cruthaíonn an spleáchas forleathan sin ar sheirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí TFC tríú páirtí criticiúla, mar aon le hidirspeáchas chórais faisnéise na n-oibreoirí margaidh éagsúla, riosca díreach, a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach, do chóras seirbhísí airgeadais an Aontais agus leanúnachas sheachadadh na seirbhísí airgeadais dá ndéanadh suaitheadh oibríochtúil nó cibirtheagmhais mhóra difear do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla. Tá cumas ar leith ag cibirtheagmhais méadú agus iomadú ar fud an chórais airgeadais ar luas i bhfad níos tapúla ná cineálacha eile riosca a ndéantar faireachán orthu san earnáil airgeadais agus is féidir leo leathnú thar earnálacha agus teorainneacha geografacha. D'fhéadfaidís forbairt ina ngéarchéim shistéamach, ina dtiocfadh laghdú ar mhúinín as an gcóras airgeadais mar gheall ar chur isteach ar fheidhmeanna a thacaíonn leis an bhfíorghuilleagar, nó mar gheall ar chaillteanas shuntasacha airgeadais, a shroicheann leibhéal nach féidir leis an gcóras airgeadais a sheasamh, nó a éilíonn bearta ionsúcháin turrainge troma a úsáid. Chun cosc a chur ar na cásanna sin tarlú agus, ar an gcaoi sin, cobhsaíocht airgeadais agus sláine an Aontais a chur i mbaol, tá sé bunriachtanach cóineasú na gcleachtas maoirseachta a bhaineann le riosca TFC tríú páirtí a sholáthar, go háirithe trí rialacha nua lena gcumasaítear formhaoirseacht an Aontais ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla.

- (80) Braitheann an Creat Formhaoirseachta den chuid is mó ar an méid comhoibríthe idir an Príomh-Fhormhaoirseoir agus an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a sholáthraíonn seirbhísí d'eintitis airgeadais a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí airgeadais. Tá formhaoirseacht rathúil bunaithe, *inter alia*, ar chumas an Phríomh-Fhormhaoirseora misin faireacháin agus cigireachtaí a dhéanamh go héifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar na rialacha, na rialuithe agus na próisis a úsáideann na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an tionchar carnach a d'fhéadfadh a bheith ag a gcuid gníomhaíochtaí ar chobhsaíocht airgeadais agus ar shláine an chórais airgeadais. Ag an am céanna, tá sé rithábhachtach go leanfaidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla moltaí an Phríomh-Fhormhaoirseora agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar na hábhair inní atá aige. Ós rud é, i ngeall ar easpa comhair ó sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a sholáthraíonn seirbhísí lena ndéantar difear do sholáthar seirbhísí airgeadais, amhail diúltú rochtain a thabhairt ar a áitreabh nó faisnéis a chur isteach, go mbainfí ar deireadh thiar den Phríomh-Fhormhaoirseoir a uirlisí bunriachtanacha chun riosca TFC tríú páirtí a mheas, agus go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais agus sláine an chórais airgeadais, is gá foráil a dhéanamh freisin maidir le córas smachtbhannaí i gcomhréir.
- (81) I bhfianaise an mhéid sin, níor cheart go gcuirfí i mbaol gur gá don Phríomh-Fhormhaoirseoir íocaíochtaí pionóis a fhorchur chun iallach a chur ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla na hoibleagáidí trédhearcachta agus na hoibleagáidí a bhaineann le rochtain a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh de bharr deacrachtaí a eascraíonn as forfheidhmiú na n-íocaíochtaí pionóis sin i ndáil le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla atá bunaithe i dtríú tíortha. Chun in-fhorfheidhmitheacht na bpionós sin a áirithiú, agus chun go bhféadfar nósanna imeachta lena gcaomhnaítear cearta cosanta na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a chur i bhfeidhm go tapa i gcomhthéacs an tsásra ainmniúcháin agus chun go bhféadfar moltaí a eisiúint, ba cheart ceangal a bheith ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, agus seirbhísí lena ndéantar difear do sholáthar seirbhísí airgeadais á soláthar acu d'eintitis airgeadais, láithreach leordhóthanach ghnó a choinneáil san Aontas. I bhfianaise chineál na formhaoirseachta, agus easpa socruithe inchomparáide i ndlínsí eile, níl aon sásraí malartacha oiriúnacha ann lena n-áirithítear an cuspóir sin trí chomhar éifeachtach le maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha i ndáil le faireachán a dhéanamh ar thionchar na rioscaí oibríochtúla digiteacha a bhaineann le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí sistéamacha, a cháilíonn mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla atá bunaithe i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, chun leanúint de sheirbhísí TFC a sholáthar d'eintitis airgeadais san Aontas, ba cheart do sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír, a ainmníodh mar sholáthraí criticiúil i gcomhréir leis an Rialachán seo, na socruithe uile is gá a dhéanamh, laistigh de 12 mhí ón ainmniú sin, chun a ionchorprú laistigh den Aontas a áirithiú, trí fhochuideachta a bhunú, mar a shainítear ar fud *acquis* an Aontais, eadhon i dTreoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾.
- (82) Níor cheart go gcuirfeadh an ceanglas maidir le fochuideachta a bhunú san Aontas cosc ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil seirbhísí TFC agus tacaíocht theicniúil ghaolmhar a sholáthar ó shaoráidí agus bonneagar atá lonnaithe lasmuigh den Aontas. Leis an Rialachán seo ní dhéantar oibleagáidí logánaithe sonraí a fhorchur ós rud é nach gceanglaítear leis stóráil ná próiseáil sonraí a dhéanamh san Aontas
- (83) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a bheith in ann seirbhísí TFC a sholáthar ó áit ar bith ar domhan agus, dá bhrí sin, ní gá go mbeadh sé riachtanach go mbeadh áitreabh acu atá lonnaithe san Aontas nó san Aontas amháin. Ba cheart gníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéanamh ar dtús in áitreabh atá lonnaithe san Aontas agus trí idirghníomhú le heintitis atá lonnaithe san Aontas, lena n-áirítear na fochuideachtaí arna mbunú ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla de bhun an Rialacháin seo. D'fhéadfadh sé, áfach, nárbh leor na gníomhaíochtaí sin laistigh den Aontas chun a cheadú don Phríomh-Fhormhaoirseoir a dhualgais a chomhlíonadh go hiomlán agus go héifeachtach faoin Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, don Phríomh-Fhormhaoirseoir a bheith in ann a chumhachtaí maoirseachta ábhartha a fheidhmiú i dtríú tíortha. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú i dtríú tíortha, ba cheart go mbeadh an Príomh-Fhormhaoirseoir in ann scrúdú a dhéanamh ar na saoráidí óna ndéanann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil na seirbhísí TFC nó na seirbhísí tacaíochta teicniúla a sholáthar nó a bhainistiú go hiarbhair, agus ba cheart tuiscint chuimsitheach oibríochtúil a thabhairt don Phríomh-Fhormhaoirseoir ar bhainistiúocht riosca TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil. Maidir leis an bhféidearthacht atá ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir, mar ghníomhaireacht de chuid an Aontais, cumhachtaí a fheidhmiú lasmuigh de chríoch an Aontais, ba cheart í a cheapadh go cúil le coinníollacha ábhartha, go háirithe toiliú ó sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart údarás ábhartha an tríú tír a chur ar an eolas faoi gníomhaíochtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora a fheidhmiú ar a gcríoch féin, agus níor cheart go mbeadh sé tar éis cur ina choinne sin. Chun cur chun feidhme éifeachtúil a áirithiú, áfach,

⁽²¹⁾ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

agus gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát faoi seach, ní mór na cumhachtaí sin a bheith fréamhaithe go hiomlán i dtabhairt i gcrích socrúithe comhair riaracháin le húdaráis ábhartha an tríú tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo, ba cheart a chur ar chumas na ÚMEnna socrúithe comhair riaracháin a thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha tríú tíortha, ar socrúithe iad nár cheart oibleagáidí dlíthiúla a chruthú ar shlí eile i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit.

- (84) Chun cumarsáid leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir a éascú agus chun ionadaíocht leordhóthanach a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, atá mar chuid de ghrúpa, duine dlítheanach amháin a ainmniú mar phointe comhordúcháin.
- (85) Ba cheart don Chreat Formhaoirseachta a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát a misin formhaoirseachta nó faireacháin féin a dhéanamh i ndáil le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nach bhfuil ainmnithe mar sholáthraithe criticiúla faoin Rialachán seo ach a bhféadfaí iad a mheas a bheith tábhachtach ar an leibhéal náisiúnta.
- (86) Chun an struchtúr institiúideach ilsrathach i réimse na seirbhísí airgeadais a ghíaráil, ba cheart don Chomhchoiste ÚMEnna leanúint de chomhordú foriomlán trasearnála a áirithiú i ndáil le gach ábhar a bhaineann le riosca TFC, i gcomhréir lena chúraimí maidir leis an gcibearshlándaíl. Ba cheart tacaíocht a thabhairt dó ó Fhochoiste nua ('an Fóram Formhaoirseachta') a dhéanann obair ullmhúcháin maidir leis na cinntí aonair atá dírithe ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, agus maidir le moltaí comhchoiteanna a eisiúint, go háirithe maidir leis na clár formhaoirseachta a thagarmharcáil do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, agus dea-chleachtais a shainnithint chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna riosca TFC maidir le comhchruinniú.
- (87) Chun a áirithiú go ndéantar maoirseacht iomchuí éifeachtach ar leibhéal an Aontais ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, foráiltear leis an Rialachán seo go bhféadfaí aon cheann de na trí ÚMEnna a ainmniú mar Phríomh-Fhormhaoirseoir. Ba cheart soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a shannadh go leithleach do cheann amháin de na trí ÚME mar thoradh ar mheasúnú ar phríomhfhreagracht na n-eintiteas airgeadais a oibríonn sna hearnálacha airgeadais a bhfuil freagrachtaí ag ÚMEnna ina leith. Ba cheart leithdháileadh cothrom cúraimí agus freagrachtaí idir na trí ÚME a bheith mar thoradh ar an gcur chuige seo, i gcomhthéacs na feidhmeanna formhaoirseachta a fheidhmiú, agus ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní daonna agus as an saineolas teicniúil atá ar fáil i ngach ceann de na trí ÚME.
- (88) Ba cheart na cumhachtaí is gá a dheonú do Phríomh-Fhormhaoirseoirí chun imscrúduithe a dhéanamh, chun cigireachtaí ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh ag áitribh agus suíomhanna soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla agus chun faisnéis iomlán agus nuashonraithe a fháil. Ba cheart do na cumhachtaí sin an Phríomh-Fhormhaoirseoir a chumasú chun fíorléargas a fháil ar chineál, gné agus tionchar an riosca TFC tríú páirtí d'eintitis airgeadais agus, ar deireadh, do chóras airgeadais an Aontais. Réamhriachtanas is ea ról na príomh-fhormhaoirseachta a chur ar iontaoibh ÚMEnna chun an ghné shistéamach de riosca TFC san airgeadas a thuiscint agus chun aghaidh a thabhairt uirthi. Leis an tionchar atá ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla ar earnáil airgeadais an Aontais agus na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr riosca TFC maidir le comhchruinniú a bhaineann leis sin, is gá cur chuige comhchoiteann a ghlacadh ar leibhéal an Aontais. Dá ndéanfaí il-iniúchtaí agus dá dtabharfaí cearta rochtana go comhuaineach, arna ndéanamh ar leithligh ag an iliomad údarás inniúil, gan mórán comhordaithe eatarthu, chuirfí cosc ar mhaoirseoirí airgeadais forléargas iomlán cuimsitheach a fháil ar riosca TFC tríú páirtí san Aontas, agus, ag an am céanna, chruthófaí iomarcaíocht, ualach agus castacht do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla dá mbeidís faoi réir iarrataí iomadúla faireacháin agus cigireachta.
- (89) Mar gheall ar an tionchar suntasach a bheadh ar sholáthraithe dá n-ainmneofaí mar sholáthraithe criticiúla iad, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo go ndéanfar cearta soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a urramú ar fud chur chun feidhme an Chreata Formhaoirseachta. Sula n-ainmnítear mar sholáthraithe criticiúla iad, ba cheart, mar shampla, go mbeadh sé de cheart ag na soláthraithe sin ráiteas réasúnaithe a chur faoi bhráid an Phríomh-Fhormhaoirseora ina mbeadh aon fhaisnéis ábhartha chun críocha an mheasúnaithe a bhaineann lena n-ainmniú. Ós rud é gur cheart cumhacht a thabhairt don Phríomh-Fhormhaoirseoir moltaí maidir le hábhair riosca TFC agus leigheasanna oiriúnacha orthu a chur isteach, lena n-áirítear an chumhacht cur i gcoinne socrúithe conarthacha áirithe a dhéanann difear ar deireadh do chobhsaíocht an eintitis airgeadais nó an chórais airgeadais, ba cheart an deis a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla freisin, sula dtabharfar na moltaí sin chun críche, mínithe a sholáthar maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag na réitigh atá beartaithe sa mholadh ar

chustaiméirí nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus réitigh a cheapadh chun rioscaí a mhaolú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla nach n-aontaíonn leis na moltaí míniú réasúnaithe a chur isteach maidir lena rún gan an moladh a fhormhuiniú. I gcás nach gcuirtear isteach an míniú réasúnaithe sin nó i gcás ina measfar nach leor é, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir fógra poiblí a eisiúint ina ndéanfaí cur síos achomair ar ábhar an neamhchomhlíonta.

- (90) Ba cheart do na húdaráis inniúla an cúram fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh substainteach na moltaí arna n-eisiúint ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir á áireamh go cuí ina bhfeidhmeanna maidir le maoirseacht stuamachta ar eintitis airgeadais. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann ceangal a chur ar eintitis airgeadais bearta breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaitnítear i moltaí an Phríomh-Fhormhaoirseora, agus ba cheart dóibh, in am trátha, fógraí a eisiúint chuige sin. I gcás ina dtabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir aghaidh ar mholtaí do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a ndéantar maoirseacht orthu faoi Threoir (AE) 2022/2555 ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann dul i gcomhairle, ar bhonn deonach, agus sula nglacfadh siad bearta breise, leis na húdaráis inniúla faoin Treoir sin chun cur chuige comhordaithe a chothú a dhéileáil leis na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla atá i gceist.
- (91) Ba cheart feidhmiú na formhaoirseachta a bheith bunaithe ar thrí phrionsabal oibríochtúla lena bhféachtar leis an méid seo a leanas a áirithiú: (a) dlúthchomhordú i measc ÚMEnna ina róil mar Phríomh-Fhormhaoirseoirí, trí líonra formhaoirseachta comhpháirtí (JON), (b) comhsheasmhacht leis an gcreat a bunaíodh le Treoir (AE) 2022/2555 (trí chomhairliúchán deonach leis na comhlachtaí faoin Treoir sin chun dúbláil beart atá dírithe ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a sheachaint), agus (c) dícheall a chur i bhfeidhm chun an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go gcuirfí isteach ar sheirbhísí arna soláthar ag na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a íoslghdú do chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (92) Níor cheart an Creat Formhaoirseachta a chur in ionad an cheanglais atá ar eintitis airgeadais na rioscaí a bhaineann le húsáid soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a bhainistiú iad féin, ná níor cheart é a ionadú ar bhealach ar bith nó ar aon chuid de, lena n-áirítear a n-oibleagáid faireachán leanúnach a choinneáil ar bun ar shocruithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart éifeacht a bheith ag an gCreat Formhaoirseachta ar fhreagracht iomlán na n-eintiteas airgeadais cloí le gach oibleagáid dhlíthiúil a leagtar síos sa Rialachán seo, agus sa reachtaíocht seirbhísí airgeadais ábhartha, agus na ceanglais sin a chomhlíonadh.
- (93) Chun dúbláil agus forluí a sheachaint, ba cheart do na húdaráis inniúla staonadh ó aon bhearta a dhéanamh ina n-aonar atá dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar rioscaí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus ba cheart dóibh, ina leith sin, brath ar mheasúnú an Phríomh-Fhormhaoirseora ábhartha. I gcás ar bith, ba cheart aon bhearta a chomhordú agus a chomhaontú roimh ré leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir i gcomhthéacs fheidhmiú na gcúraimí sa Chreat Formhaoirseachta.
- (94) Chun cóineasú a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le húsáid dea-chleachtas san athbhreithniú agus san fhaireachán a dhéantar ar bhainistíocht riosca dhigiteach sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, ba cheart ÚMEnna a spreagadh chun socruithe comhair a thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha mhaoirseachta agus rialála tríú tír.
- (95) Chun inniúlachtaí, scileanna teicniúla agus saineolas sonracha na foirne atá speisialaithe i riosca oibríochtúil agus TFC laistigh de na húdaráis inniúla, na dtrí ÚME, agus, ar bhonn deonach, na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) 2022/2555 a ghíaráil, ba cheart don Phríomh-Fhormhaoirseoir, leas a bhaint as cumais agus eolas maoirseachta náisiúnta agus foirne scrúdaithe tiomnaithe a bhunú do gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, lena gcomhthiomsaítear foirne ildisciplíneacha chun tacú le hullmhú agus feidhmiú gníomhaíochtaí formhaoirseachta, lena n-áirítear scrúdúcháin ghinearálta agus cigireachtaí ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, mar aon le haon bhearta leantacha ina leith a bhfuil gá leo.
- (96) Cé go ndéanfaí costais a eascraíonn as cúraimí maoirseachta a chistiú go hiomlán ó tháillí a thobhítear ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, is dócha, áfach, go dtabhóidh ÚMEnna, roimh thús an Chreata Formhaoirseachta, costais maidir le cur chun feidhme córas tiomnaithe TFC a thacaíonn leis an maoirseacht atá ar na bacáin, ós rud é gur ghá córais thiomnaithe TFC a fhorbairt agus a imscaradh roimh ré. Dá bhrí sin, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le samhail chistiúcháin hibrideach, lena ndéanfaí an Creat Formhaoirseachta a mhaoiniú go hiomlán ó tháillí, sa cháil sin, agus go ndéanfaí forbairt chórais TFC na ÚMEnna a chistiú ó ranniocaíochtaí ón Aontas agus ó na húdaráis inniúla náisiúnta.

- (97) Ba cheart na cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaithe agus forchurtha smachtbhannaí is gá a bheith ag údaráis inniúla chun cur i gcrích a ndualgas faoin Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart dóibh, i bprionsabal, fógraí a fhoilsiú maidir leis na pionóis riaracháin a ghearrann siad. Ós rud é go bhféadfadh eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a bheith bunaithe i mBallstáit éagsúla agus a bheith faoi mhaoirseacht ag údaráis inniúla éagsúla, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialachán seo a éascú, de pháirt amháin, trí dhlúthchomhar idir na húdaráis inniúla iomchuí, lena n-áirítear BCE i ndáil le cúraimí sonracha a bhronntar air faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle, agus, de pháirt eile, trí comhar le ÚMEnna trí mhalartú frithpháirteach faisnéise agus trí chúnaimh a sholáthar i dtaca le gníomhaíochtaí maoirseachta ábhartha.
- (98) Chun na critéir ainmniúcháin do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí mar sholáthraithe criticiúla a chainníochtú agus a cháiliú níos mó agus chun táillí formhaoirseachta a chomhchuíbhíú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun sonrú breise a dhéanamh ar an tionchar sistéamach a d'fhéadfadh a bheith ag mainneachtain nó éaradh oibríochtuil soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ar na heintitis airgeadais dá soláthraíonn sé seirbhísí TFC, an líon institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIInna) nó institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIIInna) a bhíonn ag brath ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá i gceist, an líon soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí atá gníomhach i margadh sonrath, na costais a bhaineann le sonraí agus ualaí TFC a aistriú chuig soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí eile mar aon le méid na dtáillí formhaoirseachta agus an chaoi a bhfuil siad le híoc. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽²³⁾. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart go bhfaigheadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (99) Ba cheart comhchuíbhíú comhsheasmhach na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú i gcaighdeáin theicniúla rialála. Ba cheart do ÚMEnna, ina ról mar chomhlachtaí a bhfuil saineolas an-speisialaithe acu, dréachtch-aigneáin theicniúla rialála, nach mbeadh roghanna beartais ag baint leo, a fhorbairt lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt i réimsí amháin bainistíocht riosca TFC, mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thuairisciú, an tástáil agus maidir le príomhcheanglais le haghaidh faireachán iontaofa ar riosca TFC tríú páirtí. Ba cheart don Choimisiún agus do ÚMEnna a áirithiú go bhféadfaidh na heintitis airgeadais go léir na caighdeáin agus na ceanglais sin a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach lena méid agus próifíl riosca fhoriomlán, agus le cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.
- (100) Chun inchomparáideacht tuairiscí ar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC agus ar mhórtheagmhais a bhaineann le híocaíocht oibríochtuil nó slándála a éascú, mar aon le trédhearcacht a áirithiú maidir le socruithe conarthacha i ndáil le húsáid seirbhísí TFC arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, ba cheart ÚMEnna a shainordú chun dréachtchaigneáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt lena mbunaítear teimpléid, foirmeacha agus nósanna imeachta caighdeánaithe d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus mórtheagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtuil nó slándála a thuairisciú, mar aon le teimpléid chaighdeánacha don chlár faisnéise. Agus na caighdeáin sin á bhforbairt acu, ba cheart do na ÚMEnna méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais a chur san áireamh, chomh maith le cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

(23) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (101) Ós rud é gur sonraíodh ceanglais bhreise cheana féin trí ghníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme bunaithe ar chaighdeán theicniúla rialála agus caighdeán theicniúla cur chun feidhme i Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ⁽²³⁾, (AE) Uimh. 648/2012 ⁽²⁴⁾, (AE) Uimh. 600/2014 ⁽²⁵⁾ agus (AE) Uimh. 909/2014 ⁽²⁶⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is iomchuí ÚMEnna a shainordú, ina n-aonair nó le chéile tríd an gComhchoiste, chun caighdeán theicniúla rialála agus caighdeán theicniúla cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme a ghlacadh chun rialacha reatha bainistíochta riosca TFC a thabhairt anonn agus a thabhairt cothrom le dáta.
- (102) Ós rud é go gcuimsítear leis an Rialachán seo, in éineacht le Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾, comhdhlúthú na bhforálacha bainistíochta riosca TFC thar rialacháin agus treoracha iolracha de acquis an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Rialachán (AE) 2016/1011 ⁽²⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun comhsheasmhacht iomlán a áirithiú, ba cheart na Rialacháin sin a leasú le soiléiriú go leagtar amach na forálacha ábhartha a bhaineann le riosca TFC is infheidhme sa Rialachán seo.
- (103) Dá bhrí sin, maidir le raon feidhme na n-airteagal ábhartha a bhaineann le riosca oibríochtúil, ar ina leith a thug na cumhachtuithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 (AE) Uimh. 909/2014, agus (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sainordú do ghlacadh gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme, ba cheart an raon feidhme sin a chúngú d'fhonn na forálacha uile lena gcumhdaítear gnéithe na hathléimneachta digitiú oibríochtúla, ar cuid anois de na Rialacháin sin iad, a thabhairt anonn isteach sa Rialachán seo.
- (104) Ba cheart aghaidh a thabhairt go cuí ar leibhéal an Aontais ar an gcibear-riosca sistéamach féideartha a bhaineann le húsáid bonneagar TFC lena gcumasaítear córais íocaíochta a oibriú agus gníomhaíochtaí próiseála íocaíochta a sholáthar trí rialacha comhchuibhithe maidir le hathléimneacht dhigiteach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go pras ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme an Rialacháin seo agus an t-athbhreithniú sin a ailíniú le toradh an athbhreithnithe chuimsithigh atá beartaithe faoi Threoir (AE) 2015/2366. Léiríonn go leor ionsaithe mórsála le 10 mbliana anuas an chaoi a bhfuil córais íocaíochta neamhchosanta ar chibearbhagairtí. Agus iad i gcroílár shlabhra na seirbhísí íocaíochta agus idirnáisc láidre acu leis an gcóras airgeadais foriomlán, tá tábhacht chriticiúil ag baint anois le córais íocaíochta agus gníomhaíochtaí próiseála íocaíochta d'fheidhmiú mhargaí airgeadais an Aontais. Féadfaidh cibirionsaithe ar chórais den sórt sin a bheith ina gcúis le mórshuaitheadh i ngnó oibríochtúil a bhfuil iarmhairtí díreacha aige ar phríomhfheidhmeanna eacnamaíocha, amhail íocaíochtaí a éascú, agus éifeachtaí indíreacha ar phróisis eacnamaíocha ghaolmhara. Go dtí go gcuirfear córas comhchuibhithe agus maoirseacht ar oibreoirí córas íocaíochta agus eintiteas próiseála i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais, féadfaidh na Ballstáit, d'fhonn cleachtais margaidh chomhchosúla a chur i bhfeidhm, inspioráid a fháil ó na ceanglais maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil a leagtar síos leis an Rialachán seo, agus rialacha á gcur i bhfeidhm acu maidir le hoibreoirí córas íocaíochta agus eintiteas próiseála a ndéantar maoirseacht orthu faoina ndlínsí féin.
-
- ⁽²³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).
- ⁽²⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).
- ⁽²⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).
- ⁽²⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).
- ⁽²⁷⁾ Treoir (AE) 2022/2556 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus (AE) 2016/2341 a mhéid a bhaineann le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil le haghaidh na hearnála airgeadais (Féach leathanach 153 den Iris Oifigiúil seo).
- ⁽²⁸⁾ Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagamharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

- (105) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, mar atá ardleibhéal athléimneachta digítí oibríochtúla infheidhme a ghnóthú le haghaidh eintitis airgeadais rialáilte, de bhrí go bhfuil gá le comhchuíbhiú rialacha éagsúla i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, ach gur fearr is féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí atá sé, an cuspóir a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, prionsabal a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (106) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁹⁾ agus thug an Maoirseoir tuairim an 10 Bealtaine 2021 ⁽³⁰⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Chun ardleibhéal coiteann athléimneachta digítí oibríochtúla a bhaint amach, leagtar síos sa Rialachán seo ceanglais aonfhoirmeacha maidir le slándáil córas gréasán agus faisnéise lena dtacaítear le próisis ghnó na n-eintiteas airgeadais mar a leanas:

- (a) ceanglais is infheidhme maidir le heintiteas airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (i) bainistíocht riosca teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC);
 - (ii) mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú agus cibearbhagairtí suntasacha a chur in iúl do na húdaráis inniúla ar bhonn deonach;
 - (iii) mórtheagmhais oibríochtúla nó mórtheagmhais a bhaineann le híocaíochtaí slándála a thuairisciú do na húdaráis inniúla ó eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (d);
 - (iv) tástáil maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil;
 - (v) comhroinnt eolais agus faisnéise i ndáil le cibearbhagairtí agus leochaileachtaí;
 - (vi) bearta le haghaidh na bainistíochta fóna den riosca TFC tríú páirtí ag eintitis airgeadais;
- (b) ceanglais i ndáil leis na socrúithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích idir soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí agus eintitis airgeadais;
- (c) rialacha maidir leis an gCreat Formhaoirseachta do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a bhunú agus a dhéanamh agus seirbhísí á soláthar acu d'eintitis airgeadais;
- (d) rialacha maidir le comhar i measc údarais inniúla, agus rialacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú ag údarais inniúla i ndáil le gach ábhar a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

2. I ndáil le heintitis airgeadais arna sainiúint mar eintitis bhunriachtanacha nó thábhachtacha de bhun rialacha náisiúnta lena dtrasuítear Airteagal 3 de Threoir (AE) 2022/2555, measfar go mbeidh an Rialachán seo ina ghníomh dlí sainearnála de chuid an Aontais chun críocha Airteagal 4 den Treoir sin.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do fhreagracht na mBallstát maidir le feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a bhaineann leis an tslándáil phoiblí, leis an gcosaint agus leis an tslándáil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

⁽²⁹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽³⁰⁾ IO C 229, 15.6.2021, lch. 16.

*Airteagal 2***Raon feidhme**

1. Gan dochar do mhíreanna 3 agus 4, tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na heintitis seo a leanas:
 - (a) institiúidí creidmheasa;
 - (b) institiúidí íocaíochta, lena n-áirítear institiúidí íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Threoir (AE) 2015/2366;
 - (c) soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais;
 - (d) institiúidí ríomh-airgid, lena n-áirítear institiúidí ríomh-airgid atá díolmhaithe de bhun Threoir 2009/110/CE;
 - (e) gnólachtaí infheistíochta;
 - (f) soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní mar a údaraítear faoi Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (an Rialachán maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní) agus eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha;
 - (g) taisclanna lárnacha urrús;
 - (h) contrapháirtithe lárnacha;
 - (i) ionaid trádála;
 - (j) stórtha trádála;
 - (k) bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha;
 - (l) cuideachtaí bainistíochta;
 - (m) soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí;
 - (n) gnóthais árachais agus atharachais;
 - (o) idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe atharachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha;
 - (p) institiúidí um sholáthar pinsean ceirde;
 - (q) gníomhaireachtaí rátála creidmheasa;
 - (r) riarthóirí tagarmharcanna criticiúla;
 - (s) soláthraithe seirbhísí sluachstíúcháin;
 - (t) stórtha urrúsúcháin;
 - (u) soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí.
2. Chun críocha an Rialacháin seo, is mar 'eintitis airgeadais' a thagraífar do na heintitis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (t) le chéile.
3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2011/61/AE;
 - (b) gnóthais árachais agus atharachais dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2009/138/CE;
 - (c) institiúidí um sholáthar pinsean ceirde a oibríonn scéimeanna pinsin nach bhfuil níos mó ná 15 chomhalta san iomlán iontu le chéile;
 - (d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá díolmhaithe de bhun Airteagail 2 agus 3 de Threoir 2014/65/AE;
 - (e) idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe atharachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha ar micrifhiontair nó fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide iad;
 - (f) institiúidí gioró oifige poist mar a thagraítear dóibh in Airteagal 2(5), pointe (3), de Threoir 2013/36/AE.

4. Féadfaidh na Ballstáit eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointí (4) go (23), de Threoir 2013/36/AE atá lonnaithe laistigh dá gcríocha faoi seach a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as an rogha sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin chomh maith le haon athruithe a dhéanfar air ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin nó ar mhodh eile atá inrochtana go héasca.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘athléimneacht dhigiteach oibríochtúil’ cumas eintitis airgeadais a shláine oibríochta agus a iontaofacht a thógáil, a dhearbhu agus athbhreithniú a dhéanamh orthu trí, go díreach nó go hindíreach, úsáid a bhaint as seirbhís arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, réimse iomlán na gcumas a bhaineann le TFC a áirithiú a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a mbaineann eintiteas airgeadais úsáid astu, agus a thacaíonn le soláthar leanúnach seirbhísí airgeadais agus a gcáilíocht, lena n-áirítear le linn bristeacha;
- (2) ciallaíonn ‘córas gréasán agus faisnéise’ córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe 1, de Threoir (AE) 2022/2555 ;
- (3) ciallaíonn ‘córas TFC leagáide’ córas TFC a bhfuil deireadh a shaolré bainte amach aige (ag deireadh a ré), nach bhfuil oiriúnach d’uasghráduithe nó do shocrúcháin, ar chúiseanna teicneolaíochta nó tráchtála, nó nach dtacaíonn a sholáthraí nó soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí leis a thuilleadh, ach atá fós in úsáid agus a thacaíonn le feidhmeanna an eintitis airgeadais;
- (4) ciallaíonn ‘slándáil córas gréasán agus faisnéise’ slándáil córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe 2, de Threoir (AE) 2022/2555 ;
- (5) ciallaíonn ‘riosca TFC’ aon imthoisc inaitheanta le réasún i ndáil le húsáid córas gréasán agus faisnéise a d’fhéadfadh, dá dtiocfadh sé chun cinn, slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise, aon uirlise nó próisis atá spleách ar theicneolaíocht, na n-oibríochtaí agus na bpróiseas, nó soláthair seirbhísí trí éifeachtaí díobhálacha a chruthú sa timpeallacht dhigiteach nó fhísiciúil;
- (6) ciallaíonn ‘sócmhainn faisnéise’ bailiúchán faisnéise, cibé acu inláimhsithe nó doláimhsithe, ar fiú é a chosaint;
- (7) ciallaíonn ‘sócmhainn TFC’ sócmhainn bogearraí nó cruá-earraí sna córais gréasáin agus faisnéise a úsáideann an t-eintiteas airgeadais;
- (8) ciallaíonn ‘teagmhas a bhaineann le TFC’ teagmhas aonair nó sraith teagmhas nasctha, nach bhfuil beartaithe ag an eintiteas airgeadais, a chuireann slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise i mbaol, agus a bhfuil drochthionchar aige ar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí, nó ar na seirbhísí a sholáthraíonn an t-eintiteas airgeadais;
- (9) ciallaíonn ‘teagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtúil nó slándála’ teagmhas aonair nó sraith teagmhas nasctha nach bhfuil beartaithe ag na heintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (d), cibé acu a bhaineann le TFC nó nach mbaineann, a bhfuil drochthionchar acu ar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí a bhaineann le híocaíocht, nó ar sheirbhísí a bhaineann le híocaíocht arna soláthar ag an eintiteas airgeadais;
- (10) ciallaíonn ‘mórtheagmhas a bhaineann le TFC’ teagmhas a bhaineann le TFC a bhfuil drochthionchar mór aige ar na córais gréasáin agus faisnéise lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais;
- (11) ciallaíonn ‘mórtheagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtúil nó slándála’ teagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtúil nó slándála a bhfuil drochthionchar mór aige ar na seirbhísí a bhaineann le híocaíocht a chuirtear ar fáil;
- (12) ciallaíonn ‘cibearbhagairt’ cibearbhagairt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2019/881;
- (13) ciallaíonn ‘cibearbhagairt shuntasach’ cibearbhagairt a léiríonn lena saintréithe teicniúla go bhféadfadh mórtheagmhas a bhaineann le TFC nó mórtheagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtúil nó slándála a bheith mar thoradh uirthi;
- (14) ciallaíonn ‘cibirionsa’ teagmhas mailíseach a bhaineann le TFC a tharlaíonn mar thoradh ar iarracht arna déanamh ag gníomhaí bagartha ar bith sócmhainn a scriosadh, a nochtadh, a athrú, a dhíchumasú, a ghoid, nó rochtain gan údarú a fháil uirthi nó úsáid neamhúdraithe a bhaint aisti;

- (15) ciallaíonn ‘faisnéis bhagartha’ faisnéis atá comhiomlánaithe, claochlaithe, a bhfuil anailís déanta uirthi, atá léirithe nó saibhrithe chun an comhthéacs riachtanach a sholáthar don chinnteoireacht agus chun tuiscint ábhartha leordhóthanach a chumasú chun tionchar teagmhais a bhaineann le TFC nó cibearbhagartha a mhaolú, lena n-áirítear sonraí teicniúla ar chibirionsaí, orthu siúd atá freagrach as an ionsaí, ar a *modus operandi* agus a spreagadh;
- (16) ciallaíonn ‘leochaileacht’ laige, soghabháiltacht nó fabht sócmhainne, córais, próisis nó rialaithe ar féidir é a bhradaíl;
- (17) ciallaíonn ‘tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí (TLPT)’ creat ina ndéantar aithris ar oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta gníomhaithe bagartha ón bhfíorshaol a meastar go bhfuil cibearbhagairt dháiríre ag baint leo, agus lena soláthraítear tástáil rialaithe shaincheaptha bunaithe ar fhaisnéis (foireann dhearg) ar chórais táirgthe bheo chriticiúla an eintitis airgeadais;
- (18) ciallaíonn ‘riosca TFC tríú páirtí’ riosca TFC a d’fhéadfadh teacht chun cinn d’eintiteas airgeadais i ndáil leis an úsáid a bhaineann sé as seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nó ag fochonraitheoirí de chuid an tsoláthraí sin, lena n-áirítear trí shocruithe seachfhoinisithe;
- (19) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí tríú páirtí TFC’ gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí TFC;
- (20) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí TFC inghrúpa’ gnóthas atá ina chuid de ghrúpa airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí TFC go príomha d’eintitis airgeadais sa ghrúpa céanna nó d’eintitis airgeadais a bhaineann leis an scéim chosanta institiúideach chéanna, lena n-áirítear a máthairghnóthais, a bhfochuideachtaí, a mbrainsí nó eintitis eile atá faoi chomhúinéireacht nó rialú comhchoiteann;
- (21) ciallaíonn ‘seirbhísí TFC’ seirbhísí digiteacha agus sonraí a sholáthraítear trí chórais TFC d’úsáideoir inmheánach nó seachtrach amháin nó níos mó ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear cruia-earraí mar sheirbhís agus seirbhísí cruia-earraí lena n-áirítear soláthar tacaíochta teicniúla trí nuashonrúcháin bogearraí nó dochtarraí arna ndéanamh ag an soláthraí cruia-earraí, gan seirbhísí teileafóin analógach traidisiúnta a áireamh;
- (22) ciallaíonn ‘feidhm chriticiúil nó tábhachtach’ feidhm a mbeadh tionchar ábharach diúltach aici, ach a gcuirfí isteach uirthi, ar fheidhmíocht airgeadais eintitis airgeadais, nó ar fhóntacht nó leanúnachas a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí, nó a mbeadh tionchar ábharach diúltach ag an bhfeidhmíocht sin scortha, lochtach nó theipthe ar eintiteas airgeadais agus é ag cloí le coinníollacha agus oibleagáidí a údaraithe, nó lena oibleagáidí eile faoin dlí seirbhísí airgeadais is infheidhme;
- (23) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil’ soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a ainmnítear mar chriticiúil i gcomhréir le hAirteagal 31;
- (24) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír’ soláthraí seirbhísí TFC ar duine dlítheanach é atá bunaithe i dtríú tír a rinne socrú conarthach le heintiteas airgeadais le haghaidh soláthar seirbhísí TFC;
- (25) ciallaíonn ‘fochuideachta’ gnóthas fochuideachta de réir bhrí Airteagal 2, pointe (10), agus Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE;
- (26) ciallaíonn ‘grúpa’ grúpa mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir 2013/34/AE;
- (27) ciallaíonn ‘máthairghnóthas’ máthairghnóthas de réir bhrí Airteagal 2, pointe (9), agus Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE;
- (28) ciallaíonn ‘fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtríú tír’ fochonraitheoir TFC ar duine dlítheanach é atá bunaithe i dtríú tír agus a rinne socrú conarthach le soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, nó le soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír;
- (29) ciallaíonn ‘riosca TFC maidir le comhchruinniú’ neamhchosaint ar soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil amháin nó níos mó, rud a chruthaíonn spleáchas áirithe ar na soláthraithe sin ionas go bhféadfadh neamh-infhaighteacht, mainneachtain nó cineál eile easnamh soláthraí den chineál sin cumas eintitis airgeadais feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sholáthar, nó cur suas le cineál eile drochthionchar, lena n-áirítear cailteanais mhóra, nó cobhsaíocht airgeadais an Aontais trí chéile a chur i mbaol;

- (30) ciallaíonn ‘comhlacht bainistíochta’ comhlacht bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (36), de Threoir 2014/65/AE, Airteagal 3(1), pointe (7), de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 2(1), pointe (s), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³¹⁾, Airteagal 2(1), pointe (45), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, Airteagal 3(1), pointe (20), de Rialachán (AE) 2016/1011, agus sna forálacha ábhartha den Rialachán maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní, nó na daoine coibhéiseacha a stiúran an t-eintiteas i ndáiríre nó a bhfuil príomhfheidhmeanna acu i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais nó dlí náisiúnta ábhartha;
- (31) ciallaíonn ‘institiúid creidmheasa’ institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾;
- (32) ciallaíonn ‘institiúid atá díolmhaithe de bhun Threoir 2013/36/AE’ eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointí (4) go (23), de Threoir 2013/36/AE;
- (33) ciallaíonn ‘gnólacht infheistíochta’ gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE;
- (34) ciallaíonn ‘gnólacht infheistíochta beag agus neamh-idirnasctha’ gnólacht infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾;
- (35) ciallaíonn ‘institiúid íocaíochta’ institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366;
- (36) ciallaíonn ‘institiúid íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Threoir (AE) 2015/2366’ institiúid íocaíochtaí atá díolmhaithe de bhun Airteagal 32(1) de Threoir (AE) 2015/2366;
- (37) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais’ soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2015/2366;
- (38) ciallaíonn ‘institiúid ríomh-airgid’ institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- (39) ciallaíonn ‘institiúid ríomh-airgid atá díolmhaithe de bhun Threoir 2009/110/CE’ institiúid ríomh-airgid a thairbhíonn ó tharscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Threoir 2009/110/CE;
- (40) ciallaíonn ‘contrapháirtí lárnach’ contrapháirtí lárnach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- (41) ciallaíonn ‘stór trádála’ stór trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- (42) ciallaíonn ‘taisclann lárnach urrús’ taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;
- (43) ciallaíonn ‘ionad trádála’ ionad trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (24), de Threoir 2014/65/AE;
- (44) ciallaíonn ‘bainisteoir cistí infheistíochta malartacha’ bainisteoir cistí infheistíochta malartacha mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE;
- (45) ciallaíonn ‘cuideachta bainistíochta’ cuideachta bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE;
- (46) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí’ soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (34) go (36) de;
- (47) ciallaíonn ‘gnóthas árachais’ gnóthas árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (1), de Threoir 2009/138/CE;
- (48) ciallaíonn ‘gnóthas atharachais’ gnóthas atharachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (4), de Threoir 2009/138/CE;

⁽³¹⁾ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais chomhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCU) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁽³²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽³³⁾ Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnóthais infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

- (49) ciallaíonn ‘idirghabhálaí árachais’ idirghabhálaí árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3), de Threoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁴⁾;
- (50) ciallaíonn ‘idirghabhálaí árachais coimhdeach’ idirghabhálaí árachais coimhdeach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (4), de Threoir (AE) 2016/97;
- (51) ciallaíonn ‘idirghabhálaí atharachais’ idirghabhálaí atharachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5), de Threoir (AE) 2016/97;
- (52) ciallaíonn ‘institiúid um sholáthar pinsean ceirde’ institiúid um sholáthar pinsean ceirde mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/2341;
- (53) ciallaíonn ‘institiúid bheag um sholáthar pinsean ceirde’ institiúid um sholáthar pinsean ceirde, a oibríonn scéimeanna pinsin a bhfuil níos lú ná 100 comhalta iontu ar an iomlán;
- (54) ciallaíonn ‘gníomhaireacht rátála creidmheasa’ gníomhaireacht rátála creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009;
- (55) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní’ soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear san fhoráil ábhartha den Rialachán maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní;
- (56) ciallaíonn ‘eisceitheoir licíní sócmhainn-tagartha’ eisceitheoir ‘licíní sócmhainn-tagartha’ mar a shainmhínítear san fhoráil ábhartha den Rialachán maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní;
- (57) ciallaíonn ‘riarthóir tagarmharcanna criticiúla’ riarthóir ‘tagarmharcanna criticiúla’ mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (25), de Rialachán (AE) 2016/1011;
- (58) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin’ soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁵⁾;
- (59) ciallaíonn ‘stór urrúsúcháin’ stór urrúsúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23), de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾;
- (60) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ eintiteas airgeadais nach ionad trádála, contrapháirtí lárnach, stór trádála nó taisclann lárnach urrús é, ina bhfostaítear níos lú ná deichniúr agus nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán a chláir comhardaithe bhliantúil;
- (61) ciallaíonn ‘Príomh-Fhormhaoirseoir’ an tÚdarás Maoirseachta Eorpach arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (b), den Rialachán seo;
- (62) ciallaíonn ‘Comhchoiste’ an coiste dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010;
- (63) ciallaíonn ‘fiontar beag’ eintiteas airgeadais ina bhfostaítear 10 duine nó níos mó ach níos lú ná 50 duine, agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán bliantúil an chláir chomhardaithe atá aige níos mó ná EUR 2 mhilliún, ach nach mó ná EUR 10 milliún.
- (64) ciallaíonn ‘fiontar meánmhéide’ eintiteas airgeadais nach fiontar beag é ina bhfostaítear níos lú ná 250 duine agus nach mó ná EUR 50 milliún a láimhdeachas bliantúil agus/nó nach mó ná EUR 43 mhilliún a chláir comhardaithe bhliantúil;
- (65) ciallaíonn ‘údarás poiblí’ aon eintiteas rialtais nó aon eintiteas riaracháin phoiblí eile, lena n-áirítear bainc cheannais náisiúnta.

⁽³⁴⁾ Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

⁽³⁵⁾ Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

⁽³⁶⁾ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

*Airteagal 4***Prionsabal na comhréireachta**

1. Cuirfidh eintitis airgeadais na rialacha a leagtar síos i gCaibidil II chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus a méid agus a bpróifíl riosca fhoriomlán, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí á gcur san áireamh.
2. Ina theannta sin, beidh cur i bhfeidhm Chaibidilí III, IV agus V, Roinn I, i gcomhréir lena méid agus lena bpróifíl riosca fhoriomlán, agus le cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí, mar a fhoráiltear go sonrach i rialacha ábhartha na gCaibidilí sin.
3. Measfaidh na húdaráis inniúla cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta ag na heintitis airgeadais agus comhsheasmhacht chreat bainistíochta riosca TFC á hathbheithniú acu ar bhonn na dtuarascálacha arna dtíolaic ar iarraidh ó na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 6(5) agus Airteagal 16(2).

*CAIBIDIL II***Bainistíocht riosca TFC***Roinn I**Airteagal 5***Rialachas agus eagraíocht**

1. Beidh creat rialachais agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag eintitis airgeadais lena n-áirithítear bainistíocht éifeachtach stuama i gcás gach riosca TFC, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), chun ardchaighdeán athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach.
2. Déanfaidh comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais cur chun feidhme na socrúithe uile a bhaineann le creat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a shainiú, a fhormheas, agus a fhormhaoirsiú, agus is é a bheidh freagrach as na socrúithe sin a chur chun feidhme.

Chun críocha na chéad fhomhíre, maidir leis an gcomhlacht bainistíochta:

- (a) is air a bheidh an fhreagracht deiridh as rioscaí TFC an eintitis airgeadais a bhainistiú;
- (b) cuirfidh sé beartais i bhfeidhm lena ndírítear ar a áirithiú go gcoimeádfar ardchaighdeán infhaighteachta, barántúlachta, sláine agus rúndachta sonraí;
- (c) leagfaidh sé síos ról agus freagrachtaí soiléire le haghaidh gach feidhme a bhaineann le TFC agus bunóidh sé socrúithe iomchuí rialachais chun cumarsáid, comhar agus comhordú atá éifeachtach agus tráthúil i measc na bhfeidhmeanna sin a áirithiú;
- (d) is air a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as an straitéis athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 6(8) a leagan amach agus a fhormheas, lena n-áirítear an leibhéal lamháltais riosca iomchuí maidir le riosca TFC an eintitis airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 6(8), pointe (b), a chinneadh;
- (e) is é a dhéanfaidh cur chun feidhme bheartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC an eintitis airgeadais, dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagal 11(1) agus (3), a fhormheas agus a mhaoirsiú, agus a athbheithniú go tréimhsiúil, ar beartais agus pleananna iad ar féidir a ghlacadh mar bheartas tiomnaithe sonrach ar cuid lárnach de bheartas foriomlán leanúnachais gnó agus de phlean freagartha agus athshlánaithe an eintitis airgeadais é;
- (f) is é a dhéanfaidh pleananna iniúchta inmheánaigh TFC an eintitis airgeadais, iniúchtaí TFC, agus modhnuithe ábharacha orthu sin, a fhormheas agus a athbheithniú go tréimhsiúil;
- (g) is é a dhéanfaidh an buiséad iomchuí a leithdháileadh agus a athbheithniú go tréimhsiúil, chun riachtanais athléimneachta digití oibríochtúla an eintitis airgeadais a chomhlíonadh i ndáil le gach cineál acmhainne, lena n-áirítear clár ábhartha feasachta slándála TFC agus an oiliúint ábhartha san athléimneacht dhigiteach oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 13(6), agus scileanna TFC don fhoireann ar fad;

- (h) is é a dhéanfaidh beartas an eintitis airgeadais maidir le socruithe i ndáil le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a fhorhmeas agus a athbhreithniú go tréimhsiúil;
- (i) cuirfidh sé bealaí tuairiscithe ar bun, ar an leibhéal corparáideach, chun gur féidir eolas cuí a thabhairt dó i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (i) socruithe arna dtabhairt i gcrích le soláthraithe seirbhísí tríú páirtí TFC maidir leis an úsáid a bhaintear as seirbhísí TFC,
- (ii) aon athruithe ábhartha pleanáilte ábharacha maidir le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí,
- (iii) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe den sórt sin ar na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha atá faoi réir na socruithe sin, lena n-áirítear achoimre ar an anailís riosca chun tionchar na n-athruithe sin a mheasúnú, agus ar a laghad mórtheagmhais a bhaineann le TFC agus a dtionchar, chomh maith le bearta freagartha, athshlánaithe agus ceartaitheacha.
3. Eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, bunóidh siad ról chun faireachán a dhéanamh ar na socruithe a dhéantar le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí maidir le húsáid seirbhísí TFC, nó ainmneoidh siad duine den ardbhainistíocht a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an neamhchosaint ghaolmhar ar riosca agus ar na doiciméid ábhartha.
4. Déanfaidh comhaltaí de chomhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais eolas agus scileanna leordhóthanacha a choinneáil cothrom le dáta go gníomhach chun riosca TFC agus a thionchar ar oibríochtaí an eintitis airgeadais a thuiscint agus a mheasúnú, lena n-áirítear trí oiliúint shonrach a leanúint ar bhonn rialta, i gcomhréir le riosca TFC atá á bhainistiú.

Roinn II

Airteagal 6

Creat bainistíochta riosca TFC

1. Beidh creat bainistíochta riosca TFC atá fóna, cuimsitheach agus dea-dhoiciméadaithe ag eintitis airgeadais mar chuid dá gcóras foriomlán bainistíochta riosca, rud a chuireann ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar riosca TFC go tapa, go héifeachtach agus go cuimsitheach agus ardleibhéal athléimneachta digítí oibríochtúla a áirithiú.
2. Áireofar ar chreat bainistíochta riosca TFC ar a laghad straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí TFC atá riachtanach chun an chosaint chuí leordhóthanach a thabhairt do na sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC uile, lena n-áirítear bogearraí, cruá-earraí agus freastalaithe ríomhairí, agus chun cosaint a thabhairt do na comhpháirteanna agus na bonneagair ábhartha fhisiciúla uile, amhail áitribh, lárionaid sonraí agus limistéir ainmnithe íogaire, chun a áirithiú go mbeidh cosaint leordhóthanach ag na sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC go léir ar rioscaí lena n-áirítear damáiste agus rochtain nó úsáid neamhúdraithe.
3. I gcomhréir lena gcreat bainistíochta riosca TFC, déanfaidh eintitis airgeadais tionchar riosca TFC a íoslaghú trí leas a bhaint as straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí TFC iomchuí. Soláthróidh siad faisnéis iomlán atá cothrom le dáta maidir le riosca TFC agus maidir lena gcreat bainistíochta riosca TFC do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.
4. Déanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, an fhreagracht as bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar riosca TFC a shannadh d'fheidhm rialaithe agus áiritheoidh siad leibhéal iomchuí neamhspleáchas na feidhme rialaithe sin chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Áiritheoidh eintitis airgeadais leithscaradh agus neamhspleáchas iomchuí feidhmeanna bainistíochta riosca TFC, feidhmeanna rialála, agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh, de réir na samhla 'trí phríomhchosaint', nó de réir samhail inmheánach bainistíochta riosca agus rialála.
5. Déanfar creat bainistíochta riosca TFC a dhoiciméadú agus a athbhreithniú aon uair amháin sa bhliain ar a laghad, nó go tréimhsiúil i gcás micrifhiontar agus i gcás aon mhórtheagmhais a bhaineann le TFC, agus tar éis treoracha maoirseachta nó conclúidí a thagann as tástáil ábhartha maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil nó próisis iniúcháireachta ábhartha. Cuirfear feabhas leanúnach ar an gcreat ar bhonn na gceachtanna a eascraíonn as cur chun feidhme agus faireachán. Cuirfear tuarascáil ar an athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca TFC faoi bhráid an údaráis inniúil arna iarraidh sin dó.

6. Beidh creat bainistíochta riosca TFC de chuid na heintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, faoi réir iniúchta inmheánaigh a dhéanfaidh iniúcháirí ar bhonn rialta i gcomhréir le plean iniúchta na n-eintiteas airgeadais. Beidh an t-eolas, na scileanna agus an saineolas leordhóthanach ag na hiniúcháirí sin i ndáil le riosca TFC, chomh maith leis an neamhspleáchas iomchuí. Beidh minicíocht agus béim iniúchtaí TFC i gcomhréir le riosca TFC na heintitis airgeadais.

7. Bunaithe ar na conclúidí ón athbhreithniú inmheánach ar an iniúchadh, bunóidh na heintiteas airgeadais próiseas foirmiúil leantach, lena n-áirítear rialacha maidir le fíorú agus réiteach tráthúil torthaí criticiúla ó iniúchadh TFC.

8. Beidh straitéis athléimneachta digití oibríochtúla ina leagfar síos an chaoi a gcuirfear an creat chun feidhme mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC. Chuige sin, áireofar sa straitéis athléimneachta digití oibríochtúla na modhanna chun aghaidh a thabhairt ar riosca TFC agus cuspóirí sonracha TFC a bhaint amach mar a leanas:

- (a) an chaoi lena dtacaítear creat bainistíochta riosca TFC le straitéis agus cuspóirí gnó an eintitis airgeadais a mhíniú;
- (b) an leibhéal lamháltais riosca maidir le riosca TFC a leagan síos, i gcomhréir le hinghlachtacht riosca an eintitis airgeadais, agus anailís ar lamháltas tionchair le haghaidh bristeacha TFC;
- (c) cuspóirí soiléire a leagan amach i gcomhair na slándála faisnéise, lena n-áirítear na príomhtháscairí feidhmíochta agus na príomh-mhéadrachtaí riosca;
- (d) míniú a thabhairt ar an ailtireacht tagartha TFC agus ar aon athruithe a bhfuil gá leo chun cuspóirí sonracha gnó a bhaint amach;
- (e) achoimre ar na sásraí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm chun teagmhais a bhaineann le TFC a bhrath, a dtionchar a chosc agus cosaint ina choinne a chur ar fáil;
- (f) an staid reatha maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil a léiriú ar bhonn líon na mórtheagmhais a bhaineann le TFC tuairiscithe maille le héifeachtacht na mbeart coiscthe;
- (g) tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a chur chun feidhme, i gcomhréir le Caibidil IV den Rialachán seo;
- (h) achoimre a thabhairt ar straitéis cumarsáide i gcás teagmhais a bhaineann le TFC, nach mór a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 14.

9. Féadfaidh na heintitis airgeadais, i gcomhthéacs na straitéise athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear i mír 8, straitéis iomlánaíoch ildíoltóirí TFC a shainiú, ar leibhéal grúpa nó leibhéal eintiteas, ina léirítear na príomhspleáchais ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí agus ina mínítear an réasúnaíocht ba bhun leis an meascán soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí ó thaobh soláthair de.

10. Féadfaidh eintitis airgeadais, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí earnála náisiúnta, na tascanna maidir le fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gceanglas bainistíochta riosca TFC a sheachfhoinsiú chuig gnóthais inghrúpa nó sheachtracha. I gcás seachfhoinisithe den sórt sin, leanfaidh an t-eintiteas airgeadais de bheith freagrach go hiomlán as comhlíonadh na gceanglas maidir le bainistíocht riosca TFC a fhíorú.

Airteagal 7

Córais, prótacail agus uirlisí TFC

Chun aghaidh a thabhairt ar riosca TFC agus chun an riosca sin a bhainistiú, bainfidh na heintitis airgeadais úsáid as córais, prótacail agus uirlisí TFC nuashonraithe a bheidh:

- (a) iomchuí do mhéid na n-oibríochtaí lena dtacaítear lena ngníomhaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 4;
- (b) iontaofa;
- (c) a mbeidh inniúlacht leordhóthanach acu chun próiseáil chruinn a dhéanamh ar na sonraí atá riachtanach d'fheidhmiú gníomhaíochtaí agus soláthar tráthúil seirbhísí, agus chun déileáil le buaicmhéideanna orduithe, teachtaireachtaí nó idirbheart, de réir mar is gá, lena n-áirítear i gcás ina dtabharfar isteach teicneolaíocht nua;
- (d) athléimneach ó thaobh na teicneolaíochta de chun déileáil go leordhóthanach leis na riachtanais bhreise próiseála faisnéise de réir mar is gá faoi dhálaí anáis sa mhargadh nó i gcásanna díobhálacha eile.

Airteagal 8

Sainaithint

1. Mar chuid den chreat bainistíochta rioscaí TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1), déanfaidh eintitis airgeadais gach feidhm thacaithe ghnó TFC, ról agus freagrachtaí, na sócmhainní faisnéise agus na sócmhainní TFC lena dtacaítear leis na feidhmeanna sin, agus a ról agus a spleáchais maidir le riosca TFC a shainaithint, a aicmiú agus a dhoiciméadú go leordhóthanach. Déanfaidh eintitis airgeadais athbhreithniú de réir mar is gá, agus uair sa bhliain ar a laghad, ar leordhóthanacht an aicmiúcháin sin chomh maith le haon doiciméadacht ábhartha.
2. Is ar bhonn leanúnach a shainaithneoidh eintitis airgeadais gach foinse riosca TFC, go háirithe neamhchosaint ar eintitis airgeadais eile agus neamhchosaint mar thoradh ar eintitis airgeadais eile, agus déanfaidh siad measúnú ar chibearbhagairtí agus ar leochaileachtaí TFC atá ábhartha dá bhfeidhmeanna tacaithe ghnó TFC, dá sócmhainní faisnéise agus dá sócmhainní TFC. Déanfaidh eintitis airgeadais athbhreithniú rialta, uair sa bhliain ar a laghad, ar na cásanna riosca a bhfuil siad faoi thionchar acu.
3. Déanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, measúnú riosca tar éis gach mórathraithe i mbonneagar an chórais gréasáin agus faisnéise, sna próisis nó sna nósanna imeachta a théann i gcion ar a bhfeidhmeanna tacaithe ghnó TFC, ar a sócmhainní faisnéise nó a sócmhainní TFC.
4. Sainaithneoidh eintitis airgeadais gach sócmhainn faisnéise agus gach sócmhainn TFC, lena n-áirítear na cinn ar shuíomhanna cianda, acmhainní gréasáin agus an trealamh crua-earraí, agus déanfaidh siad mapáil ar na cinn a meastar gur trealamh criticiúil iad. Déanfaidh siad mapáil ar chumraíocht na sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC agus ar na naisc agus na hidirpleáchais idir na sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC éagsúla.
5. Déanfaidh eintitis airgeadais na próisis uile a bhraitheann ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a shainaithint agus a dhoiciméadú, agus sainaithneoidh siad idirnáisc le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a chuireann seirbhísí ar fáil lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha.
6. Chun críocha mhíreanna 1, 4 agus 5, coinneoidh eintitis airgeadais fardail ábhartha agus tabharfaidh siad na fardail sin cothrom le dáta go tréimhsiúil agus gach aon uair a dhéanfar mórathrú dá dtagraítear i mír 3.
7. Déanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, measúnú sonrath ar riosca TFC ar gach córas TFC leagáide go rialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, agus, i gcás ar bith roimh theicneolaíochtaí, feidhmchláir nó córais a nascadh agus ina dhiaidh sin.

Airteagal 9

Cosaint agus cosc

1. Chun cosaint leordhóthanach a thabhairt do chórais TFC agus d'fhonn bearta freagartha a eagrú, déanfaidh eintitis airgeadais faireachán agus rialú leanúnach ar shlándáil agus feidhmiú córas agus uirlisí TFC agus íoslaghódh siad tionchar riosca TFC i dtaca le córais TFC trí leas a bhaint as uirlisí, beartais agus nósanna imeachta slándála TFC iomchuí.
2. Déanfaidh eintitis airgeadais straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí slándála TFC a cheapadh, a fháil agus a chur chun feidhme, a bhfuil mar aidhm leo athléimneacht, leanúnachas agus infhaighteacht córas TFC a áirithiú, go háirithe na cinn a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, agus ardchaighdeáin infhaighteachta, barántúlachta, sláine agus rúndachta sonraí a chothabháil, cibé acu atá na sonraí sin á stóráil, in úsáid nó faoi bhealach.
3. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 2 a bhaint amach, bainfidh na heintitis airgeadais leas as réitigh agus próisis TFC a bheidh iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 4. Déanfar an méid seo a leanas le réitigh agus próisis TFC sin:
 - (a) áiritheofar slándáil an mhodha aistrithe sonraí;
 - (b) íoslaghódh an riosca éillithe nó cailteanais sonraí, an riosca rochtana neamhúdaraithe agus an riosca fabhtanna teicniúla a d'fhéadfadh bac a chur ar ghníomhaíocht ghnó;
 - (c) cuirfear cosc ar an easpa infhaighteachta, an lagú barántúlachta agus sláine, na sáruithe ar an rúndacht agus cailteanas na sonraí;

(d) áiríteofar go gcosnaítear na sonraí ar rioscaí a eascraíonn as bainistiú sonraí, lena n-áirítear drochriarachán, rioscaí a bhaineann le próiseáil agus earráid dhaonna.

4. Mar chuid de chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1), déanfaidh eintitis airgeadais na nithe seo a leanas:

- (a) beartas slándála faisnéise a fhorbairt agus a dhoiciméadú lena sainítear rialacha chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí, sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC, lena n-áirítear cinn a gcustaiméirí, a chosaint, i gcás inarb infheidhme;
- (b) i gcomhréir le cur chuige bunaithe ar riosca, struchtúr bainistíochta fóna gréasáin agus bonneagair a bhunú trí úsáid a bhaint as teicnící, modhanna agus prótacail iomchuí ar a bhféadfar a áireamh sásraí uathoibríthe a chur chun feidhme chun sócmhainní faisnéise, a ndearnadh difear dóibh, a scaradh amach i gcás cibirionsaithe;
- (c) beartais a chur i bhfeidhm lena ndéantar an rochtain fhisiciúil nó loighciúil ar shócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC a theorannú dá bhfuil riachtanach le haghaidh feidhmeanna agus gníomhaíochtaí dlisteanacha formheasta amháin, agus sraith beartas, nósanna imeachta agus rialuithe a bhunú chuige sin lena dtugtar aghaidh ar chearta rochtana agus lena n-áiríthítear riarachán fóna orthu sin;
- (d) beartais agus prótacail le haghaidh sásraí láidre fíordheimhnithe a chur chun feidhme, bunaithe ar chaighdeán ábhartha agus ar chórais thiomnaithe rialuithe, agus bearta cosanta i ndáil le heochracha cripteagrafacha trína ndéantar sonraí a chripiú bunaithe ar thorthaí próiseas formheasta aicmithe sonraí agus measúnaithe riosca TFC;
- (e) beartais, nósanna imeachta agus rialuithe doiciméadaithe a chur chun feidhme le haghaidh bainistíocht athruithe TFC, lena n-áirítear athruithe ar bhogearraí, cruá-earraí, comhpháirteanna dochtearraí, paraiméadair ar chórais nó paraiméadair slándála, atá bunaithe ar chur chuige measúnaithe riosca agus mar chuid dhílis de phróiseas foriomlán bainistíochta athruithe an eintitis airgeadais, chun a áirithiú go ndéanfar gach athrú ar chórais TFC a thaifeadadh, a thástáil, a mheasúnú, a fhorghnó, a chur chun feidhme agus a fhíorú ar bhealach rialaithe;
- (f) beartais iomchuí chuimsitheacha dhoiciméadaithe a bheith acu maidir le paistí agus nuashonruithe.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), ceapfaidh eintitis airgeadais an bonneagar nasctha gréasáin ar bhealach lenar féidir é a ghearradh ar an toirt nó a dheighilt chun tógáil agus a íoslághdú agus a chosc, go háirithe i gcás próisis airgeadais idirnasctha.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (e), déanfar próiseas bainistíochta athruithe TFC a fhorghnó ag línte bainistíochta iomchuí agus beidh prótacail shonracha i bhfeidhm aige.

Airteagal 10

Brath

1. Beidh sásraí i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun gníomhaíochtaí aimhrialta a bhrath go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17, lena n-áirítear fadhbanna feidhmíochta gréasáin TFC agus teagmhais a bhaineann le TFC, agus chun pointí teipthe ábharacha aonair a d'fhéadfaí a bheith ann a shainiú.

Déanfar tástáil rialta ar gach sásra braite dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagal 25.

2. Leis na sásraí braite dá dtagraítear i mír 1, cumasófar ilsraitheanna rialaithe, saineofar tairseacha foláirimh agus critéir chun próisis freagartha do theagmhais a bhaineann le TFC a spreagadh agus a thionscnamh, lena n-áirítear sásraí foláirimh uathoibríoch do bhaill foirne ábhartha atá i gceannas ar an bhfreagairt ar theagmhais a bhaineann le TFC.

3. Cuirfidh eintitis airgeadais dóthain acmhainní agus cumais ar fáil, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht úsáideoirí, neamhréireachtaí TFC agus teagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe.

4. Ina theannta sin, beidh i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí córais lena bhféadfar tuarascálacha ar thrádáil a sheiceáil le haghaidh iomláine, easnamh agus earráidí soiléire a shainiú, agus athsheoladh na dtuarascálacha sin a iarraidh.

*Airteagal 11***Freagairt agus athshlánú**

1. Mar chuid de chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus bunaithe ar na ceanglais sainaitheantais a leagtar amach in Airteagal 8, cuirfidh eintitis airgeadais beartas cuimsitheach leanúnachais gnó TFC i bhfeidhm, a d'fhéadfaí a ghlacadh mar bheartas tiomnaithe sonracha mar chuid lárnach de bheartas foriomlán leanúnachais gnó é.
2. Cuirfidh eintitis airgeadais an beartas leanúnachais gnó TFC chun feidhme trí shocruithe, pleananna, nósanna imeachta agus sásraí tiomnaithe, iomchuí agus doiciméadaithe, a bhfuil mar aidhm leo:
 - (a) leanúnachas fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais a áirithiú;
 - (b) freagairt ar gach teagmhas a bhaineann le TFC, agus iad a réiteach, go tapa, go hiomchuí agus go héifeachtach, ar bhealach ina gcuirtear teorainn leis an dochar agus lena dtugtar tús áite d'atosú na ngníomhaíochtaí agus na mbearta athshlánaithe;
 - (c) pleananna tiomnaithe a ghníomhachtú, gan mhoill, lena gcumasaítear bearta, próisis agus teicneolaíochtaí srianta atá in oiriúint do gach cineál teagmhais a bhaineann le TFC agus dochar eile a chosc, chomh maith le nósanna imeachta saincheaptha freagartha agus athshlánaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 12;
 - (d) tionchair, dochar agus cailleanais tosaigh a mheas;
 - (e) gníomhaíochtaí cumarsáide agus bainistíochta géarchéime a leagan amach lena n-áirithítear go seoltar faisnéis cothrom le dáta chuig gach ball foirne inmheánach ábhartha agus gach geallsealbhóir seachtrach ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 14, agus tuairisciú do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 19.
3. Mar chuid de chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1), cuirfidh eintitis airgeadais pleananna TFC freagartha agus athshlánaithe gaolmhara chun feidhme a chuirfeadh, i gcás eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad, faoi réir athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh neamhspleách.
4. Déanfaidh eintitis airgeadais pleananna leanúnachais gnó TFC iomchuí a chur i bhfeidhm, a choinneáil ar bun, agus a thástáil go tréimhsiúil, go háirithe maidir le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha arna seachfhoinsiú nó arna gcur amach ar conradh trí shocruithe le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí.
5. Mar chuid den bheartas foriomlán leanúnachais gnó, déanfaidh eintitis airgeadais anailís ar thionchar gnó a neamhchosaintí ar mhórbhristeacha gnó. Faoi anailís ar thionchar gnó, measúnóidh eintitis airgeadais an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag mórbhristeacha gnó trí bhíthin critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla, agus úsáid á baint as sonraí inmheánacha agus seachtracha agus anailís ar chásanna, de réir mar is iomchuí. Measfar san anailís ar thionchar gnó criticiúlacht na bhfeidhmeanna sainaitheanta agus mapáilte gnó, na bpróiseas tacaíochta, na spleáchas tríú páirtí agus na sócmhainní faisnéise, agus a n-idirspeáchais. Airitheoidh eintitis airgeadais go ndéanfar sócmhainní TFC agus seirbhísí TFC a cheapadh agus a úsáid i gcomhréir iomlán leis an anailís ar thionchar gnó, go háirithe maidir le hiomarcaíocht na gcomhpháirteanna criticiúla uile a áirithiú ar bhealach leordhóthanach.
6. Mar chuid dá mbainistíocht chuimsitheach riosca TFC, déanfaidh eintitis airgeadais na nithe seo a leanas:
 - (a) pleananna leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC a thástáil i ndáil le córais TFC lena dtacaítear leis na feidhmeanna uile ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus i gcás aon mhórathruithe ar chórais TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha;
 - (b) tástáil ar na pleananna cumarsáide géarchéime a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 14.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), áireoidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, sna pleananna tástála faoi chásanna cibirionsaithe agus lascastrithe idir príomhbhonneagar TFC agus an acmhainneacht iomarcach, cúltacaí agus saoráidí iomarcacha is gá chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 12 a chomhlíonadh.

Athbhreithneoidh eintitis airgeadais a mbeartas leanúnachais gnó TFC agus a bpleananna freagartha agus athshlánaithe TFC go tráthrialta agus torthaí na dtástálacha, arna ndéanamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus le moltaí a eascraíonn as seiceálacha iniúchta nó athbhreithnithe maoirseachta, á gcur san áireamh.

7. Beidh, feidhm bhainistíochta géarchéime ag eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, ina leagfar amach, i gcás ina ngníomhachtófar a bpleananna leanúnachais gnó TFC nó a bpleananna freagartha agus athshlánaithe TFC, *inter alia*, nósanna imeachta soiléire chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach i gcás géarchéime a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 14.
8. Coimeádfaidh eintitis airgeadais taifid sho-inrochtana ar ghníomhaíochtaí roimh imeachtaí bristeacha agus lena linn nuair a ghníomhachtófar a bpleananna leanúnachais gnó TFC nó a bpleananna freagartha agus athshlánaithe TFC.
9. Cuirfidh taisclanna lárnacha urrús cóipeanna de thorthaí na dtástálacha ar leanúnachas gnó TFC, nó de thorthaí cleachtaí eile den sórt sin, ar fáil do na húdaráis inniúla.
10. Tuairisceoidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, d'údaráis inniúla, arna iarraidh sin dóibh, meastachán ar chostais agus caillteanais chomhiomlánaithe bhliantúla de dheasca mórtheagmhais a bhaineann le TFC.
11. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, ceapfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, faoin 17 Iúil 2024 treoirlínte comhchoiteanna maidir le meastachán ar na costais agus na caillteanais chomhiomlánaithe bhliantúla dá dtagraítear i mír 10.

Airteagal 12

Beartais agus nósanna imeachta cúltaca, nósanna imeachta agus modhanna athbhunaithe agus athshlánaithe

1. Chun a áirithiú go n-athbhunófar córais agus sonraí TFC agus aga neamhfhónaimh íosta, briseadh agus caillteanas teoranta i gceist leo, mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, déanfaidh eintitis airgeadais an méid seo a leanas a fhorbairt agus a dhóiciméadú:
 - (a) beartais agus nósanna imeachta cúltaca lena sonrú raon feidhme na sonraí is ábhar don chúltaca agus íosmhínicíocht an chúltaca, bunaithe ar chriticiúlacht na faisnéise nó leibhéal rúndachta na sonraí;
 - (b) nósanna imeachta agus modhanna athbhunaithe agus athshlánaithe.
2. Bunóidh eintitis airgeadais córais chúltaca is féidir a ghníomhachtú i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta cúltaca, chomh maith le nósanna imeachta agus modhanna athbhunaithe agus athshlánaithe. Ní chuirfear slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise nó infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí i gcontúirt le gníomhachtú na gcóras cúltaca. Déanfar na nósanna imeachta cúltaca agus na nósanna imeachta agus modhanna athbhunaithe agus athshlánaithe a thástáil go tréimhsiúil.
3. Nuair a bheidh sonraí cúltaca á n-athbhunú agus úsáid á baint as a gcórais féin, úsáidfidh eintitis airgeadais córais TFC a bheidh scartha go fisiciúil agus go loighciúil ó fhoinsé chóras TFC. Déanfar córais TFC a chosaint go sábháilte ar aon rochtain neamhúdaráithe nó ar aon éilliú TFC agus beifear in ann na seirbhísí a bhaineann úsáid as cúltacaí córais agus sonraí a athbhunú go tráthúil mar is gá.

I gcás contrapháirtithe lárnacha, leis na pleananna athshlánaithe, déanfar na hidirbhearta ar fad a chumasáú tráth an bhriste a athshlánú ionas go mbeidh an contrapháirtí lárnach in ann leanúint de bheith ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta.

Ina theannta sin, coimeádfaidh soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí acmhainní leordhóthanacha ar bun agus beidh saoráidí cúltaca agus athbhunaithe acu chun a seirbhísí a thairiscint agus a chothabháil i gcónaí.

4. Coinneoidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, acmhainneachtaí iomarcacha TFC ar bun a mbeidh acmhainní, cumais agus feidhmeanna acu a bheidh leordhóthanach agus iomchuí chun riachtanais ghnó a áirithiú. Measúnóidh micrifhiontair a riachtanaí atá sé acmhainneachtaí iomarcacha TFC den chineál sin a chothabháil bunaithe ar a bpróifíl riosca.
5. Coinneoidh taisclanna lárnacha urrús suíomh próiseála tánaisteach amháin ar a laghad ar bun a mbeidh acmhainní, cumais, feidhmeanna agus socruithe foirne leordhóthanacha aige chun riachtanais ghnó a áirithiú.

Maidir leis an suíomh próiseála tánaisteach, beidh sé:

- (a) suite ag achar geografach ón bpríomhshuíomh próiseála chun a áirithiú go mbeidh próifíl riosca shainiúil aige agus chun a chosc nach ndéanfaidh an teagmhas, a rinne difear don phríomhshuíomh, difear don suíomh próiseála tánaisteach;
- (b) in ann leanúnachas feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, a bheidh comhionann leis an bpríomhshuíomh, a áirithiú, nó in ann an leibhéal seirbhíis is gá a sholáthar chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an t-eintiteas airgeadais a oibríochtaí criticiúla faoi chuimsiú na gcuspóirí athshlánaithe;
- (c) inrochtana láithreach ag baill foirne an eintitis airgeadais chun leanúnachas feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a áirithiú i gcás nach mbeidh fáil ar an bpríomhshuíomh próiseála.

6. I gcás ina mbeidh an t-aga athshlánaithe agus cuspóirí na bpointí athshlánaithe á gcinneadh le haghaidh gach feidhme, cuirfidh eintitis airgeadais san áireamh cé acu an feidhm chriticiúil nó feidhm thábhachtach í mar aon leis an tionchar foriomlán féideartha ar éifeachtúlacht an mhargaidh. Áiritheofar leis na cuspóirí ama den sórt sin go mbainfeadh amach, i gcásanna foircneacha, na leibhéil seirbhíse chomhaontaithe.

7. Agus eintitis airgeadais ag athshlánú ó theagmhas a bhaineann le TFC, déanfaidh siad na seiceálacha is gá, lena n-áirítear aon seiceálacha agus réitigh iolracha, chun a áirithiú go gcoimeádaí an leibhéal is airde i ndáil le sláine sonraí. Déanfar na seiceálacha sin freisin agus sonraí ó gheallsealbhoirí seachtracha á n-atógáil, chun a áirithiú go mbeidh na sonraí uile comhsheasmhach idir córais.

Airteagal 13

Foghlaim agus forbairt

1. Beidh cumais agus foireann i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun faisnéis a bhailiú ar leochaileachtaí agus cibearbhagairtí, ar theagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe, agus chun an tionchar is dócha a bheidh acu ar a n-athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a anailísiú.

2. Cuirfidh eintitis airgeadais athbhreithnithe iartheagmhais a bhaineann le TFC i bhfeidhm tar éis do mhórtheagmhas a bhaineann le TFC cur isteach ar a gcroíghníomhaíochtaí, lena n-anailíseofar cúiseanna an bhriste agus lena sainaitheofar feabhsuithe riachtanacha ar na hoibríochtaí TFC nó laistigh den bheartas leanúnachais gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 11.

Cuirfidh na heintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, arna iarraidh sin, na hathruithe a cuireadh chun feidhme tar éis na n-athbhreithnithe a rinneadh ar theagmhais a bhaineann le TFC dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl do na húdaráis inniúla.

Cinnfeadh leis na hathbhreithnithe iartheagmhais a bhaineann le TFC dá dtagraítear sa chéad fhomhír cibé acu ar leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta atá bunaithe agus arbh éifeachtach na gníomhaíochtaí a rinneadh lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo a leanas:

- (a) an tapúlacht maidir leis an bhfreagairt ar fholáirimh shlándála agus maidir le tionchar teagmhas a bhaineann le TFC agus a ndéine a chinneadh;
- (b) an cháilíocht agus an luas lena ndéantar anailís fhóiréinseach, i gcás ina measfar í a bheith iomchuí;
- (c) éifeachtacht an phróisis ghéaraithe maidir leis an teagmhas laistigh den eintiteas airgeadais;
- (d) éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí.

3. Áireofar ceachtanna, a eascroidh as an tástáil athléimneachta digítí oibríochtúla a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 agus as fíorthéagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe, mar aon le dúshlán a bhíonn le sárú agus pleananna leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC á ngníomhachtú, in éineacht le faisnéis ábhartha arna malartú le contrapháirtithe agus arna measúnú le linn athbhreithnithe maoirseachta, ar bhonn leanúnach go cuí sa phróiseas measúnaithe riosca TFC. Déanfar athbhreithniú iomchuí ar chomhchodanna ábhartha den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1) bunaithe ar na torthaí sin.

4. Déanfaidh eintitis airgeadais faireachán ar éifeachtacht chur chun feidhme a straitéise athléimneachta digítí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 6(8). Mapálfaidh siad forbairt riosca TFC le himeacht ama, anailíseoidh siad minicíocht, cineálacha, méid agus forbairt na dteagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe agus a bpatrúin, d'fhonn tuiscint a fháil ar an leibhéal riosca TFC dá bhfuil an t-eintiteas airgeadais neamhchosanta, go háirithe i ndáil le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, agus cibearaibíocht agus ullmhacht an eintitis airgeadais a fheabhsú.
5. Tuairisceoidh baill shinsearacha de fhoireann TFC uair sa bhliain ar a laghad don chomhlacht bainistíochta maidir leis na torthaí dá dtagraítear i mír 3 agus cuirfidh siad moltaí ar aghaidh.
6. Forbróidh eintitis airgeadais cláir feasachta slándála TFC agus oiliúintí san athléimneacht dhigiteach oibríochtúil mar mhodúil éigeantacha ina scéimeanna oiliúna foirne. Beidh na cláir agus an oiliúint sin infheidhme i gcás na bhfostaithe uile agus i gcás na foirne ardbhaintistíochta, agus beidh an leibhéal castachta i gcomhréir le sainchúram a bhfeidhmeanna. I gcás inarb iomchuí, áireoidh eintitis airgeadais soláthraithe seirbhísí trú páirtí TFC ina scéimeanna oiliúna ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 30(2), pointe (i).
7. Déanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, faireachán ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha ar bhonn leanúnach, d'fhonn tuiscint a fháil freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist le húsáid na dteicneolaíochtaí nua sin ar cheanglais slándála TFC agus ar an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil. Coimeádfaidh siad iad féin cothrom le dáta faoi phróisis bhainistíochta riosca TFC is déanaí, chun cineálacha nua cibirionsaithe nó cineálacha reatha cibirionsaithe a chomhrac ar bhealach éifeachtach.

Airteagal 14

Cumarsáid

1. Mar chuid de chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1), beidh pleananna cumarsáide géarchéime i bhfeidhm ag eintitis airgeadais lena gcumasófar, ar a laghad, mórtheagmhais a bhaineann le TFC nó leochaileachtaí a nochtadh ar bhealach freagrach do chliaint agus contrapháirtithe agus don phobal chomh maith, de réir mar is iomchuí.
2. Mar chuid de chreat bainistíochta rioscaí TFC, cuirfidh eintitis airgeadais beartais chumarsáide chun feidhme don fhoireann inmheánach agus do gheallsealbhóirí seachtracha. Cuirfear san áireamh le beartais chumarsáide don fhoireann an gá le hidirdhealú a dhéanamh idir baill foirne a a ghlacann páirt i mbainistíocht rioscaí TFC, go háirithe an fhoireann atá freagrach as freagairt agus athshlánú, agus na baill foirne is gá a chur ar an eolas.
3. Cuirfear de chúram ar dhuine amháin ar a laghad san eintiteas airgeadais an straitéis cumarsáide le haghaidh teagmhais a bhaineann le TFC a chur chun feidhme agus comhlíonfaidh an duine sin an fheidhm phoiblí agus an fheidhm a bhaineann leis na meáin chun na críche sin.

Airteagal 15

Comhchuibhiú breise ar uirlisí, modhanna, próisis agus beartais um bhainistíocht riosca TFC

Forbróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) gnéithe breise a shonrú le cur sna straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí a bhaineann le slándáil TFC dá dtagraítear in Airteagal 9(2), d'fhonn slándáil gréasán a áirithiú, coimirce leordhóthanacha a chumasú i gcoinne ionraí agus mí-úsáid sonraí, infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a chaomhnú, lena n-áirítear teicnící cripteagrafaíochta, agus tarchur cruinn pras sonraí gan bristeacha móra ná moilleanna míchuí a ráthú;
- (b) comhpháirteanna breise de na rialuithe ar chearta bainistíochta rochtana dá dtagraítear in Airteagal 9(4), pointe (c), a fhorbairt chomh maith le beartais acmhainní daonna gaolmhar lena sonrú cearta rochtana, nósanna imeachta chun cearta a dheonú agus a chúlghairm, faireachán a dhéanamh ar iompar aimhrialta i ndáil le riosca TFC trí tháscairí iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh patrúin agus uaireanta úsáide gréasáin, gníomhaíocht TFC agus gairis anaithnide;
- (c) forbairt bhreise a dhéanamh ar na sásraí a shonraítear in Airteagal 10(1) lena gcumasófar gníomhaíochtaí aimhrialta a bhrath go pras chomh maith leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 10(2) lena dtionscnaítear próisis bhraite agus freagartha i ndáil le teagmhais a bhaineann le TFC;

- (d) sonrú breise a dhéanamh ar chomhpháirteanna an bheartais leanúnachais gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 11(1);
- (e) sonrú breise a dhéanamh ar thástáil na bpleananna leanúnachais gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 11(6) chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí sa tástáil sin cásanna insamhlaithe ina dtagann meathlúchán ar cháilíocht soláthair feidhme criticiúla nó tábhachtaí go leibhéal do-ghlactha nó ina gcliseann ar an soláthar, agus go measfar go cuí sa tástáil tionchar féideartha na dócmhainneachta, nó aon chliseadh eile, i gcás aon soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha agus, i gcás inarb ábhartha, na rioscaí polaitiúla i ndlínsí na soláthraithe faoi seach;
- (f) sonrú breise a dhéanamh ar chomhpháirteanna na bpleananna freagartha agus athshlánaithe TFC dá dtagraítear in Airteagal 11(3);
- (g) sonrú breise a dhéanamh ar ábhar agus formáid na tuarascála maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(5);

Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt acu, cuirfidh ÚMEnna méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí san áireamh, agus an aird chuí á tabhairt ar aon ghné shonrach a eascraíonn as cineál ar leith na ngníomhaíocht trasna earnálacha éagsúla seirbhísí airgeadais.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Eanáir 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad mhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 16

Creat bainistíochta riosca TFC simplithe

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5 go 15 den Rialachán seo maidir le gnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha, institiúidí íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Threoir (AE) 2015/2366; institiúidí atá díolmhaithe de bhun Threoir 2013/36/AE a chinn na Ballstáit gan an rogha dá dtagraítear in Airteagal 2(4) den Rialachán seo a fheidhmiú ina leith; institiúidí ríomh-airgid atá díolmhaithe de bhun Threoir 2009/110/CE; agus institiúidí beaga um sholáthar pinsean ceirde.

Gan dochar don chéad fhomhír, déanfaidh na heintitis a liostaítear sa chéad fhomhír an méid seo a leanas:

- (a) creat bainistíochta riosca TFC fóna agus doiciméadaithe a chur ar bun agus a choinneáil, ar creat é lena dtabharfar mionsonraí maidir leis na sásraí agus na bearta a bhfuil sé d'aidhm acu riosca TFC a bhainistiú go tapa, go héifeachtúil agus go cuimsitheach, lena n-áirítear chun na comhpháirteanna agus bonneagair fhisiciúla ábhartha a chosaint;
- (b) faireachán leanúnach a dhéanamh ar shlándáil agus feidhmiú córais TFC uile;
- (c) tionchar riosca TFC a íoslghdú trí úsáid a bhaint as córais, prótacail agus uirlisí TFC atá fóna, athléimneach agus nuashonraithe agus atá iomchuí chun tacú le feidhmíocht a ngníomhaíochtaí agus soláthar seirbhísí agus chun infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht na sonraí sna córais gréasáin agus faisnéise a chosaint ar bhealach leordhóthanach;
- (d) a fhágáil go bhféadfar foinsí riosca TFC agus aimhrialtachtaí sna córais gréasáin agus faisnéise a shainiú agus a bhrath go mear agus teagmhais a bhaineann le TFC a láimhseáil go pras;
- (e) príomhspleáchais ar sholáthraithe seirbhísí tríú páirtí TFC a shainiú;
- (f) leanúnachas feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a áirithiú, trí phleananna leanúnachais gnó agus bearta freagartha agus athshlánaithe, lena n-áirítear, ar a laghad, bearta cúlaca agus athbhunaithe;
- (g) na pleananna agus na beartaí dá dtagraítear i bpointe (f) a thástáil, mar aon le héifeachtacht na rialuithe arna gcur chun feidhme i gcomhréir le pointí (a) agus (c);

(h) na conclúidí oibríochtúla ábhartha a eascraíonn as na tástálacha dá dtagraítear i bpointe (g) agus as an anailís iarthearmhaís a rinneadh ar an bpróiseas measúnaithe riosca TFC a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, clár feasachta slándála TFC agus oiliúint athléimneachta digítí oibríochtúla don fhoireann agus don bhainistíocht.

2. Déanfar creat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, pointe (a), a dhóiciméadú agus a athbhreithniú go tréimhsiúil agus nuair a tharlaíonn mórtheagmhais a bhaineann le TFC i gcomhréir le treoracha maoirseachta. Cuirfear feabhas leanúnach ar an gcreat ar bhonn na gceachtanna a eascraíonn as cur chun feidhme agus faireachán. Cuirfear tuarascáil ar an athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca TFC faoi bhráid an údaráis inniúil arna iarraidh sin dó.

3. Forbróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, i gcomhairle le ENISA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) sonrú breise a dhéanamh ar na gnéithe atá le cur sa chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, pointe (a);
- (b) sonrú breise a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le córais, prótacail agus uirlisí chun thionchar an riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, pointe (c), a íoslaghdú, d'fhonn slándáil na ngréasán a áirithiú, coimircí leordhóthanacha a chumasú i gcoinne ionraí agus mí-úsáid sonraí agus infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí a chaomhnú;
- (c) sonrú breise a dhéanamh ar chomhpháirteanna na bpleananna leanúnachais gnó TFC dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, pointe (f);
- (d) sonrú breise a dhéanamh ar na rialacha maidir leis na pleananna leanúnachais gnó a thástáil agus éifeachtacht na rialuithe dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, pointe (g), agus a áirithiú, a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí sa tástáil sin cásanna insamhlaithe ina dtagann meathlúchán ar cháilíocht soláthair feidhme criticiúla nó tábhachtaí go leibhéal do-ghlactha nó ina gcliseann ar an soláthar;
- (e) tuilleadh sonraíthe a dhéanamh ar ábhar agus formáid na tuarascála bliantúla maidir leis an athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 2;

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt acu, cuirfidh ÚMEnna san áireamh méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Eanáir 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fómhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

CAIBIDIL III

Teagmhas a bhaineann le TFC a bhainistiú, a aicmiú agus a thuairisciú

Airteagal 17

Próiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC

1. Déanfaidh eintitis airgeadais próiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC a shainiú, a bhunú agus a chur chun feidhme chun teagmhais a bhaineann le TFC a bhrath, a bhainistiú agus fógra a thabhairt ina leith.

2. Déanfaidh eintitis airgeadais taifead ar gach teagmhas a bhaineann le TFC agus ar chibearbhagairtí suntasacha. Bunóidh eintitis airgeadais nósanna imeachta agus próisis iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán comhsheasmhach comhtháite, láimhseáil chomhsheasmhach comhtháite agus bearta leantacha comhsheasmhacha comhtháite maidir le teagmhais a bhaineann le TFC, chun a áirithiú go sainithneofar na bunchúiseanna, go ndéanfar iad a dhóiciméadú agus go dtabharfar aghaidh orthu, chun cosc a chur ar theagmhais den sórt sin.

3. Maidir leis an bpróiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) táscairí luathrabhaidh a chur i bhfeidhm;
 - (b) nósanna imeachta a bhunú chun teagmhais a bhaineann le TFC a shainiú, a rianú, a logáil, a chatagóiriú agus a aicmiú de réir a dtosaíochta agus a ndéine agus de réir chriticiúlacht na seirbhísí ar imríodh tionchar orthu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 18(1);
 - (c) ról agus freagrachtaí a shannadh is gá a ghníomhachtú le haghaidh cineálacha difriúla teagmhas a bhaineann le TFC agus cásanna insamhlaithe difriúla teagmhas a bhaineann le TFC;
 - (d) pleananna a leagan amach chun nósanna imeachta inmheánacha méadúcháin, lena n-áirítear gearáin ó chustaiméirí a bhaineann le TFC, a chur in iúl don fhoireann, do gheallsealbhóirí seachtracha agus do na meáin chumarsáide i gcomhréir le hAirteagal 14, agus chun fógra a thabhairt do chliant ina dtaobh, chomh maith le pleananna chun faisnéis a sholáthar d'eintitis airgeadais a ghníomhaíonn mar chontrapháirtithe, de réir mar is iomchuí;
 - (e) a áirithiú go dtuairisceofar ar a laghad mórtheagmhais a bhaineann le TFC do bhaill ábhartha den ardbhainistíocht agus go gcuirfear an comhlacht bainistíochta ar an eolas faoi mhórtheagmhais a bhaineann le TFC ar a laghad, ag míniú an tionchair, na freagartha agus na rialuithe breise a bheidh le bunú de thoradh an teagmhais sin a bhaineann le TFC;
 - (f) nósanna imeachta freagartha ar theagmhais a bhaineann le TFC a bhunú chun tionchair a mhaolú agus chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí oibríochtúil agus slán go tráthúil.

Airteagal 18

Teagmhais a bhaineann le TFC agus cibearbhagairtí a aicmiú

1. Aicmeoidh eintitis airgeadais teagmhais a bhaineann le TFC agus cinntí siad a dtionchar bunaithe ar na critéir seo a leanas:
- (a) líon agus/nó ábharthacht na gcliant nó na gcontrapháirtithe airgeadais a ndearnadh difear dóibh, agus, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-idirbheart a rinne an teagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh, agus cibé acu ar chúis nó nár chúis é an teagmhas a bhaineann le TFC le tionchar ar a gclú;
 - (b) fad an teagmhais a bhaineann le TFC, lena n-áirítear aga neamhfhónaimh na seirbhíse;
 - (c) an raon geografach maidir leis na limistéir a ndearna an teagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh, go háirithe má rinne sé difear do bhreis agus dhá Bhallstát;
 - (d) na cailleanais sonraí atá i gceist leis an teagmhas a bhaineann le TFC, i ndáil le infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí;
 - (e) criticiúlacht na seirbhísí a ndearnadh difear dóibh, lena n-áirítear idirbhearta agus oibríochtaí an eintitis airgeadais;
 - (f) tionchar eacnamaíoch an teagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe costais agus cailleanais dhíreacha agus indéreacha.
2. Déanfaidh eintitis airgeadais cibearbhagairtí a aicmiú mar chibearbhagairtí suntasacha bunaithe ar chriticiúlacht na seirbhísí atá i mbaol, lena n-áirítear idirbhearta agus oibríochtaí an eintitis airgeadais, líon agus/nó ábharthacht na gcliant nó na gcontrapháirtithe airgeadais ar díriodh orthu agus raon geografach na limistéar atá i mbaol.
3. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i gcomhairle le BCE agus ENISA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna a fhorbairt lena ndéanfar sonrú breise ar an méid seo a leanas:
- (a) na critéir a leagtar amach i mír 1, lena n-áirítear tairsí ábharthachta chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC, nó, de réir mar is infheidhme, mórtheagmhais oibríochtúla nó slándála a bhaineann le hiocaíocht oibríochtúil nó slándála, atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 19(1), a chinneadh;
 - (b) na critéir atá le cur i bhfeidhm ag údaráis inniúla chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na mórtheagmhais a bhaineann le TFC nó, de réir mar is infheidhme, mórtheagmhais a bhaineann le hiocaíocht oibríochtúil nó slándála, maidir le húdaráis inniúla ábhartha i mBallstáit eile agus mionsonraí na dtuarascálacha ar mhórtheagmhais a bhaineann le TFC nó, de réir mar is infheidhme, ar mhórtheagmhais a bhaineann le hiocaíocht oibríochtúil nó slándála, atá le comhroinnt leis na húdaráis inniúla eile de bhun Airteagal 19(6) agus (7).
 - (c) na critéir a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear tairsí ábharthachta arda chun cibearbhagairtí suntasacha a chinneadh.

4. Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo á bhforbairt, cuirfidh ÚMEnna san áireamh na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2), chomh maith leis na caighdeáin idirnáisiúnta, na treoracha agus na sonraíochtaí arna bhforbairt agus arna bhfoilsíú ag ENISA, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sonraíochtaí d'earnálacha eacnamaíocha eile. Chun na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2) a chur i bhfeidhm, tabharfaidh ÚMEnna aird chuig ar an ngá atá ann do mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide chun acmhainní agus cumais leordhóthanacha a shlógadh chun a áirithiú go ndéanfar teagmhais a bhaineann le TFC a bhainistiú go tapa.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Eanáir 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 3 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 19

Mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú agus fógra deonach a thabhairt faoi chibearbhagairtí suntasacha

1. Tuairisceoidh eintitis airgeadais mórtheagmhais a bhaineann le TFC don údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 46 i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.

I gcás ina mbeidh eintiteas airgeadais faoi réir maoirseachta ag níos mó ná údarás inniúil náisiúnta amháin dá dtagraítear in Airteagal 46, ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil aonair mar an t-údarás inniúil ábhartha a bheidh freagrach as na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i gcrích.

Déanfaidh institiúidí creidmheasa a aicmítear mar institiúidí suntasacha, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú don údarás inniúil náisiúnta ábhartha arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2013/36/AE, a tharchuirfidh an tuarascáil sin láithreach chuig BCE.

Chun críche na chéad fhomhíre, tabharfaidh eintitis airgeadais, tar éis dóibh an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú agus a anailísiú, an fógra tosaigh agus na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar aird trí úsáid a bhaint as na teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 20 agus cuirfidh siad iad faoi bhráid an údarás inniúil. I gcás nach mbeidh sé indéanta go teicniúil an fógra tosaigh a chur isteach trí úsáid a bhaint as an teimpléad, tabharfaidh eintitis airgeadais fógra ina leith don údarás inniúil trí mhodhanna malartacha.

Beidh san fhógra tosaigh agus sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 an fhaisnéis uile is gá don údarás inniúil chun a shuntasá agus atá an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a chinneadh agus chun tionchair fhéideartha thrasteorann a mheasúnú.

Gan dochar don tuairisciú de bhun na chéad fhomhíre arna dhéanamh ag an eintiteas airgeadais don údarás inniúil ábhartha, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ina theannta sin, go dtabharfaidh roinnt eintiteas airgeadais, nó iad ar fad, an fógra tosaigh agus gach tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo trí úsáid a bhaint as na teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 20 do na húdaráis inniúla nó do na foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna) arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555.

2. Féadfaidh eintitis airgeadais, ar bhonn deonach, cibearbhagairtí suntasacha a chur in iúl don údarás inniúil ábhartha i gcás ina measann siad go bhfuil an bhagairt ábhartha don chóras airgeadais, d'úsáideoirí seirbhíse nó do chliaint. Féadfaidh an t-údarás inniúil ábhartha an fhaisnéis sin a sholáthar d'údarás ábhartha eile i gcomhréir le mír 6.

Féadfaidh institiúidí creidmheasa a aicmítear mar institiúidí suntasacha, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar bhonn deonach, fógra a thabhairt faoi chibearbhagairtí suntasacha don údarás inniúil náisiúnta ábhartha, arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2013/36/AE, a tharchuirfidh an fógra sin láithreach chuig BCE.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh na heintitis airgeadais sin a thugann fógra ar bhonn deonach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír an fógra sin a tharchur freisin chuig CSIRTanna arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555.

3. I gcás ina dtarlóidh mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus ina mbeidh tionchar aige ar leasanna airgeadais cliant, cuirfidh eintitis airgeadais, gan moill mhíchúí, a luaithe a bheidh siad feasach air, a gcuid cliant ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus faoi na bearta a rinneadh chun na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann leis an teagmhas sin a mhaolú.

I gcás cibearbhagairt shuntasach, cuirfidh eintitis airgeadais, i gcás inarb infheidhme, a gcliaint a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh ar an eolas faoi aon bhearta cosanta iomchúí a d'fhéadfadh na heintitis sin a bhreithniú agus a dhéanamh.

4. Cuirfidh eintitis airgeadais, laistigh de na teorainneacha ama atá le leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 20, an chéad mhír, pointe (a), pointe (ii), an méid seo a leanas faoi bhráid an údaráis inniúil ábhartha:

(a) fógra tosaigh;

(b) tuarascáil idirmheánach tar éis an fhógra tosaigh dá dtagraítear i bpointe (a), a luaithe a bheidh athrú suntasach tagtha ar stádas an teagmhais bhunaidh nó a luaithe a athrófar láimhseáil an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC bunaithe ar fhaisnéis nua atá ar fáil, agus fógraí nuashonraithe ina dhiaidh sin, de réir mar is iomchúí, gach uair a bheidh nuashonrú ábhartha ar stádas ar fáil, agus ar iarraidh shonrach ón údarás inniúil;

(c) tuarascáil deiridh, nuair a bheidh an anailís ar an mbunchúis curtha i gcrích, gan beann ar cibé acu ar cuireadh bearta maolaithe chun feidhme cheana féin, agus nuair a bheidh na figiúir iarbhrí faoin tionchar ar fáil chun dul in ionad meastachán.

5. Féadfaidh eintitis airgeadais na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Airteagal seo a sheachfhoinsiú, i gcomhréir le dlí earnálach an Aontais agus náisiúnta, chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí. I gcás seachfhoinisithe den sórt sin, leanfaidh an t-eintiteas airgeadais de bheith freagrach go hiomlán as na ceanglais maidir le tuairisciú teagmhas a chomhlíonadh.

6. Ar an bhfógra tosaigh agus gach tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil, in am trátha, mionsonraí faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC a chur ar fáil do na faighteoír seo a leanas, bunaithe, de réir mar is infheidhme, ar a n-inniúlachtaí faoi seach:

(a) ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC;

(b) BCE, i gcás eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a), (b) agus (d);

(c) na húdaráis inniúla, pointí teagmhála aonair nó CSIRTanna arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir Treoir (AE) 2022/2555;

(d) na húdaráis réitigh, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/59/AE, agus an Bord Réitigh Aonair (BRA) i dtaca le heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁷⁾, agus i dtaca le heintitis agus grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4)(b) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 má bhaineann mionsonraí den sórt sin le teagmhais lena ngabhann riosca chun feidhmeanna criticiúla a áirithiú de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (35), de Threoir 2014/59/AE; agus

(e) údaráis phoiblí ábhartha eile faoin dlí náisiúnta.

7. Tar éis faisnéis a fháil i gcomhréir le mír 6, déanfaidh ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC agus BCE, i gcomhairle le ENISA agus i gcomhar leis an údarás inniúil ábhartha, measúnú i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil an mórtheagmhas a bhaineann le TFC ábhartha d'údaráis inniúla i mBallstáit eile. Tar éis an mheasúnaithe sin, tabharfaidh ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC, a luaithe is féidir, fógra do na húdaráis inniúla ábhartha i mBallstáit eile dá réir. Tabharfaidh BCE fógra do bhail an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais maidir le saincheisteanna is ábhartha don chóras íocaíochta. Bunaithe ar an bhfógra sin, déanfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchúí, na bearta uile is gá chun cobhsaíocht láithreach an chórais airgeadais a chosaint.

⁽³⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sársa Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

8. Beidh an fógra atá le tabhairt ag ÚEUM de bhun mhír 7 den Airteagal seo gan dochar don fhreagracht atá ar an údarás inniúil mionsonraí an mhórtéagmhais a bhaineann le TFC a tharchur go práinneach chuig an údarás ábhartha sa Bhallstát óstach, i gcás ina mbeidh gníomhaíocht shuntasach trasteorann ag taisclann lárnach urrús sa Bhallstát óstach, i gcás inar dócha go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ag an mórtéagmhas a bhaineann le TFC do mhargaí airgeadais an Bhallstáit óstaigh agus i gcás ina mbeidh socrúithe comhair i measc na n-údarás inniúil a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar eintitis airgeadais.

Airteagal 20

Ábhar tuairiscithe agus teimpléid tuairiscithe a chomhchuíbiú

Forbróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, agus i gcomhairle le ENISA agus BCE, an méid seo a leanas:

(a) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna:

- (i) ábhar na dtuascálacha le haghaidh mórtéagmhais a bhaineann le TFC a bhunú chun na critéir a leagtar síos in Airteagal 18(1) a léiriú agus gnéithe breise a ionchorprú, amhail mionsonraí chun ábharthacht an tuairiscithe a bhunú do Bhallstáit eile agus cibé an mórtéagmhas a bhaineann le híocaíocht oibríochtúil nó slándála é nó nach é;
- (ii) na teorainneacha ama don fhógra tosaigh agus do gach tuascáil dá dtagraítear in Airteagal 19(4) a chinneadh;
- (iii) ábhar an fhógra faoi chibearbhagairtí suntasacha a bhunú.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh ÚMEnna san áireamh méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí, agus go háirithe d'fhonn a áirithiú, chun críocha na míre seo, pointe (a), pointe (ii), go bhféadfaidh teorainneacha ama éagsúla sainiúlachtaí earnálacha airgeadais a léiriú, de réir mar is iomchuí, gan dochar do chur chuige comhsheasmhach a choinneáil maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC de bhun an Rialacháin seo agus de bhun Threoir (AE) 2022/2555. Tabharfaidh ÚMEnna, de réir mar is infheidhme, bonn cirt nuair a imíonn siad ó na cineálacha cur chuige a glacadh i gcomhthéacs na Treorach sin.

(b) dréachtchaighdeáin theicniúla chomhchoiteanna cur chun feidhme chun na foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú d'eintitis airgeadais maidir le mórtéagmhas a bhaineann le TFC a thuairisciú agus fógra a thabhairt faoi chibearbhagairt shuntasach.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chomhchoiteanna cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b), faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Iúil 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (a), a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla chomhchoiteanna cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír, pointe (b), a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 21

Tuairisciú mórtéagmhas a bhaineann le TFC a lárú

1. Ullmhóidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, agus i gcomhairle le BCE agus ENISA, tuascáil chomhpháirteach ina ndéanfar measúnú ar a fhéideartha a bheadh sé lárú breise a dhéanamh ar thuairisciú teagmhas trí Mhol AE aonair a bhunú d'eintitis airgeadais chun mórtéagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú. Féachfar sa tuascáil chomhpháirteach ar bhealaí chun sreabhadh an tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a éascú, chun costais ghaolmhara a laghdú agus chun bheith mar bhonn taca faoi anailísí téamacha d'fhonn cóineasú maoirseachta a fheabhsú.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil chomhpháirteach dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) réamhriachtanais maidir le Mol AE aonair a bhunú;
 - (b) tairbhí, teorainneacha agus rioscaí, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le hard-chomhchruinniú faisnéise íogaire;
 - (c) an cumas is gá chun idir-inoibritheacht a áirithiú maidir le scéimeanna tuairiscithe ábhartha eile;
 - (d) gnéithe den bhainistíocht oibríochtúil;
 - (e) coinníollacha ballraíochta;
 - (f) socruithe teicniúla d'eintitis airgeadais agus údaráis inniúla náisiúnta chun rochtain a fháil ar Mhol AE aonair;
 - (g) réamh-mheasúnú ar chostais airgeadais arna dtabhú leis an ardán oibríochtúil lena dtacaítear le Mol AE aonair a chur ar bun, lena n-áirítear an saineolas riachtanach.
3. Cuirfidh ÚMEnna an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle faoin 17 Eanáir 2025.

Airteagal 22

Aiseolas maoirseachta

1. Gan dochar don ionchur teicniúil, comhairle, nó leigheasanna agus obair leantach ina dhiaidh sin a bhféadfadh CSIRTanna a chur ar fáil, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, faoi Threoir (AE) 2022/2555, déanfaidh an t-údarás inniúil, ar fáil an fhógra tosaigh agus gach tuarascála de réir mar a thagraítear dóibh in Airteagal 19(4), fáil a aithint agus féadfaidh sé, i gcás inarb indéanta, aiseolas ábhartha comhréireach nó treoir ardleibhéil a chur ar fáil in am trátha don eintiteas airgeadais, go háirithe tríd aon eolas anaithnidithe ábhartha agus faisnéis faoi bhagairtí comhchosúla a chur ar fáil, agus féadfaidh sé leigheasanna a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal an eintitis airgeadais a phlé, mar aon le modhanna chun drochthionchar feadh na hearnála airgeadais a íoslághdú agus a mhaolú. Gan dochar don aiseolas maoirseachta a gheofar, leanfaidh eintitis airgeadais de bheith lánfhreagrach as láimhseáil na dteagmhais a bhaineann le TFC arna dtuairisciú de bhun Airteagal 19(1) agus as iarmhairtí na dteagmhais sin.
2. Tabharfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, ar bhonn anaithnidithe comhiomlánaithe, tuairisc ar mhórtéagmhais a bhaineann le TFC go bliantúil, agus cuirfidh na húdaráis inniúil mionsonraí na dteagmhais sin ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 19(6), leagfar amach leis an tuairisciú sin an líon mórtéagmhais a bhaineann le TFC a rinneadh, a gcineál agus a dtionchar ar oibríochtaí eintiteas airgeadais nó oibríochtaí cliant, bearta ceartaitheacha a glacadh agus costais a tabhaíodh.

Eiseoidh ÚMEnna rabhaidh agus soláthróidh siad staidreamh ardleibhéil chun tacú le measúnuithe ar bhagairtí agus leochaileachtaí maidir le TFC.

Airteagal 23

Teagmhais a bhaineann le híocaíochta oibríochtúil nó slándála i ndáil le hinstitiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta, soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais, agus institiúidí ríomh-airgid

Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo freisin maidir le teagmhais a bhaineann le híocaíochtaí oibríochtúil nó slándála agus maidir le mórtéagmhais a bhaineann le híocaíochtaí oibríochtúla nó slándála, i gcás ina mbainfidh siad le hinstitiúidí creidmheasa, institiúidí íocaíochta, soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais, agus institiúidí ríomh-airgid.

CAIBIDIL IV

Tástáil athléimneachta digití oibríochtúla*Airteagal 24***Ceanglais ghinearálta maidir le tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a dhéanamh**

1. Chun ullmhacht le haghaidh láimhseáil teagmhas a bhaineann le TFC a mheasúnú, chun laigí, easnaimh agus bearnaí san athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a shaináithint, agus chun bearta ceartaítheacha a chur chun feidhme go pras, déanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2) á gcur san áireamh acu, clár fónta cuimsitheach tástála athléimneachta digití oibríochtúla a bhunú, a choinneáil ar bun agus a athbhreithniú mar chuid bhunúsach de chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6.
2. Beidh raon measúnuithe, tástálacha, modheolaíochtaí, cleachtas agus uirlisí sa chlár tástála athléimneachta digití oibríochtúla a bheidh le feidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 25 agus 26.
3. Agus an clár tástála athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á dhéanamh acu, leanfaidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, cur chuige rioscabhunaithe agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2) á gcur san áireamh trí aird chuí a thabhairt ar thimpeallacht athraitheach riosca TFC, ar aon rioscaí sonracha ar a bhfuil an t-eintiteas airgeadais lena mbaineann neamhchosanta nó ar a bhféadfadh an t-eintiteas airgeadais lena mbaineann a bheith neamhchosanta, ar chriticiúlacht na sócmhainní faisnéise agus na seirbhísí a sholáthraítear, chomh maith le haon toisc eile a mheasann an t-eintiteas airgeadais a bheith iomchuí.
4. Áiríteoidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, go dtabharfaidh páirtithe neamhspleácha faoi thástálacha, cibé acu an tástálacha inmheánacha nó seachtracha iad. I gcás ina ndéanfaidh tástálaí inmheánach tástálacha, cuirfidh na heintitis airgeadais dóthain acmhainní ar fáil agus áiríteoidh siad go seachnófar coinbhleachtaí leasa le linn chéim deartha agus chur i gcrích na tástála.
5. Bunóidh eintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, nósanna imeachta agus beartais chun gach saincheist a nochtfar i rith feidhmiú na dtástálacha a chur in ord tosaíochta, a aicmiú agus a réiteach agus bunóidh siad modheolaíochtaí bailíochtaíthe inmheánacha chun a dhearbhu go rachfar i ngleic go hiomlán leis na laigí, na heasnaimh nó na bearnaí uile a shaináithnítear.
6. Áiríteoidh na heintitis airgeadais, nach micrifhiontair iad, go ndéanfar tástálacha iomchuí ar chórais TFC agus ar fheidhmchláir TFC uile lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha uair sa bhliain ar a laghad.

*Airteagal 25***Uirlisí agus córais TFC a thástáil**

1. Forálfar leis an gclár tástála athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 24, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2), maidir le tástálacha iomchuí a fheidhmiú, amhail measúnuithe leochaileachta agus scanadh leochaileachta, anailísí foinse oscailte, measúnuithe ar shlándáil gréasáin, anailísí ar bhearnaí, athbhreithnithe ar shlándáil fhisiciúil, ceistneoirí agus réitigh scanta bogearraí, athbhreithnithe ar chód foinseach i gcás inarb indéanta, tástálacha bunaithe ar chásanna insamhlaithe, tástáil comhoiriúnachta, tástáil feidhmíochta, tástáil ó cheann go ceann agus tástáil treáite.
2. Déanfaidh taisclanna lárnacha urrús agus contrapháirtithe lárnacha measúnuithe leochaileachta sula ndéanfar feidhmchláir agus comhpháirteanna bonneagair nua nó atá ann cheana a imscaradh nó a ath-implonnú, agus seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais.
3. Déanfaidh micrifhiontair na tástálacha dá dtagraítear i mír 1 trí chur chuige rioscabhunaithe a chomhcheangal le planáil straitéiseach ar thástáil TFC, trí bhreithniú cuí a dhéanamh ar an ngá atá le cur chuige cothrom a choinneáil idir scála na n-acmhainní agus an t-am atá le leithdháileadh ar an tástáil TFC dá bhforáiltear san Airteagal seo, ar thaobh amháin, agus práinn, cineál an riosca, criticiúlacht na sócmhainní faisnéise agus na seirbhísí a sholáthraítear, chomh maith le haon toisc ábhartha eile, lena n-áirítear cumas an eintitis airgeadais rioscaí ríofa a ghlacadh, ar an taobh eile.

*Airteagal 26***Ardtástáil a dhéanamh ar uirlisí, córais agus próisis TFC bunaithe ar TLPT**

1. Déanfaidh eintitis airgeadais, nach eintitis dá dtagraítear in Airteagal 16(1), an chéad fhomhír, agus nach micrifhiontair iad, a shaináithnítear i gcomhréir le mír 8, an tríú fómhír, den Airteagal seo, ardtástáil gach 3 bliana ar a laghad trí bhithin TLPT. Bunaithe ar phróifíl riosca an eintitis airgeadais agus imthosca oibríochtúla á gcur san áireamh, féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inar gá, a iarraidh ar an eintiteas airgeadais an mhinicíocht sin a laghdú nó a mhéadú.

2. Cumhdófar le gach tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí roinnt feidhmeanna agus seirbhísí criticiúla nó tábhachtacha de chuid eintitis airgeadais nó iad uile, agus déanfar an tástáil sin ar chórais táirgeachta bheo a thacaíonn leis na feidhmeanna sin.

Saináithneoidh eintitis airgeadais gach bunchóras, bunphróiseas agus bunteicneolaíocht ábhartha TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus le seirbhísí TFC ábhartha uile, lena n-áirítear iad sin lena dtacaítear leis na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a seachfhóinsíodh chuig soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nó a cuireadh faoi cheangal conartha do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí.

Déanfaidh eintitis airgeadais measúnú ar na feidhmeanna criticiúla is gá a bheith cumhdaithe ag TLPT. Cinnfear le toradh an mheasúnaithe sin raon feidhme beacht TLPT agus déanfaidh na húdaráis inniúla é a bhailíochtú.

3. I gcás ina n-áireofar soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí i raon feidhme TLPT, déanfaidh an t-eintiteas airgeadais na bearta agus na coimircí is gá chun rannpháirtíocht na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí sin in TLPT a áirithiú agus coinneoidh sé an fhreagracht iomlán i gcónaí as comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

4. Gan dochar do mhír 2, an chéad agus an dara fómhír, i gcás ina mbeifear ag súil go réasúnach leis go mbeidh drochthionchar ag rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí in TLPT, dá dtagraítear i mír 3, ar cháilíocht nó slándáil na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí do chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, nó ar rúndacht na sonraí a bhaineann le seirbhísí den sórt sin, féadfaidh an t-eintiteas airgeadais agus soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a chomhaontú i scríbhinn go ndéanfaidh soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí socruithe conarthacha go díreach le tástálaí seachtrach, chun TLPT comhchruinnithe a dhéanamh, faoi stiúir eintiteas airgeadais ainmnithe amháin, ina bhfuil roinnt eintiteas airgeadais páirteach (tástáil chomhthiomsaithe) a sholáthraíonn soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí seirbhísí TFC dóibh.

Cumhdófar leis an tástáil chomhthiomsaithe sin an raon ábhartha seirbhísí TFC lena dtacaítear leis na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha atá curtha faoi cheangal conartha do sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faoi seach ag na heintitis airgeadais. Measfar an tástáil chomhthiomsaithe a bheith ina TLPT arna déanamh ag na heintitis airgeadais atá rannpháirteach sa tástáil chomhthiomsaithe.

Déanfar líon na n-eintiteas airgeadais atá rannpháirteach sa tástáil chomhthiomsaithe a chalabrú go cuí agus castacht agus cineálacha na seirbhísí lena mbaineann á gcur san áireamh.

5. Déanfaidh eintitis airgeadais, i gcomhar le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí agus páirtithe eile lena mbaineann, lena n-áirítear na tástálaithe ach gan na húdaráis inniúla a chur san áireamh, rialuithe éifeachtacha bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar shonraí, damáiste do shócmhainní, agus suaitheadh ar fheidhmeanna, seirbhísí nó oibríochtaí criticiúla nó tábhachtacha ag an eintiteas airgeadais féin, a chontrapháirtithe nó ar an earnáil airgeadais.

6. Ag deireadh na tástála, tar éis tuarascálacha agus pleananna feabhsúcháin a bheith comhaontaithe, cuirfidh an t-eintiteas airgeadais agus, i gcás inarb infheidhme, na tástálaithe seachtracha a choimre ar fáil don údarás, arna ainmniú i gcomhréir le mír 9 nó mír 10, ar na torthaí ábhartha, ar na pleananna feabhsúcháin agus ar an doiciméadacht lena léirítear go ndearnadh TLPT i gcomhréir leis na ceanglais.

7. Tabharfaidh na húdaráis fianú d'eintitis airgeadais lena ndeimhneofar go ndearnadh an tástáil i gcomhréir leis na ceanglais mar a léirítear sa doiciméadacht chun go bhféadfar aitheantas frithpháirteach a thabhairt do thástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí idir údaráis inniúla. Tabharfaidh an t-eintiteas airgeadais fógra don údarás inniúil ábhartha maidir leis an bhfianú, an achoimre ar na torthaí ábhartha agus na pleananna feabhsúcháin.

Gan dochar d'fhianú den sórt sin, leanfaidh eintitis airgeadais de bheith freagrach go hiomlán i gcónaí as tionchar na dtástálacha dá dtagraítear i mír 4.

8. Déanfaidh eintitis airgeadais tástálaithe a chur faoi chonradh chun TLPT a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 27. I gcás ina n-úsáideann eintitis airgeadais tástálaithe inmheánacha chun TLPT a dhéanamh, cuirfidh siad tástálaithe seachtrach faoi chonradh i ngach trú tástáil.

Institiúidí creidmheasa a aicmítear mar eintitis shuntasacha i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ní úsáidfidh siad ach tástálaithe seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 27(1), pointí (a) go (e).

Sainnithneoidh na húdaráis inniúla eintitis airgeadais a gceanglaítear orthu TLPT a dhéanamh agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2) á gcur san áireamh, bunaithe ar mheasúnú ar an méid seo a leanas:

- (a) tosca a bhaineann le tionchar, go háirithe a mhéid a bhíonn tionchar ag na seirbhísí arna soláthar agus ag na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-eintiteas airgeadais ar an earnáil airgeadais;
- (b) ábhair inmí fhéideartha maidir le cobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear saintréithe sistéamacha an eintitis airgeadais ar leibhéal náisiúnta nó leibhéal an Aontais, de réir mar is infheidhme;
- (c) próifíl riosca shonrach TFC, leibhéal sonrach aibíochta TFC an eintitis airgeadais nó gnéithe sonracha teicneolaíochta atá i gceist.

9. Féadfaidh na Ballstáit údarás poiblí aonair san earnáil airgeadais a ainmniú a bheidh freagrach as ábhair a bhaineann le TLPT san earnáil airgeadais ar an leibhéal náisiúnta agus cuirfidh siad na hinniúlachtaí agus na cúraimí uile ar iontaoibh dó chuige sin.

10. In éagmais ainmnithe i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo, agus gan dochar don chumhacht na heintitis airgeadais a shainnithint a gceanglaítear orthu TLPT a dhéanamh TLPT a dhéanamh, féadfaidh údarás inniúil feidhmiú cuid de na cúraimí nó na cúraimí uile dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 27 a tharmligean chuig údarás náisiúnta eile san earnáil airgeadais.

11. Déanfaidh ÚMEnna, i gcomhar le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhpháirteacha a fhorbairt i gcomhréir le creat TIBER-EU chun an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) na critéir a úsáidtear chun mír 8, an dara fómhír, a chur i bhfeidhm;
- (b) na ceanglais agus na caighdeáin lena rialaítear úsáid tástálaithe inmheánacha;
- (c) na ceanglais i ndáil le:
 - (i) raon feidhme TLPT dá dtagraítear i mír 2;
 - (ii) an mhodheolaíocht tástála agus an cur chuige tástála atá le leanúint le haghaidh gach céime den phróiseas tástála;
 - (iii) torthaí na tástála agus céimeanna deiridh agus céimeanna feabhsúcháin na tástála;
- (d) cineál an chomhair maoirseachta agus comhar ábhartha eile is gá chun TLPT a chur chun feidhme agus chun aitheantas frithpháirteach ar an tástáil sin a éascú, i gcomhthéacs eintiteas airgeadais a fheidhmíonn i mbreis agus aon Bhallstát amháin, go mbeidh leibhéal páirtíochta maoirseachta iomchuí i gceist chomh maith le cur chun feidhme solúbtha chun freastal ar shainiúlachtaí fo-earnálacha airgeadais nó sainiúlachtaí margaí airgeadais áitiúla.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, tabharfaidh ÚMEnna aird chuig ar aon ghné shonrach a eascraíonn as cineál leithleach na gníomhaíochtaí ar fud na n-earnálacha éagsúla seirbhísí airgeadais.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Iúil 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fómhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 27***Ceanglais le haghaidh tástálaithe chun TLPT a dhéanamh**

1. Ní úsáidfidh eintitis airgeadais ach na tástálaithe seo a leanas chun TLPT a dhéanamh:
 - (a) tástálaithe lena mbaineann an oiriúnacht is mó agus an clú is fearr;
 - (b) tástálaithe a bhfuil cumais theicniúla agus cumais eagrúcháin acu agus a léiríonn oilteacht shonrach maidir le faisnéis bhagartha, tástáil treáite agus tástáil foirne deirge;
 - (c) tástálaithe atá deimhnithe ag comhlacht creidiúnúcháin i mBallstát nó lena gcloítear le cóid fhoirmiúla iompair nó le creatáí eitice;
 - (d) tástálaithe a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách nó tuarascáil iniúchóireachta i ndáil le bainistíocht fhónta rioscaí a bhaineann le TLPT a dhéanamh, lena n-áirítear faisnéis rúnda an eintitis airgeadais a chosaint go cuí agus sásamh le haghaidh rioscaí gnó an eintitis airgeadais;
 - (e) tástálaithe a bhfuil cumhdach cuí iomlán acu le hárachais slánaíochta gairmiúla ábhartha, lena n-áirítear i gcoinne rioscaí mí-iompair agus faillí.
2. Agus tástálaithe inmheánacha á n-úsáid acu, áiritheoidh eintitis airgeadais, sa bhreis ar na ceanglais i mír 1, go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá úsáid den sórt sin formheasta ag an údarás inniúil ábhartha nó ag an údarás poiblí aonair arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 26(9) agus (10);
 - (b) tá sé fíoraithe ag an údarás inniúil ábhartha go bhfuil dóthain acmhainní tiomnaithe ag an eintiteas airgeadais agus d'áirithigh sé go seachnófar coibhleachtaí leasa le linn chéim deartha agus chur i gcrích na tástála; agus
 - (c) tá an soláthraí faisnéise bhagartha lasmuigh den eintiteas airgeadais.
3. Áiritheoidh eintitis airgeadais go n-éileofar le conarthaí a dhéanfar le tástálaithe seachtracha go mbainistíofar torthaí TLPT go fónta agus nach gcruthófar rioscaí don eintiteas airgeadais de thoradh aon phróiseáil sonraí a dhéantar ar na torthaí sin, nó de thoradh aon ghiniúint, aon stóráil, aon chomhiomlánú, aon dréachtú, aon tuairisciú, aon chumarsáid nó aon scríosadh dá ndéantar i leith na dtorthaí sin.

CAIBIDIL V

Riosca TFC tríú páirtí a bhainistiú

Cuid I

Príomhphrionsabail chun riosca TFC tríú páirtí a bhainistiú go fónta*Airteagal 28***Prionsabail ghinearálta**

1. Déanfaidh eintitis airgeadais riosca TFC tríú páirtí a bhainistiú mar chomhpháirt lárnach de riosca TFC laistigh dá gcreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 6(1), agus i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:
 - (a) maidir le heintitis airgeadais a bhfuil socruithe conarthacha i bhfeidhm acu maidir le húsáid seirbhísí TFC chun a n-oibríochtaí gnó a reáchtáil, beidh iomlán na freagrachta i gcónaí orthu as cloí le gach oibleagáid faoin Rialachán seo agus faoi dhlí seirbhísí airgeadais is infheidhme agus as gach oibleagáid den sórt sin a chomhlíonadh;

(b) cuirfear bainistíocht riosca TFC tríú páirtí na n-eintiteas airgeadais chun feidhme i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- (i) cineál, scála, castacht agus tábhacht na spleáchas a bhaineann le TFC,
- (ii) na rioscaí a eascraíonn as socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC a dhéantar le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, agus criticiúlacht nó tábhacht na seirbhíse, an phróisis nó na feidhme faoi seach á cur san áireamh, agus an tionchar féideartha ar leanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí airgeadais, ar leibhéal aonair agus leibhéal grúpa.

2. Mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, glacfaidh eintitis airgeadais, nach eintitis dá dtagraítear in Airteagal 16(1), an chéad fhomhír, agus nach micrifhiontair iad, straitéis maidir le riosca TFC tríú páirtí, agus déanfaidh siad athbhreithniú rialta uirthi, agus an straitéis ildíoltóra dá dtagraítear in Airteagal 6(9) á cur san áireamh, i gcás inarb infheidhme. Áireofar sa straitéis sin beartas um úsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí agus beidh feidhm ag an straitéis ar bhonn aonair agus, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite. Déanfaidh an comhlacht bainistíochta, ar bhonn measúnú ar phróifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais agus scála agus castacht na seirbhísí gnó, athbhreithniú rialta ar na rioscaí arna sainaithint i ndáil le socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha.

3. Mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, coinneoidh eintitis airgeadais, ar leibhéal eintitis, agus ar leibhéal fo-chomhdhlúite agus comhdhlúite, clár faisnéise ar bun i ndáil le gach socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, agus tabharfaidh siad an clár sin cothrom le dáta freisin.

Déanfar na socruithe conarthacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhoiciméadú go cuí, agus idirdhealú á dhéanamh idir na socruithe sin lena gcumhdaítear seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus na socruithe nach gcumhdaítear na feidhmeanna sin leo.

Tabharfaidh eintitis airgeadais, uair sa bhliain ar a laghad, tuairisc do na húdaráis inniúla faoin líon socruithe nua maidir le húsáid seirbhísí TFC, faoi na catagóirí soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, faoin gcineál socruithe conarthacha agus faoi na seirbhísí agus na feidhmeanna TFC atá á soláthar.

Cuirfidh eintitis airgeadais ar fáil don údarás inniúil, arna iarraidh sin, an clár faisnéise iomlán nó de réir mar a iarrtar, ranna sonraithe de, mar aon le haon fhaisnéis a mheastar gur gá í chun maoirseacht éifeachtach ar an eintiteas airgeadais a chumasú.

Cuirfidh eintitis airgeadais an t-údarás inniúil ar an eolas faoi aon socrú conarthach pleanáilte maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha go tráthúil agus nuair a bheidh feidhm tagtha chun bheith ina feidhm chriticiúil nó thábhachtach freisin.

4. Sula ndéanfar socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC, déanfaidh eintitis airgeadais an méid seo a leanas:

- (a) measúnú cibé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear lei an socrú conarthach úsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhm chriticiúil nó thábhachtach;
- (b) measúnú cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha maoirseachta;
- (c) gach riosca ábhartha i ndáil leis an socrú conarthach a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go bhféadfadh socrú conarthach den sórt sin cuidiú le riosca TFC maidir le comhchruinniú a threisiú, mar a thagraítear dó in Airteagal 29;
- (d) gach dícheall cuí a dhéanamh maidir le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí ionchasacha agus a áirithiú go mbeidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí oiriúnach i rith an phróisis roghnúcháin agus mheasúnaithe ar fad;
- (e) coimhlintí leasa a bhféadfadh an socrú conarthach a bheith ina gcúis leo a shainaithint agus a mheasúnú.

5. Ní fhéadfaidh eintitis airgeadais socruithe conarthacha a dhéanamh ach amháin le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a chomhlíonann caighdeáin slándála faisnéise iomchuí. I gcás ina mbaineann na socruithe conarthacha sin le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, cuirfidh eintitis airgeadais san áireamh go cuí, sula dtabharfar na socruithe i gcrích, an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí as na caighdeáin slándála faisnéise is cothroime le dáta agus ar an gcáilíocht is airde.

6. Agus cearta rochtana, cigireachta agus iniúcháireachta á bhfeidhmiú maidir le soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, cinnfidh eintitis airgeadais, ar bhonn cur chuige rioscabhunaithe, minicíocht na n-iniúchtaí agus na gcigireachtaí chomh maith leis na réimsí a bheidh le hiniúchadh, roimh ré, trí bheith ag cloí le caighdeáin iniúcháireachta a bhfuil glacadh coitianta leo i gcomhréir le haon treoir mhaoirseachta maidir leis na caighdeáin iniúcháireachta sin a úsáid agus a chuimsiú.

I gcás socrúithe conarthacha arna dtabhairt i gcrích le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí maidir leis an úsáid a bhaintear as seirbhísí TFC agus a mbaineann ardleibhéal castachta teicniúla leo, fíoróidh an t-eintiteas airgeadais go mbeidh scileanna agus eolas iomchuí ag iniúcháirí, bídis inmheánach nó seachtrach, nó ag comhthiomsú iniúcháirí, chun na hiniúchtaí agus na measúnuithe ábhartha a dhéanamh go héifeachtach.

7. Áiritheoidh eintitis airgeadais go bhféadfaí socrúithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC a fhoirceannadh in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

- (a) má sháraíonn soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ar bhealach suntasach dlíthe, rialacháin nó téarmaí conarthacha is infheidhme;
- (b) i gcás ina sainaithneofar i rith an fhaireacháin ar riosca TFC tríú páirtí imthosca a mheasfar a d'fhéadfadh feidhmiú na bhfeidhmeanna a sholáthraítear tríd an socrú conarthach a athrú, lena n-áirítear athruithe ábharacha a dhéanann difear don socrú nó do staid an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;
- (c) laigí léirithe ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a bhaineann lena bhainistíocht rioscaí TFC fhoriomlán agus go háirithe aon easnamh sa bhealach lena n-áiríonn sé infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí, bídis ina sonraí pearsanta, nó ina sonraí íogaire ar shlí eile, nó ina sonraí neamhphearsanta;
- (d) i gcás nach féidir leis an údarás inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais a thuilleadh de thoradh coinníollacha an tsocrúithe chonarthaigh faoi seach, nó imthosca a bhaineann leis.

8. Maidir le seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, cuirfidh eintitis airgeadais straitéisí scoir i bhfeidhm. Cuirfear san áireamh leis na straitéisí scoir rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar leibhéal na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, go háirithe mainneachtain fhéideartha na soláthraithe sin, meath ar cháilíocht na seirbhísí TFC a sholáthraítear, aon bhriseadh sa ghníomhaíocht ghnó mar gheall ar sholáthar míchuí seirbhísí TFC nó ar mhainneachtain ar an soláthar seirbhísí nó aon riosca ábharach a thagann chun cinn i ndáil le húsáid chuí leanúnach na seirbhíse TFC faoi seach, nó i gcás ina ndéanfar socrúithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a fhoirceannadh faoi aon cheann de na himthosca a liostaítear i mír 7.

Áiritheoidh eintitis airgeadais go mbeidh siad in ann deireadh a chur le socrúithe conarthacha:

- (a) gan briseadh ina ngníomhaíochtaí gnó,
- (b) gan comhlíontacht le ceanglais rialála a theorannú,
- (c) gan dochar do leanúnachas agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear do chliant.

Beidh pleananna scoir cuimsitheach, doiciméadaithe agus, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2), déanfar tástáil leordhóthanach agus athbhreithniú rialta orthu.

Sainaithneoidh eintitis airgeadais réitigh mhalartacha agus forbróidh siad pleananna idirthréimhseacha lena gcuirfear ar a gcumas dóibh na seirbhísí TFC conarthacha agus na sonraí ábhartha a bhaint den soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí agus iomlán na bhfeidhmeanna a aistriú go sábháilte chuig soláthraithe malartacha nó iad a athchuimsiú ina bhfeidhmeanna inmheánacha.

Beidh bearta teagmhasacha iomchuí i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun i gcás ina dtarlóidh na himthosca ar fad dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

9. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun na teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha an chláir faisnéise dá dtagraítear i mír 3, lena n-áirítear faisnéis choiteann sna socrúithe conarthacha uile maidir le húsáid seirbhísí TFC. Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Eanáir 2024.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

10. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú breise a dhéanamh ar ábhar mionsonraithe an bheartais dá dtagraítear i mír 2 i ndáil leis na socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt acu, cuirfidh ÚMEnna san áireamh méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, agus cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Eanáir 2024.

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 29

Réamh-mheasúnú ar riosca TFC ar leibhéal eintitis

1. Agus na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 28(4), pointe (c), á sainaitheint agus á measúnú acu, cuirfidh eintitis airgeadais san áireamh freisin an mbeadh aon cheann de na nithe seo a leanas ann mar thoradh ar thabhairt i gcrích beartaithe socraithe conarthaigh maidir le seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha:

- (a) conradh á dhéanamh le soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí nach éasca a ionadú; nó
- (b) socruithe conarthacha iolracha a bheith i bhfeidhm i ndáil le soláthar seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha leis an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí céanna nó le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí a bhfuil dlúthcheangal acu le chéile.

Measfaidh eintitis airgeadais na tairbhí agus na costais a bhaineann le réitigh mhalartacha, amhail úsáid soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí difriúla, á chur san áireamh conas a thagann réitigh a bheartaítear leis na riachtanais ghnó agus na cuspóirí gnó a leagtar amach ina straitéis athléimneachta digítí.

2. I gcás ina n-áireofar sna socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an fhéidearthacht go ndéanfaidh soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí fochonrú breise ar sheirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhm chriticiúil nó thábhachtach do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí eile, measfaidh eintitis airgeadais na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le fochonraitheoireacht den sórt sin, go háirithe i gcás fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtrúú tír.

I gcás ina mbainfidh socruithe conarthacha le seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, measfaidh eintitis airgeadais go cuí na forálacha dlí maidir le dócmhainneacht arbh infheidhme iad i gcás fhéimheacht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chomh maith le haon srianta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith sonraí an eintitis airgeadais a athshlánú go práinneach.

I gcás ina ndéanfar socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a thabhairt i gcrích le soláthraí seirbhísí tríú páirtí TFC atá bunaithe i dtrúú tír, déanfaidh eintitis airgeadais, sa bhreis ar na gnéithe dá dtagraítear sa dara fhomhír, comhlíonadh rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí sa tríú tír sin a mheas freisin.

I gcás ina bhforálfar sna socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha d'fochonraitheoireacht, measúnóidh eintitis airgeadais cibé acu a fhéadfadh nó nach bhféadfadh slabhraí, a d'fhéadfadh a bheith ina slabhraí fochonraitheoireachta fada nó casta, dul i bhfeidhm ar a gcumas faireachán iomlán a dhéanamh ar na feidhmeanna conarthacha agus dul i bhfeidhm ar chumas an údarais inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais ina leith sin, agus conas a d'fhéadfadh na slabhraí sin dul i bhfeidhm amhlaidh.

Airteagal 30

Príomhfhorálacha conarthacha

1. Leithdháilfear cearta agus oibleagáidí an eintitis airgeadais agus an tsoláthraí seirbhísí tríú páirtí TFC go soiléir agus leagfar amach i scríbhinn iad. Áireofar sa chonradh iomlán na comhaontuithe ar leibhéal seirbhísí agus déanfar é a dhoiciméadú i ndoiciméad scríofa amháin a bheidh ar fáil do na páirtithe ar pháipéar nó i ndoiciméad ag a bhfuil formáid eile in-íoslódáilte marthanach inléite.
2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sna socrúithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC:
 - (a) tuairisc shoiléir iomlán ar gach feidhm agus seirbhís TFC atá le soláthar ag an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, lena dtabharfar le fios an gceadaítear nó nach gceadaítear fochonraitheoireacht ar sheirbhísí TFC lena dtacaítear feidhm chriticiúil nó tábhachtach, nó codanna ábhartha di, agus nuair is é sin an cás, na coinníollacha is infheidhme maidir le fochonrú den sórt sin;
 - (b) na suíomhanna, is é sin na réigiúin nó na tíortha, mar a bhfuil na feidhmeanna conarthacha nó fochonarthacha agus na seirbhísí TFC conarthacha nó fochonarthacha le soláthar agus mar a bhfuil sonraí le próiseáil, lena n-áirítear an suíomh stórála, agus an ceanglas go dtabharfaidh an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí fógra don eintiteas airgeadais roimh ré má bheartaíonn sé an suíomh nó na suíomhanna sin a athrú;
 - (c) Forálacha maidir le hinfhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht i ndáil le cosaint sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta;
 - (d) forálacha maidir le rochtain, athshlánú agus tabhairt ar ais sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta a phróiseálann an t-eintiteas airgeadais, a áirithiú i bhformáid is inrochtana go héasca i gcás dhócmhainneacht, réitigh nó scor oibríochtaí gnó an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, nó i gcás fhoirceannadh na socrúithe conarthacha;
 - (e) tuairiscí ar leibhéal seirbhísí, lena n-áirítear nuashonruithe agus athbhreithnithe orthu sin;
 - (f) an oibleagáid atá ar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí cúnaimh a sholáthar don eintiteas airgeadais gan aon chostas breise, nó ar chostas a chinntear ex ante, i gcás ina dtarlaíonn teagmhas TFC a bhaineann le seirbhís TFC a sholáthraítear don eintiteas airgeadais;
 - (g) an oibleagáid atá ar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí comhoibriú go hiomlán le húdaráis inniúla agus le húdaráis réitigh an eintitis airgeadais, lena n-áirítear daoine arna gceapadh acu;
 - (h) cearta foirceanta agus íostréimhse fógraí ghaolmhar chun an conradh a fhoirceannadh, i gcomhréir le hionchais na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh;
 - (i) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí i gcláir feasachta slándála TFC na n-eintiteas airgeadais agus in oiliúint ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 13(6).
3. Áireofar sna socrúithe conarthacha maidir le seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a úsáid, de bhreis ar na gnéithe dá dtagraítear i mír 2, iad seo a leanas ar a laghad:
 - (a) tuairiscí iomlána ar leibhéal seirbhíse, lena n-áirítear nuashonruithe agus athbhreithnithe orthu sin, agus spriocanna feidhmíochta beachta cainníochtúla agus cáilíochtúla laistigh de na leibhéil seirbhíse chomhaontaithe ag gabháil leo chun gur féidir leis an eintiteas airgeadais faireachán éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí TFC agus chun gur féidir gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh gan moill mhíchuí i gcás nach gcomhlíonfar leibhéil seirbhíse chomhaontaithe;
 - (b) tréimhsí fógra agus oibleagáidí tuairiscithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí don eintiteas airgeadais, lena n-áirítear fógra faoi aon fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chumas an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí na seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sholáthar go héifeachtach i gcomhréir le leibhéil seirbhíse chomhaontaithe;
 - (c) ceanglais ar an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí pleananna teagmhasacha gnó a chur chun feidhme agus a thástáil agus bearta, uirlisí agus beartais slándála TFC a bheith i bhfeidhm aige lena soláthraítear leibhéal iomchuí slándála lena bhféadfadh an t-eintiteas airgeadais seirbhísí a sholáthar i gcomhréir lena chreat rialála;
 - (d) oibleagáid an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a bheith rannpháirteach agus comhoibriú go hiomlán in TLPT an eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagail 26 agus 27;
 - (e) an ceart chun faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, a mbíonn an méid a leanas i gceist:

- (i) cearta rochtana, cigireachta agus iniúcháireachta gan srian a bheith ag an eintiteas airgeadais nó ag tríú páirtí arna cheapadh, agus ag an údarás inniúil, agus an ceart chun cóipeanna de dhoiciméadacht ábhartha a dhéanamh ar an láthair má tá siad ríthábhachtach d'oibríochtaí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, ar ceart é nach mbeidh a fheidhmiú éifeachtach faoi bhac ná faoi theorainn socruithe conarthacha eile ná faoi theorainn bheartas cur chun feidhme eile;
 - (ii) an ceart chun teacht ar chomhaontú maidir le leibhéal dearbhaithe mhalartacha má dhéantar difear do chearta cliant eile;
 - (iii) an oibleagáid ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí comhoibriú go hiomlán le linn na gcigireachtaí agus na n-iniúchtaí ar an láthair arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla, ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir, ag eintiteas airgeadais nó ag tríú páirtí ceaptha; agus
 - (iv) an oibleagáid sonraí a sholáthar maidir leis an raon feidhme, na nósanna imeachta atá le leanúint agus minicíocht na gcigireachtaí agus na n-iniúchtaí sin;
- (f) straitéisí scoir, go háirithe idirthréimhse leordhóthanach éigeantach a bhunú:
- (i) leanfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí de na feidhmeanna nó seirbhísí TFC faoi seach a sholáthar lena linn d'fhonn an riosca suaitheadh ag an eintiteas airgeadais a laghdú nó d'fhonn a réiteach agus a athstruchtúru éifeachtach a áirithiú;
 - (ii) rud lena bhfágfaidh go mbeidh an t-eintiteas airgeadais in ann aistriú chuig soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí eile nó athrú chuig réitigh inmheánacha i gcomhréir le castacht na seirbhíse arna soláthar.

Féadfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí agus an t-eintiteas ar micrifhiontar é a chomhaontú, de mhaolú ar phointe (e), go bhféadfar cearta rochtana, cigireachta agus iniúcháireachta an eintitis airgeadais a tharmligean chuig tríú páirtí neamhspleách, arna cheapadh ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, agus go bhféadfaidh an t-eintiteas airgeadais faisnéis agus dearbhú maidir le feidhmíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a iarraidh ar an tríú páirtí am ar bith.

4. Agus idirbheartaíocht á déanamh i leith socruithe conarthacha, measfaidh eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí úsáid a bhaint as cláisail chonarthacha chaighdeánacha a fhorbróidh údaráis phoiblí le haghaidh seirbhísí sonracha.

5. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú breise a dhéanamh ar na gnéithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), is gá d'eintiteas airgeadais a chinneadh agus a mheasúnú i gcás seirbhísí TFC lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheith á gcur amach ar fochonradh.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt acu, cuirfidh ÚMEnna san áireamh méid agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, cineál, scála agus castacht a sheirbhísí, a ghníomhaíochtaí agus a oibríochtaí.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Iúil 2024.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Roinn II

Creat Formhaoirseachta ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla

Airteagal 31

Soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a ainmniú

1. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i bhfianaise moladh ón bhFóram Formhaoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 32(1) an méid seo a leanas:

- (a) na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí atá criticiúil d'eintitis airgeadais a ainmniú, tar éis measúnú lena gcuirfear na critéir a shonraítear i mír 2 san áireamh;

(b) ÚME a cheapadh mar Phríomh-Fhormhaoirseoir le haghaidh gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, atá freagrach, i gcomhréir le Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 (AE), Uimh. 1094/2010 nó Uimh. 1095/2010, as na heintitis airgeadais ag a bhfuil, i dteannta a chéile, an cion is mó de shócmhainní iomlána as luach shócmhainní iomlána na n-eintiteas airgeadais uile a úsáideann seirbhísí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil ábhartha, mar a chruthaítear le suim chláir chomhardaithe aonair na n-eintiteas airgeadais sin.

2. Beidh an t-ainmniú dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), bunaithe ar na critéir uile seo a leanas maidir le seirbhísí TFC arna soláthar ag an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí:

(a) an tionchar sistéamach ar chobhsaíocht, leanúnachas nó cáilíocht an tsoláthraí seirbhísí airgeadais i gcás ina mbeadh mainneachtain oibríochtúil ar scála mór le sárú ag an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha maidir lena sheirbhísí a sholáthar, agus líon na n-eintiteas airgeadais agus luach iomlán shócmhainní na n-eintiteas airgeadais, dá soláthraíonn an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha seirbhísí, á chur san áireamh;

(b) tréithe sistéamacha nó tábhacht shistéamach na n-eintiteas airgeadais a bhraitheann ar an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha, arna measúnú i gcomhréir leis na paraiméadair seo a leanas:

(i) an líon institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) nó an líon institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIInna) a bhraitheann ar an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faoi seach;

(ii) an t-idirspéachas idir G-SIInna nó O-SIInna dá dtagraítear i bpointe (i) agus eintitis airgeadais eile lena n-áirítear cásanna ina soláthraíonn G-SIInna nó O-SIInna seirbhísí bonneagair airgeadais d'eintitis airgeadais eile;

(c) a mhéid is a bhraitheann eintitis airgeadais ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha i ndáil le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha eintiteas airgeadais a bhaineann leis an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí céanna ar deireadh, gan beann ar cibé acu a bhraitheann nó nach mbraitheann eintitis airgeadais ar na seirbhísí sin go díreach nó go hindíreach, trí shocruithe fochonraitheoireachta;

(d) a inionadaithe atá an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, agus na paraiméadair seo a leanas á gcur san áireamh:

(i) fíor-roghanna malartacha a bheith in easnamh, fiú go páirteach, mar gheall ar an líon teoranta soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí atá gníomhach i margadh sonrach, nó mar gheall ar an sciar den mhargadh atá ag an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha, nó mar gheall ar an gcastacht nó an tsofaisticiúlacht theicniúil atá i gceist, lena n-áirítear i ndáil le haon teicneolaíocht dílseánaigh, nó gnéithe sonracha eagraíocht nó ghníomhaíocht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí;

(ii) deacrachtaí i ndáil leis na sonraí ábhartha agus na hualaí oibre ábhartha a aistriú go páirteach nó go hiomlán ón tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ábhartha go soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí eile, mar gheall ar chostais airgeadais shuntasacha, méid ama suntasach nó acmhainní eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bpróiseas aistriú, nó mar gheall ar riosca méadaithe TFC nó rioscaí oibríochtúla eile dá bhféadfadh an t-eintiteas airgeadais a bheith neamhchosanta orthu trí aistriú den sórt sin.

3. I gcás inar cuid de ghrúpa an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí, breithneofar na critéir dá dtagraítear i mír 2 i dtaca leis na seirbhísí TFC a sholáthraíonn an grúpa ina iomláine.

4. Ainmneoidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla ar cuid de ghrúpa iad duine dlítheanach amháin mar phointe comhordúcháin chun ionadaíocht agus cumarsáid leordhóthanach leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir a áirithiú.

5. Tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir fógra don tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí maidir le toradh an mheasúnaithe as a eascróidh an t-ainmniú dá dtagraítear i mír 1, pointe (a). Laistigh de 6 seachtaine ó dháta an fhógra, féadfaidh an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ráiteas réasúnaithe a chur faoi bhráid an Phríomh-Fhormhaoirseora ina mbeidh aon fhaisnéis ábhartha chun críocha an mheasúnaithe. Breithneoidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an ráiteas réasúnaithe agus féadfaidh sé a iarraidh go gcuirfeadh faisnéis bhreise faoina bhráid laistigh de 30 lá féilire tar éis ráiteas den sórt sin a fháil.

Tar éis soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a ainmniú mar sholáthraí criticiúil, tabharfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, fógra don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faoin ainmniú sin agus faoin dáta tosaigh éifeachtach óna mbeidh sé faoi réir gníomhaíochtaí formhaoirseachta. Ní bheidh an dáta tosaigh sin níos déanaí ná mí amháin tar éis an fhógra. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí fógra do na heintitis airgeadais dá soláthraíonn siad seirbhísí faoina n-ainmniú mar eintitis chriticiúla.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmilgthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57 chun an Rialachán seo a fhorlónadh trí na critéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a shonrú tuilleadh, faoi cheann 17 Iúil 2024.

7. Ní úsáidfean an t-ainmniú dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ach go dtí go nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmilgthe i gcomhréir le mír 6.

8. Ní bheidh feidhm ag an ainmniú dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) eintitis airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais eile;
- (ii) soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí atá faoi réir creataí formhaoirseachta arna mbunú chun tacú leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 127(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
- (iii) soláthraithe seirbhísí TFC inghrúpa;
- (iv) soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nach soláthraíonn seirbhísí TFC ach i mBallstát amháin d'eintitis airgeadais nach bhfuil gníomhach ach sa Bhallstát sin.

9. Bunóidh, foilseoidh agus nuashonróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, liosta na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla ar leibhéal an Aontais go bliantúil.

10. Chun críocha mhír 1, pointe (a), tarchuirfidh údarás inniúla, ar bhonn bliantúil agus comhiomlánaithe, na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 28(3), an tríú fómhír, a ghabhann leis an bhFóram Formhaoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 32. Measúnóidh an Fóram Formhaoirseachta spleáchais TFC tríú páirtí na n-eintiteas airgeadais bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó na húdaráis inniúla.

11. Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nach bhfuil ar an liosta dá dtagraítear i mír 9 a iarraidh go n-ainmneofar iad mar sholáthraithe criticiúla i gcomhréir le mír 1, pointe (a).

Chun críoch na chéad fhomhíre, cuirfidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí iarratas réasúnaithe faoi bhráid ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC, a chinnfidh, tríd an gComhchoiste, cibé acu a ainmneofar nó nach n-ainmneofar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí sin mar sholáthraí criticiúil i gcomhréir le mír 1, pointe (a).

Glacfar an cinneadh dá dtagraítear sa dara fómhír agus tabharfar fógra don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí ina leith faoi cheann 6 mhí ón tráth a fhaightear an t-iarratas.

12. Ní bhainfidh eintitis airgeadais úsáid as seirbhísí soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír agus a ainmníodh mar sholáthraí criticiúil i gcomhréir le mír 1, pointe (a), ach i gcás ina mbeidh fochuideachta bunaithe san Aontas ag an soláthraí sin laistigh de 12 mhí tar éis an ainmnithe.

13. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil dá dtagraítear i mír 12 fógra don Phríomh-Fhormhaoirseoir faoi aon athruithe ar struchtúr bhainistíocht na fochuideachta atá bunaithe san Aontas.

Airteagal 32

Struchtúr an Chreata Formhaoirseachta

1. Bunóidh an Comhchoiste, i gcomhréir le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, an Fóram Formhaoirseachta mar fhochoiste chun tacú le hobair an Chomhchoiste agus an Phríomh-Fhormhaoirseora dá dtagraítear in Airteagal 31(1), pointe (b), sa réimse riosca TFC tríú páirtí ar fud earnálacha airgeadais. Ullmhóidh an Fóram Formhaoirseachta na dréacht-sheasaimh chomhpháirteacha agus na dréachtghníomhartha comhchoiteanna ón gComhchoiste sa réimse sin.

Pléifidh an Fóram Formhaoirseachta forbairtí ábhartha maidir le riosca agus leochaileachtaí TFC go rialta, agus cuirfidh sé cur chuige comhsheasmhach chun cinn maidir le faireachán a dhéanamh ar rioscaí TFC tríú páirtí ar leibhéal an Aontais.

2. Tabharfaidh an Fóram Formhaoirseachta faoi mheasúnú comhchoiteann ar bhonn bliantúil ar thorthaí na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a rinneadh le haghaidh gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, agus cuirfidh sé bearta comhordaithe chun cinn chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil na n-eintiteas airgeadais a mhéadú, deachleachtais a chothú maidir le dul i ngleic le riosca TFC maidir le comhchruinniú agus féachaint ar mhaolaitheoirí le haghaidh aistrithe riosca trasearnála.

3. Cuirfidh an Fóram Formhaoirseachta tagarmharcanna cuimsitheacha le haghaidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla faoi bhráid an Chomhchoiste le glacadh mar chomhsheasaimh de chuid ÚMEnna i gcomhréir le hAirteagal 56(1) de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Beidh an Fóram Formhaoirseachta comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

(a) Cathaoirligh ÚMEnna;

(b) ionadaí ardleibhéil amháin ó fhoireann reatha an údaráis inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 46 ó gach Ballstát;

(c) i gcáil breathnóirí, Stiúrthóirí Feidhmiúcháin gach ÚME agus ionadaí amháin ón gCoimisiún, ó BERS, ó BCE agus ó ENISA;

(d) i gcás inarb iomchuí, ionadaí breise amháin ó údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 46 ó gach Ballstát i gcáil breathnóra;

(e) i gcás inarb infheidhme, ionadaí amháin ó na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eintiteas bunriachtanach nó tábhachtach faoi réir na Treorach sin, a ainmníodh mar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, mar bhreathnóir.

Féadfaidh an Fóram Formhaoirseachta, i gcás inarb iomchuí, comhairle a lorg ó shaineolaithe neamhspleácha arna gceapadh i gcomhréir le mír 6.

5. Ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás inniúil ábhartha a mbeidh a bhall foirne ina ionadaí ardleibhéil dá dtagraítear i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b), agus cuirfidh sé an Príomh-Fhormhaoirseoir ar an eolas faoi sin.

Foilseoidh ÚMEnna ar a suíomh gréasáin liosta na n-ionadaithe ardleibhéil ó fhoireann reatha an údaráis inniúil ábhartha arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

6. Is é an Fóram Formhaoirseachta a cheapfaidh na saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear i mír 4, an dara fhomhír, as díorma saineolaithe a roghnófar tar éis próiseas iarratais poiblí agus trédhearcach.

Ceapfar na saineolaithe neamhspleácha ar bhonn a saineolais maidir le cobhsaíocht airgeadais, athléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus cúrsaí slándála TFC. Gníomhóidh siad go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leas an Aontais ina iomláine agus chun na críche sin amháin agus ní lorgóidh siad ná ní ghlacfaidh siad teoracha ó institiúidí ná ó chomhlachtaí an Aontais, ó aon rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile.

7. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, eiseoidh ÚMEnna, faoin 17 Iúil 2024, chun críocha na Roinne seo, treoirlínte maidir leis an gcomhar idir ÚMEnna agus na húdaráis inniúla lena gcumhdaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha mionsonraithe le haghaidh cúraimí leithdháileadh agus a fhorghníomhú idir údaráis inniúla agus ÚMEnna agus na mionsonraí maidir leis na malartuithe faisnéise atá riachtanach do na húdaráis inniúla chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar mholtaí de bhun Airteagal 35(1), pointe (d), arna ndríú ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla.

8. Beidh na ceanglais a leagtar amach sa Roinn seo gan dochar d'fheidhmiú Threoir (AE) 2022/2555 agus d'fheidhmiú rialacha eile an Aontais maidir le formhaoirseacht is infheidhme maidir le soláthraithe néalseirbhísí.

9. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus bunaithe ar obair ullmhúcháin arna déanamh ag an bhFóram Formhaoirseachta, tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Roinne seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn bliantúil.

Airteagal 33

Cúraimí an Phríomh-Fhormhaoirseora

1. Déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, arna cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (b), formhaoirseacht ar na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla arna sannadh agus is é a bheidh, chun críocha gach ábhair a bhaineann leis an bhformhaoirseacht, ina phríomhphointe teagmhála do na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla sin.

2. Chun críocha mhír 1, measúnóidh an Príomh-Fhormhaoirseoir cé acu atá nó nach bhfuil rialacha, nósanna imeachta, sásraí agus socruithe fóna éifeachtacha i bhfeidhm ag gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil chun an riosca TFC a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena sheirbhís d'eintitis airgeadais a bhainistiú.

Beidh an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír dírithe go príomha ar sheirbhísí TFC arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha eintiteas airgeadais. I gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ábhartha uile, cuimseoidh an measúnú sin feidhmeanna tacaíochta seirbhísí TFC nach feidhmeanna criticiúla ná tábhachtacha iad.

3. Cumhdófar an méid seo a leanas sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 2:

- (a) ceanglais TFC chun a áirithiú, go háirithe, slándáil, infhaighteacht, leanúnachas, inscálaitheacht agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil d'eintitis airgeadais, chomh maith leis an gcumas ardchaighdeán infhaighteachta, barántúlachta, sláine nó rúndachta sonraí a choinneáil ar bun i gcónaí;
- (b) an tslándáil fhisiciúil lena gcuidítear leis an tslándáil TFC a áirithiú, lena n-áirítear slándáil áitreabh, saoráidí, lárionad sonraí;
- (c) na próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear beartais bhainistíochta riosca TFC, pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC;
- (d) na socruithe rialachais, lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil lena mbaineann línte soiléire, trédhearcacha agus comhsheasmhacha freagrachta agus rialacha soiléire, trédhearcacha agus comhsheasmhacha cuntasachta lena gcumasaítear bainistíocht éifeachtach rioscaí TFC;
- (e) teagmhais ábhartha a bhaineann le TFC a shainaithe, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú d'eintitis airgeadais go pras, na teagmhais sin a bhainistiú agus a réiteach, go háirithe cibirionsaithe;
- (f) na sásraí maidir le hiniomparthacht sonraí, iniomparthacht feidhmchláir agus idir-inoibritheacht, lena n-áirithítear feidhmiú éifeachtach na gceart foirceannta a dhéanann eintitis airgeadais;
- (g) córais, bonneagar agus rialuithe TFC a thástáil;
- (h) na hiniúchtaí TFC;
- (i) úsáid caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha is infheidhme maidir le soláthar a sheirbhísí TFC do na heintitis airgeadais.

4. Bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear i mír 2, agus i gcomhar leis an Líonra Formhaoirseachta Comhpháirtí (JON) dá dtagraítear in Airteagal 34(1), glacfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir plean formhaoirseachta aonair atá soiléir, mionsonraithe agus réasúnaithe ina mbeidh tuairisc ar na cuspóirí bliantúla formhaoirseachta agus ar na príomhghníomhaíochtaí formhaoirseachta atá beartaithe do gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil. Cuirfear an plean sin in iúl don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil go bliantúil.

Sula nglacfar an plean formhaoirseachta, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an dréachtphlean formhaoirseachta in iúl don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

Ar an dréachtphlean formhaoirseachta a fháil, féadfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ráiteas réasúnaithe a chur isteach laistigh de 15 lá féilire ina léirítear an tionchar ionchasach ar chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus, i gcás inarb iomchuí, ina gceaptar réitigh chun rioscaí a mhaolú.

5. Nuair a ghlacfar na pleananna bliantúla formhaoirseachta dá dtagraítear i mír 4 agus nuair a chuirfear iad in iúl do na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, ní fhéadfaidh údarais inniúla bearta a dhéanamh a bhaineann leis na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla den sórt sin ach amháin i gcomhaontú leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir.

*Airteagal 34***Comhordú oibríochtúil idir Príomh-Fhormhaoirseoirí**

1. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí formhaoirseachta agus d'fhonn straitéisí maoirseachta ginearálta comhordaithe agus cur chuige comhtháite oibríochtúil agus modheolaíochtaí oibre comhtháite a chumasú, bunóidh an triúr Príomh-Fhormhaoirseoirí arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (b), JON chun comhordú a dhéanamh eatarthu féin sna céimeanna ullmhúcháin agus chun comhordú i stiúradh na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta ar a soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla formhaoirseachta faoi seach, agus ar aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil de bhun Airteagal 42.
2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí prótacal maoirseachta comhchoiteann a tharraingt suas ina sonrú na nósanna imeachta mionsonraithe atá le leanúint chun an comhordú laethúil a dhéanamh agus chun malartuithe agus freagairtí tapa a áirithiú. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bprótacal chun riachtanais oibríochtúla a léiriú, go háirithe forbairt na socruithe praiticiúla maoirseachta.
3. Féadfaidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí, ar bhonn ad hoc, a iarraidh ar BCE agus ar ENISA comhairle theicniúil a sholáthar, taithí phraiticiúla a chomhroinnt nó páirt a ghlacadh i gcruinnithe sonracha comhordúcháin de chuid JON.

*Airteagal 35***Cumhachtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora**

1. Chun críocha na ndualgas a leagtar síos sa Roinn seo a chomhlíonadh, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir i ndáil le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla:
 - (a) gach faisnéis ábhartha agus doiciméadacht ábhartha a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 37;
 - (b) imscrúduithe agus cigireachtaí ginearálta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 38 agus 39, faoi seach;
 - (c) tuarascálacha a iarraidh tar éis do na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a bheith tugtha chun críche lena sonraítear na bearta a rinneadh nó na bearta ceartaitheacha a chuir na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla chun feidhme i ndáil leis na moltaí dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo;
 - (d) moltaí a eisiúint maidir leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 33(3), go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) úsáid a bhaint as ceanglais shonracha slándála agus cháilíochta TFC nó as próisis shonracha slándála agus cháilíochta TFC, go háirithe i ndáil le cur chun feidhme céimneach paistí, nuashonruithe, criptiúcháin agus beart slándála eile a mheasann an Príomh-Fhormhaoirseoir a bheith ábhartha chun slándáil TFC seirbhísí a sholáthraítear d'eintitis airgeadais a áirithiú;
 - (ii) úsáid a bhaint as coinníollacha agus téarmaí, lena n-áirítear cur chun feidhme a ngnéithe teicniúla, faoina soláthraíonn na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla seirbhísí TFC d'eintitis airgeadais, a mheasann an Príomh-Fhormhaoirseoir a bheith ábhartha chun giniúint pointí aonair mainneachtana, nó aimpliúchán na bpointí mainneachtana sin, a chosc, nó chun tionchar sistéamach féideartha, ar fud earnáil airgeadais an Aontais i gcás riosca TFC maidir le comhchruinniú, a íoslaghdú;
 - (iii) aon fochonraitheoireacht phleanáilte, i gcás ina measfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir go bhféadfadh fochonraitheoireacht bhreise, lena n-áirítear socruithe fochonraitheoireachta a bhfuil sé beartaithe ag na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla tabhairt fúthu le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí nó fochonraitheoirí TFC atá bunaithe i dtríú tír, go bhféadfadh sé rioscaí a spreagadh don eintiteas airgeadais agus seirbhísí á soláthar aige, nó rioscaí don chobhsaíocht airgeadais, bunaithe ar an scrúdú ar an bhfaisnéis arna bailiú i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 38;
 - (iv) staonadh ó shocrú fochonraitheoireachta breise a dhéanamh, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:
 - gur soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí é an fochonraitheoir beartaithe nó fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtríú tír;
 - go mbaineann an fochonraitheoireacht le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha de chuid an eintitis airgeadais; agus

- go measann an Príomh-Fhormhaoirseoir go gcruthaíonn úsáid fochonraitheoireachta den sórt sin riosca soiléir tromchúiseach do chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó d'eintitis airgeadais, lena n-áirítear cumas eintiteas airgeadais ceanglais mhaoirseachta a chomhlíonadh.

Chun críche pointe (iv) den pointe seo, déanfaidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, agus úsáid á baint acu as an teimpléad dá dtagraítear in Airteagal 41(1), pointe (b), an fhaisnéis maidir le fochonraitheoireacht a tharchur chuig an bPríomh-Fhormhaoirseoir.

2. Agus na cumhachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo á bhfeidhmiú aige, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:

- (a) comhordú rialta a áirithiú laistigh de JON, agus go háirithe lorgóidh sé cineálacha cur chuige comhsheasmhacha, de réir mar is iomchuí, maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla;
- (b) aird chúí a thabhairt ar an gcreat a bhunaítear le Treoir (AE) 2022/2555 agus, i gcás inar gá, rachaidh siad i gcomhairle leis na húdaráis inniúla ábhartha arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir leis an Treoir sin, chun dúbailt ar bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a d'fhéadfadh feidhm a bheith acu maidir le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla de bhun na Treorach sin a sheachaint;
- (c) féachaint le híoslachdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an riosca go gcuirfí isteach ar sheirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla do chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

3. Rachaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir i gcomhairle leis an bhFóram Formhaoirseachta sula bhfeidhmeofar na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1.

Sula n-eisítear moltaí i gcomhréir le mír 1, pointe (d), tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an deis don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí faisnéis ábhartha a sholáthar, laistigh de 30 lá féilire, ina léirítear an tionchar ionchasach ar chustaiméirí ar eintitis iad nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus, i gcás inarb iomchuí, ina gceaptar réitigh chun rioscaí a mhaolú.

4. Cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir JON ar an eolas faoi thoradh fheidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b). Déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, gan moill mhíchúí, na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), a tharchur chuig JON agus chuig údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a úsáideann seirbhísí TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil sin.

5. Comhoibreoidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla de mheon macánta leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir agus tabharfaidh siad cúnaimh dó chun a chúraimí a chomhlíonadh.

6. Féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, i gcás neamhchomhlíonadh iomlán nó páirteach na mbearta a cheanglaítear a dhéanamh de bhun fheidhmiú na gcumhachtaí faoi mhír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus tar éis 30 lá féilire ar a laghad a bheith caite ón dáta a fuair an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil fógra faoi na bearta faoi seach, glacfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir cinneadh lena bhforchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil chun iallach a chur ar an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil na bearta sin a chomhlíonadh.

7. An íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear i mír 6, is ar bhonn laethúil a dhéanfar í a forchur go dtí go mbainfear comhlíontacht amach agus ar feadh tréimhse nach mó ná 6 mhí tar éis don fhógra maidir leis an gcinneadh lena bhforchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith tugtha don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

8. Méid na híocaíochta pionósáí thréimhsiúla, arna ríomh ón dáta arna sonrú sa chinneadh lena bhforchuirfear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil, beidh sé comhionann le suas le 1 % de mheánláimhdeachas laethúil domhanda an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil sa bhliain ghnó roimhe. Agus méid na híocaíochta pionósáí á chinneadh, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir na critéir seo a leanas san áireamh maidir le neamhchomhlíonadh na mbearta dá dtagraítear i mír 6:

- (a) tromchúis agus fad an neamhchomhlíonta;
- (b) cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an neamhchomhlíonadh d'aon ghnó nó le faillí;
- (c) leibhéal an chomhair a dhéanann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir.

Chun críocha na chéad fhomhíre, chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú, rachaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir i mbun comhairliúcháin laistigh de JON.

9. Is de chineál an riaracháin na híocaíochtaí pionósacha agus beidh siad in-fhorfheidhmithe. Déanfar forfheidhmiúchán a rialú leis na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ar ina chríoch féin a dhéanfar cigireachtaí agus rochtain. Beidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit lena mbaineann i dtaca le gearáin a bhaineann le forfheidhmiú a bheith á chur i gcrích ar dhóigh neamhrialta. Déanfar méideanna na n-íocaíochtaí pionósacha a leithdháileadh chuig buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

10. Déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir gach íocaíocht phionósach thréimhsiúil a forfheidhmeofar a nochtadh don phobal, mura rud é go ndéanfaidh an nochtadh sin dochar mór do na margáí airgeadais nó go mbeadh sé ina chúis le damáiste díreireach do na páirtithe lena mbaineann.

11. Sula bhforchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil faoi mhír 6, tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir deis d'ionadaithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil atá faoi réir na n-imeachtaí go n-éistfear leo maidir leis na torthaí agus bunóidh sé a chinntí ar thorthaí a raibh deis ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil atá faoi réir na n-imeachtaí a bharúil a thabhairt ina dtaobh agus ar na torthaí sin amháin.

Déanfar cearta cosanta na ndaoine atá faoi réir na n-imeachtaí a urramú go hiomlán le linn na n-imeachtaí. Beidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil atá faoi réir na n-imeachtaí i dteideal rochtain a bheith aige ar an gcomhad, ach sin faoi réir an leasa dhlisteanáigh atá ag daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Leis an gceart rochtana ar an gcomhad, ní chuirfeofar faisnéis rúnda eile ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha an Phríomh-Fhormhaoirseora.

Airteagail 36

Feidhmiú chumhachtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora laistigh den Aontas

1. I gcás nach féidir cuspóirí formhaoirseachta a bhaint amach trí idirghníomhú leis an bhfochuideachta a bunaíodh chun críoch Airteagal 31(12), nó trí ghníomhaíochtaí formhaoirseachta a fheidhmiú ar áitreabh atá lonnaithe san Aontas, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir na cumhachtaí dá dtagraítear sna forálacha seo a leanas a fheidhmiú ar aon áitreabh atá suite i dtríú tír atá faoi úinéireacht, nó atá in úsáid ar bhealach ar bith, chun críocha seirbhísí a sholáthar d'eintitis airgeadais de chuid an Aontais, ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil, i dtaca lena oibríochtaí gnó, lena fheidhmeanna nó lena sheirbhísí, lena n-áirítear aon oifigí, áitribh, tailte nó foirgnimh riaracháin, gnó nó oibríochtúla nó aon mhaoin eile:

(a) in Airteagal 35(1), pointe (a); agus

(b) in Airteagal 35(1), pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 38(2), pointí (a), (b) agus (d), agus in Airteagal 39(1) agus (2), pointe (a).

Féadfar na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fheidhmiú faoi réir na gcoinníollacha uile seo a leanas:

(i) measann an Príomh-Fhormhaoirseoir gur gá cigireacht a dhéanamh i dtríú tír ionas go mbeidh sé in ann a dhualgais a chomhlíonadh go hiomlán agus go héifeachtach faoin Rialachán seo;

(ii) baineann an chigireacht i dtríú tír go díreach le seirbhísí TFC a sholáthar d'eintitis airgeadais san Aontas;

(iii) go dtoilíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil lena mbaineann le cigireacht a dhéanamh i dtríú tír; agus

(iv) gur thug an Príomh-Fhormhaoirseoir fógra oifigiúil d'údarás ábhartha an tríú tír lena mbaineann agus nach ndearna sé aon agóid ina choinne.

2. Gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát faoi seach, chun críocha mhír 1, déanfaidh ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC socruithe comhair riaracháin a thabhairt i gcrích le húdarás ábhartha an tríú tír chun gur féidir leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir agus lena fhoireann ainmnithe dá misean sa tríú tír lena mbaineann cigireachtaí a dhéanamh go rianúil sa tríú tír sin. Ní chruthófar leis na socruithe comhair sin oibleagáidí dlíthiúla i dtaca leis an Aontas agus lena Bhallstáit, ná ní chuirfear cosc leo ar Bhallstáit agus a gcuid údarás inniúil ó shocruithe déthaobhacha nó ó shocruithe iltaobhacha a thabhairt i gcrích leis na tríú tíortha agus lena n-údarás ábhartha.

Sonrófar na gnéithe seo a leanas ar a laghad sna socruithe comhair sin:

- (a) na nósanna imeachta maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéantar faoin Rialachán seo agus aon fhaireachán analógach ar riosca TFC tríú páirtí san earnáil airgeadais a fheidhmíonn údarás ábhartha an tríú tír lena mbaineann, lena n-áirítear sonraí maidir le comhaontú an tríú tír sin a tharchur ionas go bhféadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir agus a fhoireann ainmnithe imscrúduithe ginearálta agus cigireachtaí ar an láthair dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a dhéanamh ar an gcríoch faoina dhlínse;
- (b) an sásra chun aon fhaisnéis ábhartha a tharchur idir ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC agus údarás ábhartha an tríú tír lena mbaineann, go háirithe maidir le faisnéis a d'fhéadfadh an Príomh-Fhormhaoirseoir a iarraidh de bhun Airteagal 37;
- (c) na sásraí chun go dtabharfaidh údarás ábhartha an tríú tír lena mbaineann fógra pras do ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC maidir le cásanna ina meastar gur sháraigh soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír agus atá ainmnithe mar sholáthraí criticiúil i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (a), na ceanglais a bhfuil sé d'oibleagáid air cloí de bhun an dlí is infheidhme sa tríú tír lena mbaineann agus seirbhísí á soláthar d'institiúidí airgeadais sa tríú tír sin, chomh maith leis na leigheasanna agus na pionóis a cuireadh i bhfeidhm;
- (d) tarchur rialta na nuashonruithe ar fhorbairtí rialála nó maoirseachta maidir le faireachán a dhéanamh ar riosca TFC tríú páirtí na n-institiúidí airgeadais sa tríú tír lena mbaineann;
- (e) na sonraí lena gceadófar, más gá, d'ionadaí amháin ón údarás ábhartha tríú tír a bheith rannpháirteach sna cigireachtaí arna ndéanamh ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir agus ag an bhfoireann ainmnithe.

3. I gcás nach mbeidh an Príomh-Fhormhaoirseoir in ann gníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéanamh, lasmuigh den Aontas, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:

- (a) a chumhachtaí a fheidhmiú faoi Airteagal 35 ar bhonn na bhfíoras agus na ndoiciméad uile atá ar fáil dó;
- (b) aon iarmhairt arna heascairt as a neamhábaltacht na gníomhaíochtaí formhaoirseachta atá beartaithe dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh a dhoiciméadú agus a mhíniú.

Cuirfear na hiarmhairtí féideartha dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo san áireamh sna moltaí ón bPríomh-Fhormhaoirseoir arna n-eisiúint de bhun Airteagal 35(1), pointe (d).

Airteagal 37

Iarraidh ar fhaisnéis

1. Féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, trí iarraidh shimplí nó cinneadh, a cheangal ar na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Phríomh-Fhormhaoirseoir chun a dhualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear gach doiciméad ábhartha gnó nó oibríochta, gach Conradh ábhartha, gach doiciméadacht ábhartha bheartas, gach tuarascáil iniúchóireachta slándála TFC ábhartha, gach tuarascáil teagmhais ábhartha a bhaineann le TFC, chomh maith le haon fhaisnéis a bhaineann le páirtithe dá bhfuil feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochta seachfhoinisithe ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil dóibh.

2. I gcás iarraidh shimplí ar fhaisnéis á seoladh faoi mhír 1, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:

- (a) déanfaidh sé tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí i gcomhair na hiarrata;
- (b) luafaidh sé cuspóir na hiarrata;
- (c) sonróidh sé an fhaisnéis a éilítear;
- (d) socróidh sé teorainn ama nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh de;

- (e) cuirfidh sé ionadaí an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil a n-iarrtar an fhaisnéis air ar an eolas nach mbeidh sé d'obleagáid air an fhaisnéis a chur ar fáil, ach i gcás ina dtabharfadh sé freagra ar an iarraidh sin ar bhonn deonach, nár cheart go mbeadh an fhaisnéis sin a chuirfidh sé ar fáil mícheart ná míthreorach.
3. I gcás ina mbeidh sé ag cur de cheangal faisnéis a sholáthar faoi mhír 1 trí bhíthin cinnidh, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:
- (a) déanfaidh sé tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí i gcomhair na hiarrata;
- (b) luafaidh sé cuspóir na hiarrata;
- (c) sonróidh sé an fhaisnéis a éilítear;
- (d) socróidh sé teorainn ama nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh de;
- (e) sonróidh sé na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 35(6) i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a éilíodh neamhiomlán nó i gcás nach gcuirfean an fhaisnéis ar fáil laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo;
- (f) sonróidh sé an ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig Bord Achomhairc ÚME agus chun an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 60 agus 61 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, a léiríú.
4. Soláthróidh ionadaithe soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla an fhaisnéis a iarradh. Dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú, féadfaidh siad an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
5. Tarchuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, gan mhoill, cóip den chinneadh chun faisnéis a sholáthar chuig údarais inniúla na n-eintiteas airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla ábhartha agus chuig JON.

Airteagal 38

Imscrúduithe ginearálta

1. Chun a dhualgais a chur i gcrích faoin Rialachán seo, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, le cúnaimh ón bhfoireann scrúdúcháin chomhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 40(1), na himscrúduithe ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a dhéanamh, i gcás inar gá.
2. Beidh sé de chumhacht ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) scrúdú a dhéanamh ar thaifid, sonraí, nósanna imeachta agus ar aon ábhar eile atá ábhartha i ndáil le forghníomhú a chúraimí, gan beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte;
- (b) cóipeanna deimhnithe a dhéanamh nó cóipeanna deimhnithe a fháil de na taifid sin, de na sonraí sin, de na nósanna imeachta doiciméadaithe sin agus d'aon ábhar eile, nó sleachta astu a thógáil nó a fháil;
- (c) toghairm a chur ar ionadaithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil agus a iarraidh orthu mínithe ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar fhíorais nó doiciméid a bhaineann le hábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, agus na freagraí a thaifeadadh;
- (d) agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar imscrúdaithe;
- (e) taifid a iarraidh de thrácht teileafóin agus sonraí.
3. Déanfaidh na hoifigigh agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir chun críocha an imscrúdaithe dá dtagraítear i mír 1 a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a sholáthar ina sonraítear ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe.

Sonróidh an t-údarú sin freisin na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 35(6) i gcás nach soláthrófar na taifid, na sonraí, na nósanna imeachta doiciméadaithe, ná aon ábhar eile a éilítear, ná freagraí ar cheisteanna a cuireadh ar ionadaithe an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí nó i gcás ina mbeidh na nithe sin neamhiomlán.

4. Ceanglaítear ar ionadaithe na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla iad féin a chur faoi réir na n-imscrúduithe ar bhonn cinnidh ón bPríomh-Fhormhaoirseoir. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 35(6), na réitigh dhlí atá ar fáil faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, agus an ceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

5. In am trátha roimh thús an imscrúdaithe, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí TFC an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil sin ar an eolas faoin imscrúdú atá beartaithe agus faoi chéannacht na ndaoine údaraithe.

Cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an fhaisnéis uile arna tarchur de bhun na chéad fhomhíre in iúl do JON.

Airteagal 39

Cigireachtaí

1. Chun a dhualgais a chur i gcrích faoin Rialachán seo, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, le cúnaimh ó na foirne scrúdúcháin comhphárteacha dá dtagraítear in Airteagal 40(1), dul isteach sa láithreán agus gach cigireacht is gá ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh, ar aon talamh agus ar aon mhaoín de chuid na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, amhail príomhoifigí, lárionaid oibríochta, áitribh thánaisteacha, agus chun cigireachtaí lasmuigh den láthair a dhéanamh freisin.

Chun na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fheidhmiú, rachaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir i gcomhairle le JON.

2. Beidh sé de chumhacht ag na hoifigigh agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir cigireacht ar an láthair a dhéanamh:

(a) dul isteach in aon áitreabh gnó, talamh nó maoin den sórt sin; agus

(b) aon áitreabh gnó den sórt sin agus aon leabhair nó taifid den sórt sin a shéalú ar feadh thréimhse an iniúchta agus a mhéid is gá chun críoch an iniúchta.

Déanfaidh na hoifigigh agus daoine eile a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a chur ar fáil ina sonraítear ábhar agus cuspóir na cigireachta agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 35(6) i gcás nach rachaidh ionadaithe na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla lena mbaineann faoin gcigireacht.

3. In am trátha roimh thús na cigireachta, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir na húdaráis inniúla ar an eolas faoi na heintitis airgeadais a bhaineann úsáid as an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí sin.

4. Cumhdófar le cigireachtaí raon iomlán na gcóras, na ngréasán, na ngaireas, na faisnéise agus na sonraí ábhartha TFC a úsáidtear chun seirbhísí TFC a sholáthar d'eintitis airgeadais, nó a chuidítear leis sin.

5. Sula ndéanfar aon chigireacht ar an láthair a bheartaítear, tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir fógra réasúnach do na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, ach amháin sa chás nach mbeidh fógra den sórt sin indéanta mar gheall ar éigeandáil nó géarchéim, nó i gcás nach mbeadh an chigireacht nó an t-iniúchadh éifeachtach a thuilleadh dá thoradh.

6. Rachaidh an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil faoi chigireachtaí ar an láthair arna n-ordú le cinneadh an Phríomh-Fhormhaoirseora. Sa chinneadh, sonrófar ábhar agus cuspóir na cigireachta, an dáta a thosóidh sé agus cuirfear in iúl ann na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 35(6), na réitigh dhlí atá ar fáil faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

7. I gcás ina gcinneadh na hoifigigh agus daoine eile a údaraíonn an Príomh-Fhormhaoirseoir go gcuireann soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil i gcoinne cigireachta a ordáitear de bhun Airteagail seo, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar an eolas faoi iarmhairtí birt den sórt sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais ábhartha a cheangal ar eintitis airgeadais na socruithe conarthacha a tugadh i gcrích leis an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil sin a fhoirceannadh.

*Airteagal 40***Formhaoirseacht leanúnach**

1. Agus gníomhaíochtaí formhaoirseachta, go háirithe imscrúduithe ginearálta nó cigireachtaí, á ndéanamh ag an Príomh-Fhormhaoirseoir, tabharfaidh foireann scrúdúcháin chomhpháirteach cúnaimh dó, foireann arna bunú le haghaidh gach soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil.
2. Beidh an fhoireann scrúdúcháin chomhpháirteach dá dtagraítear i mír 1 comhdhéanta de bhaill foirne ó:
 - (a) ÚMEnna;
 - (b) na húdaráis inniúla ábhartha a dhéanann maoirseacht ar na heintitis airgeadais dá soláthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil seirbhísí TFC;
 - (c) an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointe (e), ar bhonn deonach;
 - (d) údarás inniúil náisiúnta amháin ón mBallstát ina bhfuil an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil bunaithe, ar bhonn deonach.

Beidh saineolas ag baill den fhoireann scrúdúcháin chomhpháirteach ar ábhair TFC agus ar rioscaí oibríochtúla. Oibreoidh an fhoireann scrúdúcháin chomhpháirteach faoi chomhordú baill foirne ainmnithe de chuid an Phríomh-Fhormhaoirseora ('comhordaitheoir an Phríomh-Fhormhaoirseora').

3. Laistigh de 3 mhí tar éis imscrúdú nó cigireacht a dhéanamh, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, tar éis dul i gcomhairle leis an bhFóram Formhaoirseachta, moltaí a ghlacadh a dhíreofar chuig an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil de bhun na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 35.
4. Na moltaí dá dtagraítear i mír 3, cuirfear in iúl láithreach don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil iad agus d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais dá soláthraíonn sé seirbhísí TFC.

Chun críocha na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a chomhlíonadh, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir breithniú a dhéanamh ar aon deimhnithe tríú páirtí ábhartha agus aon tuarascálacha iniúchóireachta TFC tríú páirtí seachtracha nó inmheánacha a chuireann an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil ar fáil.

*Airteagal 41***Na coinníollacha lena gcumasaítear stiúradh na ngníomhaíochtaí formhaoirseachta a chomhchuíbhíú**

1. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú:
 - (a) an fhaisnéis atá le soláthar ag soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí agus iarratas á dhéanamh ar iarraidh dheonach a bheith ainmnithe mar chriticiúil faoi Airteagal 31(11);
 - (b) ábhar, struchtúr agus formaid na faisnéise atá le cur isteach, le nochtadh nó le tuairisciú ag na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí de bhun Airteagal 35(1), lena n-áirítear an teimpléad chun faisnéis maidir le socrúithe fochonraitheoireachta a chur ar fáil;
 - (c) na critéir chun comhdhéanamh na foirne scrúdúcháin chomhpháirteach a chinneadh lena n-áiríteofar rannpháirtíocht chothrom bhaill foirne na ÚMEnna agus na n-údarás inniúil ábhartha, a n-ainmniú, a gcúraimí agus a socrúithe oibre.
 - (d) mionsonraí mheasúnú na n-údarás inniúil ar na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla bunaithe ar mholtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora de bhun Airteagal 42(3).
2. Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeán theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 17 Iúil 2024.

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeán theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 42

Bearta leantacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla

1. Laistigh de 60 lá féilire ó na moltaí a d'eisigh an Príomh-Fhormhaoirseoir de bhun Airteagal 35(1), pointe (d), a fháil, cuirfidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla fógra chuig an bPríomh-Fhormhaoirseoir go bhfuil sé ar intinn acu na moltaí a leanúint nó tabharfaidh siad míniú réasúnaithe ar an gcás nach ndéanfaidh siad na moltaí sin a leanúint. Tarchuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an fhaisnéis sin chuig údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais lena mbaineann láithreach.

2. Nochtfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir go poiblí cás ina mainníonn soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil fógra a thabhairt don Phríomh-Fhormhaoirseoir i gcomhréir le mír 1 nó i gcás ina meastar nach leor an míniú arna sholáthar ag an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil. Nochtfar san fhaisnéis a fhoilseofar céannacht an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil chomh maith le faisnéis maidir le saghas agus cineál an neamhchomhlíonta. Beidh faisnéis den sórt sin teoranta don mhéid atá ábhartha agus comhréireach chun feacht an phobail a áirithiú, mura rud é go ndéanfaidh foilsíú den sórt sin dochar díréireach do na páirtithe lena mbaineann nó go bhféadfadh an foilsíú sin feidhmiú ordúil agus sláine na margaí airgeadais nó cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, nó cuid de, a chur i mbaol go mór.

Tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir fógra don soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí maidir leis an nochtadh poiblí sin.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla na heintitis airgeadais ábhartha ar an eolas faoi na rioscaí a shaináithnítear sna moltaí atá dírithe ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla i gcomhréir le hAirteagal 35(1), pointe (d).

Agus riosca TFC tríú páirtí á bhainistiú acu, cuirfidh eintitis airgeadais na rioscaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír san áireamh.

4. I gcás ina measfaidh údarás inniúil nach gcuireann eintiteas airgeadais na rioscaí sonracha arna sainaithint sna moltaí san áireamh nó nach dtugann sé aghaidh go leordhóthanach orthu laistigh dá bhainistíocht ar riosca TFC tríú páirtí, tabharfaidh sé fógra don eintiteas airgeadais go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh, laistigh de 60 lá féilire tar éis fógra den sórt sin a fháil, de bhun mhír 6, in éagmais socruithe conarthacha iomchuí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar rioscaí den sórt sin.

5. Tar éis na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (c), a fháil, agus sula ndéanfar cinneadh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla, ar bhonn deonach, dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eintiteas bunriachtanach nó tábhachtach faoi réir na Treorach sin, a ainmníodh mar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil.

6. Féadfaidh na húdaráis inniúla, mar bheart na dála deiridh, tar éis an fhógra agus, más iomchuí, an chomhairliúcháin mar a leagtar amach i míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 50, cinneadh a dhéanamh lena gceanglófar ar eintitis airgeadais úsáid nó soláthar seirbhíse a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil a chur ar fionraí go sealadach, go páirteach nó go hiomlán, go dtí go dtabharfar aghaidh ar na rioscaí a shaináithnítear sna moltaí a dhírítear chuig na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla. I gcás inar gá, féadfaidh siad a cheangal ar eintitis airgeadais na socruithe conarthacha ábhartha a cuireadh i gcrích leis na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a fhoirceannadh ina bpáirt nó ina n-iomláine.

7. I gcás ina ndiúltoídh soláthraí TFC tríú páirtí criticiúil moltaí a fhormhuiniú, bunaithe ar chur chuige éagsúil ón gcur chuige a mhol an Príomh-Fhormhaoirseoir, agus go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag an gcur chuige éagsúil sin ar líon mór eintiteas airgeadais, nó ar chuid shuntasach den earnáil airgeadais, agus nach bhfuil cur chuige comhsheasmhach mar thoradh ar rabhaidh aonair arna n-eisiúint ag údaráis inniúla, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, tar éis dul i gcomhairle leis an bhFóram Formhaoirseachta, tuairimí neamhcheangailteacha agus neamhphoiblí a eisiúint d'údaráis inniúla, chun bearta leantacha maoirseachta atá comhsheasmhach agus cóineasaithe a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí.

8. Tar éis na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointe (c), a fháil, déanfaidh údaráis inniúla, agus cinneadh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo á ghlacadh acu, cineál agus méid an riosca nach ndíríonn an soláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúil air a chur san áireamh mar aon le tromchúis an neamhchomhlíonta, ag féachaint do na critéir seo a leanas:

- (a) tromchúis agus fad an neamhchomhlíonta;
- (b) cé acu ar nochtadh nó nár nochtadh laigí tromchúiseacha i nósanna imeachta, córais bhainistithe, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha an tsoláthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil leis an neamhchomhlíonadh;
- (c) cé acu ar éascaíodh nó nár éascaíodh coireacht airgeadais leis an neamhchomhlíonadh nó an raibh nó nach raibh an neamhchomhlíonadh ina chúis le coireacht airgeadais nó an bhfuil nó nach bhfuil an choireacht sin inchurtha i leith an neamhchomhlíonta ar shlí eile;
- (d) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an neamhchomhlíonadh d'aon ghnó nó le faillí;
- (e) cibé acu a thugtar isteach le fionraí nó foirceannadh na socruithe conarthacha riosca do leanúnachas oibríochtaí gnó an eintitis airgeadais d'ainneoin iarrachtaí an eintitis airgeadais cur isteach ar sholáthar a sheirbhísí a sheachaint;
- (f) i gcás inarb infheidhme, an tuairim ó na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar eintiteas bunriachtanach nó tábhachtach faoi réir na Treorach sin, a ainmníodh mar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, arna iarraidh sin ar bhonn deonach i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

Deonóidh údaráis inniúla an tréimhse ama is gá d'eintitis airgeadais chun gur féidir leo na socruithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúla a choigeartú chun éifeachtaí díobhálacha ar a n-athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a sheachaint agus chun ligean dóibh straitéisí scoir agus pleananna aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 28 a chur in úsáid.

9. Maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, tabharfar fógra do chomhaltaí an Fhóraitm Formhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointí (a), (b) agus (c), agus do JON faoi.

Na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúla a ndéanann na cinní dá bhforáiltear i mír 6 dífeair dóibh, comhoibreoidh siad go hiomlán leis na heintitis airgeadais a mbeidh tionchar orthu, go háirithe i gcomhthéacs an phróisis maidir lena socruithe conarthacha a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

10. Cuirfidh na húdaráis inniúla an Príomh-Fhormhaoirseoir ar an eolas go rialta faoi na cuir chuige agus na bearta arna ndéanamh ina gcúraimí maoirseachta i ndáil le heintitis airgeadais agus faoi na socruithe conarthacha arna gcur i gcrích ag na heintitis airgeadais i gcás nach mbeidh moltaí a ndíreoidh an Príomh-Fhormhaoirseoir orthu formhuinthe go páirteach ná go hiomlán ag soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí TFC tríú páirtí chriticiúla.

11. Féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, arna iarraidh sin, tuilleadh soiléirithe a thabhairt ar na moltaí a eisíodh chun treoir a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir leis na bearta leantacha.

Airteagal 43

Táillí maoirseachta

1. Déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, i gcomhréir leis an ngníomh tarmlogthe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, táillí a ghearradh ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúla a chumhdaíonn caiteachas riachtanach an Phríomh-Fhormhaoirseora go hiomlán i ndáil le cúraimí formhaoirseachta a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear aisíocaíocht aon chostas a d'fhéadfaí a thabhtú de thoradh ar obair a dhéanann an fhoireann scrúdúcháin chomhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 40, chomh maith le costas a thugann na saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 32(4), an dara fómhír, maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme gníomhaíochtaí formhaoirseachta díreacha.

Leis an táille a ghearrtar ar sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí chriticiúil, cumhdófar na costais go léir ag éirí as feidhmiú na ndualgas a leagtar amach sa Roinn seo agus is rud é a bheidh comhréireach lena chuid láimhdeachais.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmlogthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh ach méid na dtáillí a chinneadh mar aon leis an gcaoi a gcaithfear a n-íoc faoi 17 Iúil 2024.

*Airteagal 44***Comhar idirnáisiúnta**

1. Gan dochar d'Airteagal 36, féadfaidh ÚBE, ÚEUM agus ÚEÁPC, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach, socruithe riaracháin a chur i gcrích le húdaráis mhaoirseachta agus rialála tríú tír chun comhar idirnáisiúnta a chothú maidir le riosca TFC tríú páirtí ar fud earnálacha airgeadais éagsúla, go háirithe trí dhea-chleachtais a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe agus cleachtais bainistithe riosca, bearta maolaithe agus freagairtí teagmhais i dtaca le TFC.

2. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, tuarascáil rúnda chomhpháirteach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin gach 5 bliana ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na bpléití ábhartha a rinneadh le húdaráis na dtíú tíortha dá dtagraítear i mír 1, ag díriú ar theacht chun cinn an riosca TFC tríú páirtí agus ar na himpleachtaí le haghaidh na cobhsaíochta airgeadais, shláine an mhargaidh, cosaint infheisteoirí agus fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

CAIBIDIL VI***Socruithe maidir le comhroinnt faisnéise****Airteagal 45***Socruithe comhroinnte faisnéise i dtaca le heolas maidir le cibearbhagairtí agus cibearfhaisnéis**

1. Féadfaidh eintitis airgeadais eolas maidir le cibearbhagairtí agus cibearfhaisnéis a mhalartú eatarthu féin, lena n-áirítear táscairí comhréitigh, oirbheartaíocht, teicnicí, agus nósanna imeachta, foláirimh chibearshlándaála agus uirlisí cumraíochta, a mhéid gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an gcomhroinnt eolais agus faisnéise sin:

- (a) is é is aidhm di athléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais a fheabhsú, go háirithe trí fheasacht a ardú i ndáil le cibearbhagairtí, cumas scaipthe na gcibearbhagairtí a theorannú nó a bhacadh, tacú le raon cumas cosanta, teicnicí braite bagairtí, straitéisí maolaithe nó céimeanna freagartha agus athshláinaithe;
- (b) déantar laistigh de phobail iontaofa d'eintitis airgeadais í;
- (c) déantar í a chur chun feidhme trí shocruithe comhroinnte faisnéise, lena gcosnaítear cineál íogair féideartha na faisnéise arna comhroinnt, agus a rialáiltear le rialacha iompraíochta agus lánurraim á tabhairt do rúndacht gnó, cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus treoirlínte maidir leis an mbeartas iomaíochta.

2. Chun críche mhír 1, pointe (c), leis na socruithe comhroinnte faisnéise, saineofar na coinníollacha rannpháirtíochta agus, i gcás inarb iomchuí, leagfar amach na mionsonraí maidir le rannpháirtíocht údarás poiblí agus an cháil ina bhféadfaidís a bheith comhlachaithe leis na socruithe comhroinnte faisnéise, agus maidir le rannpháirtíocht na soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí, agus maidir le gnéithe oibríochtúla, lena n-áirítear úsáid ardán TF tiomnaithe.

3. Tabharfaidh eintitis airgeadais fógra d'údaráis inniúla maidir lena rannpháirtíocht sna socruithe comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 1, tar éis bhailíochtú a mballraíochta, nó, mar is infheidhme, maidir le scor a mballraíochta, a thúsce a bheidh éifeacht leis.

CAIBIDIL VII

Údarás inniúla

Airteagal 46

Údarás inniúla

Gan dochar do na forálacha maidir leis an gCreat Formhaoirseachta le haghaidh soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla dá dtagraítear i gCaibidil V, Roinn II, den Rialachán seo, maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo, is iad na húdarás inniúla seo a leanas a áiríteoidh é sin i gcomhréir leis na cumhachtaí a dheonaítear leis na gníomhartha ábhartha dlí:

- (a) i gcás institiúidí creidmheasa agus i gcás institiúidí atá díolmhaithe de bhun Threoir 2013/36/AE, an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin, agus i gcás institiúidí creidmheasa a aicmítear a bheith suntasach i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, BCE i gcomhréir leis na cumhachtaí agus na cúraimí a thugtar leis an Rialachán sin;
- (b) i gcás institiúidí íocaíochta, lena n-áirítear institiúidí íocaíochta atá díolmhaithe de bhun Threoir (AE) 2015/2366, institiúidí ríomh-airgid, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe de bhun Threoir 2009/110/CE, agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntais dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2015/2366, an t-údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2015/2366;
- (c) i gcás gnólachtaí infheistíochta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁸⁾;
- (d) i gcás soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní mar a údaraítear faoi an Rialachán maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní agus eisceitheoirí licíní sócmhainn-tagartha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir leis an bhforáil ábhartha den Rialachán sin;
- (e) i gcás taisclanna lárnacha urrús, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;
- (f) i gcás contrapháirtithe lárnacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- (g) i gcás ionaid trádála agus soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 67 de Threoir 2014/65/AE, agus an t-údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (18), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014;
- (h) i gcás stórtha trádála, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;
- (i) i gcás bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 44 de Threoir 2011/61/AE;
- (j) i gcás cuideachtaí bainistíochta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 97 de Threoir 2009/65/CE;
- (k) i gcás gnóthais árachais agus atharachais, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2009/138/CE;
- (l) i gcás idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe atharachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir (AE) 2016/97;
- (m) i gcás institiúidí um sholáthar pinsean ceirde, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 47 de Threoir (AE) 2016/2341;
- (n) i gcás gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009;
- (o) i gcás riarthóirí tagarmharcanna criticiúla, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 41 de Rialachán (AE) 2016/1011;

⁽³⁸⁾ Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

- (p) i gcás soláthraithe seirbhísí sluachstiúcháin, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2020/1503;
- (q) i gcás stórtha urrúsúcháin, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 14(1) de Rialachán (AE) 2017/2402.

Airteagal 47

Comhar le struchtúir agus údaráis a bhunaítear le Treoir (AE) 2022/2555

1. Chun comhar a chothú agus malartuithe maoirseachta a chumasú idir na húdaráis inniúla a ainmnítear faoin Rialachán seo agus an Grúpa Comhair a bhunaítear le hAirteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh ÚMEnna agus na húdaráis inniúla a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhair i ndáil le hábhair a bhaineann lena ngníomhaíochtaí maoirseachta maidir le heintitis airgeadais. Féadfaidh ÚMEnna agus na húdaráis inniúla a iarraidh go dtabharfaí cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhair i ndáil le hábhair maidir le heintitis bhunriachtanacha nó thábhachtacha faoi réir Threoir (AE) 2022/2555 a ainmníodh freisin mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla de bhun Airteagal 31 den Rialachán seo.
2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh údaráis inniúla dul i gcomhairle agus faisnéis a chomhroinnt leis na pointí teagmhála aonair agus na CSIRTanna arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555.
3. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh údaráis inniúla aon chomhairle agus aon chúnamh teicniúil ábhartha a iarraidh ar na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal [X] de Threoir (AE) 2022/2555 agus socruithe comhair a bhunú chun gur féidir sásraí comhordúcháin méar-fhreagartha éifeachtacha a chur ar bun.
4. Sna socruithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, féadfar, *inter alia*, na nósanna imeachtaí a shonrú le haghaidh chomhordú na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus formhaoirseachta, maidir le heintitis bhunriachtanacha nó thábhachtacha faoi réir Threoir (AE) 2022/2555 a ainmníodh mar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla de bhun Airteagal 31 den Rialachán seo, lena n-áirítear i ndáil le himscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chomh maith le sásraí chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir leis an Treoir sin ina n-áirítear rochtain ar fhaisnéis arna hiarraidh ag na húdaráis inniúla sin.

Airteagal 48

Comhar idir na húdaráis

1. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla go dlúth eatarthu féin agus, i gcás inarb infheidhme, leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir.
2. Déanfaidh údaráis inniúla agus an Príomh-Fhormhaoirseoir an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a mhalartú go frithpháirteach, ar faisnéis í atá riachtanach dóibh chun a ndualgais faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le rioscaí, cineálacha cur chuige agus bearta sainaitheanta arna ndéanamh mar chuid de chúraimí maoirseachta an Phríomh-Fhormhaoirseora.

Airteagal 49

Cleachtaí, cumarsáid agus comhar trasearnála airgeadais

1. Féadfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i gcomhar leis na húdaráis inniúla, leis na údaráis réitigh náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/59/AE, le BCE, leis an mBord Réitigh Aonair a mhéid a bhaineann le faisnéis a bhaineann le heintitis a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, le BERS agus le ENISA, de réir mar is iomchuí, sásraí a bhunú ionas gur féidir cleachtais éifeachtacha a chomhroinnt ar fud na n-earnálacha airgeadais chun an fheasacht staide a fheabhsú agus chun cibirleochaileachtaí comhchoiteanna agus rioscaí ar fud na n-earnálacha a shainaithint.

Féadfaidh siad cleachtaí bainistithe géarchéime agus teagmhasacha a fhorbairt lena mbaineann cásanna cibirionsaí d'fhonn cainéil chumarsáide a fhorbairt agus freagairt chomhordaithe éifeachtach a chumasú de réir a chéile ar leibhéal an Aontais i gcás mórtheagmhas trasteorann a bhaineann le TFC nó i ndáil le bagairt eile ag a bhfuil tionchar sistéamach ar earnáil airgeadais an Aontais ina hiomláine.

Leis na cleachtaí sin, féadfar, de réir mar is iomchuí, spleáchais na hearnála airgeadais ar earnálacha eacnamaíocha eile a thástáil.

2. Comhoibreoidh údaráis inniúla, ÚMEnna agus BCE go dlúth le chéile agus malartóidh siad faisnéis eatarthu féin chun a ndualgais de bhun Airteagail 47 go 54 a dhéanamh. Déanfaidh siad a gcuid maoirseachta a chomhordú go dlúth chun sárúithe ar an Rialachán seo a shainaithint agus a réiteach, chun dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun comhoibriú a éascú, chun comhsheasmhacht maidir le léiriú a chothú agus chun measúnuithe trasdlínse a sholáthar i gcás aon easaontuithe.

Airteagal 50

Pionóis riaracháin agus bearta feabhais

1. Na cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha agus smachtbhannaí uile is gá do na údaráis inniúla chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, is cumhachtaí iad a bheidh faoin Rialachán seo.

2. Áireofar, ar a laghad, ar na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1, na cumhachtaí seo a leanas:

- (a) rochtain ar aon doiciméad nó sonraí a shealbhaítear in aon fhoirm agus a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha chun a dhualgais a fheidhmiú agus cóip den mhéid sin a fháil nó a dhéanamh;
- (b) cigireachtaí nó imscrúduithe ar an láthair a dhéanamh, lena n-áireofar an méid a leanas gan a bheith teoranta dó;
 - (i) ionadaithe na n-eintitesa tríú páirtí a thoghairm agus a iarraidh orthu mínithe ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar fhíorais nó doiciméid a bhaineann le hábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, agus na freagraí a thaifeadadh;
 - (ii) agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhaineann le hábhar imscrúdaithe a bhailiú;
- (c) bearta ceartaitheacha agus feabhais a éileamh le haghaidh sárúithe ar cheanglais an Rialacháin seo.

3. Gan dochar do cheart na mBallstát pionóis choiriúla a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 52, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha lena mbunófar pionóis riaracháin iomchuí agus bearta feabhais i gcás sárúithe ar an Rialachán seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.

Beidh na pionóis agus na bearta sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Tabharfaidh na Ballstáit an chumhacht d'údaráis inniúla na pionóis riaracháin nó na bearta feabhais seo a leanas ar a laghad a chur i bhfeidhm i gcás sárúithe ar an Rialachán seo:

- (a) ordú a eisiúint ina n-éilítear ar an duine nádúrtha nó dlítheanach scor den iompraíocht a sháraíonn an Rialachán seo agus staonadh ón iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;
- (b) a éileamh go scoirfear go sealadach nó go buan d'aon chleachtas nó iompraíocht a mheasann an t-údarás inniúil a bheith contrártha le forálacha an Rialacháin seo, agus cosc a chur ar an gcleachtas nó ar an iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;
- (c) aon chineál birt a ghlacadh, lena n-áirítear de chineál airgid, chun a áiritiú go leanfaidh eintitis airgeadais de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dlí;
- (d) a mhéid a cheadaítear leis an dlí náisiúnta, taifid de thrácht sonraí atá ann cheana agus a shealbhaíonn oibreoir teileachumarsáide a éileamh, i gcás ina mbeidh amhras réasúnach ann go bhfuil sárú á dhéanamh ar an Rialachán seo agus i gcás ina bhféadfaidh na taifid sin a bheith ábhartha d'imscrúdú ar shárúithe ar an Rialachán seo; agus
- (e) fógraí poiblí a eisiúint, lena n-áirítear ráitis phoiblí lena léirítear céannacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh agus cineál an tsárúithe.

5. I gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2, pointe (c), agus ag mír 4 maidir le daoine dlítheanacha, tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis inniúla na pionóis riaracháin agus na bearta feabhais a chur i bhfeidhm, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, maidir le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta, agus maidir le daoine aonair eile atá freagrach as an sárú faoin dlí náisiúnta.

6. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh aon chinneadh maidir le pionóis riaracháin nó bearta feabhais a leagtar amach i mír 2, pointe (c), a fhorchur, réasúnaithe mar is ceart agus go mbeidh sé faoi réir cead achomhairc.

Airteagal 51

Feidhmiú na cumhachta chun pionóis riaracháin agus bearta feabhais a fhorchur

1. Feidhmeoidh údaráis inniúla na cumhachtaí chun pionóis riaracháin agus bearta feabhais a fhorchur dá dtagraítear in Airteagal 50 i gcomhréir lena gcreataí dlí náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, mar a leanas:

- (a) go díreach;
- (b) i gcomhar le húdaráis eile;
- (c) faoin bhfreagracht atá orthu trí tharmligean chuig údaráis eile; nó
- (d) trí iarratas a dhéanamh chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

2. Nuair atá an cineál agus an leibhéal pionóis riaracháin nó birt feabhais atá le forchur faoi Airteagal 50 á gcinneadh acu, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh an d'aon ghnó nó an de thoradh ar fhaillí a rinneadh an sárú maille leis na himthosca ábhartha uile eile, lena n-áirítear an méid a leanas, i gcás inarb iomchuí:

- (a) ábharthacht, troime na cúise, agus fad an tsáraithe;
- (b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú;
- (c) acmhainn airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach;
- (d) méid na mbrabús a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach nó méid na gcaillteanas a sheachain an duine sin, a mhéid is féidir iad a chinneadh;
- (e) cailteanas trío páirtithe de dheasca an tsáraithe, a mhéid is féidir iad a chinneadh;
- (f) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá le haisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin, nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain an duine nádúrtha nó dlítheanach sin, a áirithiú;
- (g) sárúithe eile roimhe seo a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach.

Airteagal 52

Pionóis choiriúla

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan rialacha a leagan síos maidir le pionóis riaracháin nó bearta feabhais i gcás sárúithe atá faoi réir pionóis choiriúla faoina ndlí náisiúnta féin.

2. I gcás inar chinn Ballstáit pionóis choiriúla a leagan síos as sárú ar an Rialachán seo, áiríteoidh siad go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh na cumhachtaí uile is gá ag na húdaráis inniúla chun idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha, údaráis ionchúisimh, nó údaráis um cheartas coiriúil laistigh dá ndlínse chun faisnéis shonrach a fháil i ndáil le himscrúduithe nó imeachtaí coiriúla a thionscnaítear de dheasca sárúithe ar an Rialachán seo agus chun an fhaisnéis chéanna a sholáthar d'údaráis inniúla eile agus do ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC chun a n-oibleagáidí i gcomhoibriú le chéile chun críocha an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 53***Dualgais fógartha**

Tabharfaidh na Ballstáit fógra i dtaobh na ndlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme, lena n-áirítear aon fhorálacha ábhartha den dlí coiriúil, don Choimisiún, do UEUM, ÚBE agus ÚEÁPC faoin 17 Eanáir 2025. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, do UEUM, ÚBE agus ÚEÁPC gan moill mhíchúí faoi aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin orthu.

*Airteagal 54***Pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm**

1. Déanfaidh údarás inniúla aon chinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin nach bhfuil aon achomharc ina choinne a fhoilsiú gan moill mhíchúí ar a suíomhanna gréasáin oifigiúla tar éis fógra a bheith tugtha do sheolaí an phionóis faoin gcinneadh sin.
2. San fhoilseachán dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoi chineál agus nádúr an tsáraithe agus faoi chéannacht na ndaoine atá freagrach as agus faoi na smachtbhannaí a forchuireadh.
3. Más rud é go measann an t-údarás inniúil, tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh, go mbeadh sé neamhréireach céannacht an duine a fhoilsiú, i gcás daoine dlítheanacha, nó céannacht agus sonraí pearsanta, i gcás daoine nádúrtha, lena n-áirítear rioscaí maidir le cosaint sonraí pearsanta, nó go gcuirfí cobhsaíocht na margaí airgeadais nó saothrú imscrúdaithe choiriúil leanúnaigh i mbaol leis an bhfoilsiú nó go ndéanfaí, a mhéid a fhéadfar sin a chinneadh, díobháil neamhréireach don duine lena mbaineann mar thoradh ar an bhfoilsiú, glacfaidh sé ceann amháin de na réitigh seo a leanas i leith an chinnidh lena bhforchuirtear pionóis riaracháin:
 - (a) foilsiú a chur siar go dtí nach ann d'aon chúis gan é a fhoilsiú;
 - (b) é a fhoilsiú ar bhonn anaithnid, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; nó
 - (c) gan é a fhoilsiú, i gcás ina meastar nach bhfuil na roghanna a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) leordhóthanach chun a ráthú nach mbeadh aon bhaol ann do chobhsaíocht na margaí airgeadais, nó i gcás nach mbeadh foilsiú den sórt sin i gcomhréir le trócaire an phionóis a fhorchuirtear.
4. I gcás ina ndéanfar cinneadh pionós riaracháin a fhoilsiú ar bhonn anaithnid i gcomhréir le mír 3, pointe (b), féadfar foilsiú na sonraí ábhartha a chur siar.
5. I gcás ina ndéanfaidh údarás inniúil cinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin a bhfuil achomharc ina choinne a fhoilsiú os comhair na n-údarás breithiúnach ábhartha, déanfaidh údarás inniúla an fhaisnéis sin agus aon fhaisnéis ghaolmhar ina dhiaidh sin maidir le toradh an achomhairc sin a chur ar a suíomh gréasáin oifigiúil láithreach. Aon chinneadh breithiúnach lena gcuirtear ar neamhní cinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin, foilseofar é freisin.
6. Áiritheoidh na húdarás inniúla nach bhfanfaidh aon fhoilseachán dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 ar a suíomh gréasáin oifigiúil ach ar feadh na tréimhse is gá chun an tAirteagal seo a thabhairt chun cinn. Ní rachaidh an tréimhse sin thar 5 bliana tar éis a fhoilsiú.

*Airteagal 55***Rúndacht ghairmiúil**

1. Cuirfeadh aon fhaisnéis rúnda a gheofar, a mhalartófar nó a tharchuirfeadh de bhun an Rialacháin seo faoi réir choinníollacha na rúndachta gairmiúla a leagtar síos i mír 2.
2. Tá feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis na daoine ar fad a oibríonn nó a d'oibrigh do na húdarás inniúla de bhun an Rialacháin seo, nó d'aon údarás nó gnóthas margaidh nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ndearna na húdarás inniúla sin a gcumhachtaí a tharmligean chucu, lena n-áirítear iniúcháirí agus saineolaithe faoi chonradh acu.

3. Ní fhéadfar faisnéis atá cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil, lena n-áirítear malartú faisnéise i measc údaráis inniúla faoin Rialachán seo agus údaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 a nochtadh d'aon duine nó údarás eile ach amháin de bhua forálacha a leagtar síos le dlí na Aontais nó leis an dlí náisiúnta;

4. Maidir leis an bhfaisnéis uile a dhéantar a mhalartú idir na húdaráis inniúla de bhun an Rialacháin seo agus a bhaineann le dálaí gnó nó oibríochtúla agus le gnóthaí pearsanta nó eacnamaíocha eile, measfar gur faisnéis rúnda í agus cuirfear í faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina sonrúidh an t-údarás inniúil tráth na cumarsáide go bhféadfar an fhaisnéis sin a nochtadh nó i gcás ina mbeidh an nochtadh sin riachtanach le haghaidh imeachtaí dlíthiúla.

Airteagal 56

Slándáil sonraí

1. Ní cheadófar do ÚMEnna ná do na húdaráis inniúla sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin i gcás inar gá chun a n-oibleagáidí agus a ndualgais faoi seach a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo, go háirithe maidir le himscrúdú, cigireacht, iarraidh ar fhaisnéis, cumarsáid, foilsiú, meastóireacht, fíorú, measúnú agus dréachtú pleananna formhaoirseachta. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725, cibé acu is infheidhme.

2. Seachas i gcás ina bhforáiltear a mhalairt i ngníomhartha earnaála eile, coinneofar na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 go dtí go gcomhlíonfar na dualgais mhaoirseachta is infheidhme agus in aon chás ar feadh uastréimhse 15 bliana, ach amháin i gcás imeachtaí cúirte atá ar feitheamh ar gá na sonraí sin a choinneáil tuilleadh lena n-aghaidh.

CAIBIDIL VIII

Gníomhartha tarmligthe

Airteagal 57

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 31(6) agus 43(2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ó 17 Eanáir 2024. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 31(6) agus 43(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmlichte arna ghlacadh de bhun Airteagail 31(6) agus 43(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL IX

Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Roinn I

Airteagal 58

Clásal athbhreithnithe

1. Faoin 17 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le ÚMenna agus BERS, de réir mar is iomchuí, athbhreithniú agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach. Áireofar san athbhreithniú an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) na critéir chun soláthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 31(2);
- (b) cineál deonach an fhógra ar chibearbhagairtí suntasacha dá dtagraítear in Airteagal 19;
- (c) an córas dá dtagraítear in Airteagal 31(12) agus cumhachtaí an Phríomh-Fhormhaoirseora dá bhforáiltear in Airteagal 35(1), pointe (d), pointe (iv), an chéad fhleasc, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le formhaoirseacht éifeachtach a áirithiú ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla atá bunaithe i dtríú tír, agus ar an ngá atá ann fochuideachta a bhunú san Aontas.

Chun críocha na chéad fhomhíre den phointe seo, áireofar san athbhreithniú anailís ar an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 31(12), lena n-áirítear i dtéarmaí rochtana d'eintitis airgeadais an Aontais ar sheirbhísí ó thríú tíortha agus infhaighteacht seirbhísí den sórt sin ar mhargadh an Aontais agus cuirfear san áireamh ann forbairtí breise sna margáí le haghaidh na seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, taithí phraiticiúil na n-eintiteas airgeadais agus na maoirseoirí airgeadais maidir leis an gcóras sin a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh air, faoi seach, agus aon fhorbairtí rialála agus maoirseachta ábhartha a tharlaíonn ar an leibhéal idirnáisiúnta.

- (d) a iomchuí atá sé eintitis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (e), a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, agus úsáid á baint as córais díolachán uathoibrithe, i bhfianaise forbairtí sa mhargadh amach anseo maidir le húsáid córas den sórt sin;
- (e) feidhmiú agus éifeachtacht JON ó thaobh tacú le comhsheasmhacht na maoirseachta agus éifeachtúlacht an mhalartaithe faisnéise laistigh den Chreat Formhaoirseachta.

2. I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/2366, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le cibear-athléimneacht mhéadaithe i gcórais íocaíochta agus gníomhaíochtaí próiseála íocaíochta agus ar a iomchuí atá sé raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig oibreoirí córas íocaíochta agus eintitis a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí próiseála íocaíochta. I bhfianaise an mheasúnaithe sin, déanfaidh an Coimisiún, mar chuid den athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2366, tuarascáil a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná 17 Iúil 2023.

Bunaithe ar an tuarascáil athbhreithnithe sin, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ÚMenna, BCE agus BERS, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus mar chuid den togra reachtach a fhéadfaidh sé a ghlacadh de bhun Airteagal 108, an dara mír, de Threoir (AE) 2015/2366, togra a thíolacadh chun a áirithiú go mbeidh oibreoirí uile na gcóras íocaíochta agus na heintitis uile a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí próiseála íocaíochta faoi réir formhaoirseachta iomchuí, agus maoirseacht ag an mbanc ceannais atá ann cheana á cur san áireamh.

3. Faoin 17 Eanáir 2026, tar éis dó dul i gcomhairle leis na UMEnna agus le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na gComhairle, lena ngabhfáidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach maidir lena iomchuí atá ceanglais neartaithe le haghaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a mhéid a bhaineann le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil, trí bhithin iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo nó trí bhithin leasuithe ar Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁹⁾.

Roinn II

Leasuithe

Airteagal 59

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, Roinn A, pointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“Beidh nósanna imeachta riaracháin agus cuntasáíochta slán, sásraí rialaithe inmheánaigh slána, nósanna imeachta éifeachtacha um measúnú riosca, agus socruithe éifeachtacha rialaithe agus cosanta ag gníomhaireacht rátála creidmheasa chun córais TFC a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(*) .

^(*) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).”.

(2) In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12:

“12. Sáraíonn an ghníomhaireacht rátála creidmheasa Airteagal 6(2), i dteannta phointe 4 de Roinn A d'Iarscríbhinn I, i gcás nach bhfuil nósanna imeachta fóna riaracháin nó cuntasáíochta, sásraí rialaithe inmheánaigh, nósanna imeachta éifeachtacha um measúnú riosca, nó socruithe éifeachtacha rialaithe nó cosanta aici chun córais TFC a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ; nó i gcás nach ndéanann sí nósanna imeachta cinnteoireachta nó struchtúir eagraíochtúla a chur chun feidhme agus a chothabháil, mar a cheanglaítear leis an bpointe sin.”.

Airteagal 60

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Coinneoidh agus oibreoidh contrapháirtí lárnach struchtúr eagraíochtúil a áirithíonn leanúnachas agus feidhmiú ordúil i gcomhlíonadh a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí. Bainfidh sé leas as córais, acmhainní agus nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach, lena n-áirítear córais TFC arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(*) .

^(*) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2011, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).”.

⁽³⁹⁾ Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

(b) scriostar mír 6;

(2) leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh contrapháirtí lárnach beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, ina mbeidh beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC a chuirtear ar bun agus a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 san áireamh, arb é is aidhm dóibh a chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí an chontrapháirtí lárnaigh a chomhlíonadh.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, déanfaidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus MargaíÚEUM, tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonraítear ábhar agus ceanglais íosta an bheartais leanúnachais gnó agus an phlean athshlánaithe ó thubaiste, seachas beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste.”;

(3) in Airteagal 56(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“3. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú, seachas i gcás na gceanglas i ndáil le bainistíocht rioscaí TFC, mionsonraí an iarratais ar chlárú dá dtagraítear i mír 1.”;

(4) in Airteagal 79, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Sainithneoidh stór trádála na foinsí riosca oibríochtúil go léir agus déanfaidh sé iad a íoslaghdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt, lena n-áirítear córais TFC arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 .

2. Déanfaidh stór trádála beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, lena n-áirítear beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC a chuirtear ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéantar a chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí an chontrapháirtí lárnaigh a chomhlíonadh.”;

(5) in Airteagal 80, scriostar mír 1.

(6) in Iarscríbhinn I, leasaítear Roinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

“(a) sáraíonn stór trádála Airteagal 79(1) más rud é nach sainithníonn sé foinsí riosca oibríochtúil nó nach ndéanann sé iad a íoslaghdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta atá iomchuí a fhorbairt, lena n-áirítear córais TFC arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 . ;

(b) sáraíonn stór trádála Airteagal 79(2) mura ndéanann sé beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéantar a chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a athshlánú go tráthúil, agus oibleagáidí an stóir trádála a chomhlíonadh.”;

(b) scriostar pointe (c).

(7) leasaítear Iarscríbhinn III mar seo a leanas:

(a) leasaítear Roinn II mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 26(3) mura ndéanann sé struchtúr eagraíochtúil a chothabháil nó a oibriú lena n-áirithítear leanúnachas agus feidhmiú ordúil i bhfeidhmiú a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí nó mura mbaineann sé úsáid as córais, acmhainní nó nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach, lena n-áirítear córais TFC arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 .”;

(ii) scriostar pointe (f).

(b) i Roinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) sáraíonn CPL Leibhéal 2 Airteagal 34(1) mura ndéanann sé beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean freagartha agus athshlánaithe i gcás tubaiste arna gcur ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, a bhunú, a chur chun feidhme nó a choinneáil, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéantar a chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí CPL a chomhlíonadh, lena gceadaítear ar a laghad na hidirbhearta ar fad a athshlánú tráth an bhriste de dhroim an phlean sin ionas gur féidir leis an CPL leanúint ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta;”.

Airteagal 61

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

Leasaítear Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Sainnithneoidh TLU na foinsí a bhaineann le riosca oibríochtúil, idir inmheánach agus seachtrach, agus íoslaghódh sí a dtionchar freisin trí úsáid a bhaint as uirlisí, próisis agus beartais TFC iomchuí arna gcur ar bun agus arna mbainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus trí aon uirlisí, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí ábhartha eile maidir le cineálacha rioscaí oibríochtúla eile, lena n-áirítear le haghaidh na gcóras socraíochta urrús go léir a oibríonn sí.

(* Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).”;

(2) scriostar mír 2;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

“3. Le haghaidh na seirbhísí a sholáthraíonn sí agus le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibreoidh sí, déanfaidh TLU beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste, lena n-áirítear beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554, a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, ionas go n-áiritheofar caomhnú a sheirbhísí, athshlánú tráthúil na n-oibríochtaí agus comhlíonadh oibleagáidí TLU i gcás imeachtaí lena mbainfeadh riosca suntasach go cuirfí isteach ar oibríochtaí.

4. Leis an bplean dá dtagraítear i mír 3, déanfar foráil maidir le hathshlánú gach idirbhirt agus gach seasaimh rannpháirtí tráth an chur isteach ionas go bhféadfaidh rannpháirtithe TLU leanúint orthu ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeifear in ann córais TF chriticiúla a chur ag obair ó thráth an chur isteach dá bhforáiltear in Airteagal 12(5) agus (7) de Rialachán (AE) 2022/2554.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Sainnithneoidh agus bainisteoidh TLU na rioscaí ó thaobh a oibríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le príomh-rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús a oibreoidh sé, agus le soláthraithe seirbhísí agus fónais, le TLU na eile nó le bonnegair eile mhargaidh agus déanfaidh sé faireachán orthu. Cuirfidh sé faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla agus ábhartha maidir le haon riosca den chineál sin a shainnithneofar, ach a n-iarrfar sin. Cuirfidh sé an t-údarás inniúil agus na húdaráis ábhartha ar an eolas freisin gan mhoill faoi aon imeacht oibríochtúil a eascróidh as rioscaí den chineál sin, seachas i ndáil le riosca TFC.”;

(5) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“7. Forbróidh ÚEUM, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun go saineofar na rioscaí oibríochtúla dá dtagraítear i míreanna 1 agus 6, seachas riosca TFC, na modhanna chun na rioscaí sin a thástáil, chun aghaidh a thabhairt orthu nó chun iad a íoslaghú, lena n-áirítear na beartais um leanúnachas gnó agus na pleananna athshlánaithe ó thubaiste dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus na modhanna chun measúnú a dhéanamh orthu.”.

*Airteagal 62***Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 27g mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Comhlíonfaidh APA na ceanglais a bhaineann le slándáil córas gréasán agus faisnéise a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).”

(*) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO J 333, 27.12.2022, lch. 1).”;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i míreanna 3 agus 5.”;

(2) leasaítear Airteagal 27h mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Comhlíonfaidh CTP na ceanglais a bhaineann le slándáil córas gréasán agus faisnéise a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554.”.

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i mír 4.”;

(3) leasaítear Airteagal 27i mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Comhlíonfaidh ARM na ceanglais maidir le slándáil córas gréasán agus faisnéise a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554.”;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i míreanna 2 agus 4.”.

*Airteagal 63***Leasú ar Rialachán (AE) 2016/1011**

In Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/1011, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“6. Le haghaidh tagarmharcanna criticiúla, beidh nósanna imeachta riaracháin agus cuntasáíochta slán, sásraí rialaithe inmheánaigh slána, nósanna imeachta éifeachtacha um measúnú riosca, agus socruithe éifeachtacha rialaithe agus cosanta ag riarthóir chun córais TFC a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).”

(*) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch1).”.

*Airteagal 64***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Nollaig 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BEK
